

Ár nDomhan, An Saol Romhainn

Acmhainn mhúinteoireachta, i leith na forbartha,
don dTíreolaíocht Sinsearach Bhunscoile,
don gCúigiú agus don Séú Rang



Irish Aid

Department of Foreign Affairs
An Roinn Gnóthaí Eachtracha



Scríobh Owen McCarthy an paca seo.

Gabhaimid mór-bhuíochas as obair an Choiste Chomhairligh, leis na múinteoirí agus leis na h-oideachasóirí forbartha a thug a gcuid chomhairle.

Coiste Comhairleach: Cathy Roche, Geraldine O'Connor, Barbara O'Toole agus Mary Gannon.

Fuarthas íomhá an chlúdaigh thosaigh le caoin-chead ó Concern.

Summia, 12 bliana d'aois, Moslam Shia ón ngrúpa daoine Hazara – ó thuaisceart na hAfganastáine. Tá Summia ag freastal ar Ionad Foghlamtha Athsmaoinimh le h-aghaidh cailíní ins na déaga i Mominabad ar imeall Quetta – atá á rith ag ENR áitiúil, IDSP agus á mhaoiniú ag Concern. An Phacastáin Fabienne Fosse Concern

Ár nDomhan, An Saol Romhainn

Clár

Brollach		4
Réamhrá		5
Úsáid na h-acmhainne seo		6
Paca na n-Grianghraf		7
Leathanach-Eolais na dTíortha do Dhaltáí		10
Léarscáil na hAfraice do Dhaltáí		11
Aonad 1		13
Idirspiléachas	Ceacht 1 Ár nDomhan	15
	Ceacht 2 Saoil Idirspiléach	18
	Ceacht 3 Domhan Éagotherm	22
Aonad 2		25
Ceartha agus	Ceacht 1 Riachtanais Uilíocha	27
Dualgais	Ceacht 2 An Domhan Ceart	30
	Ceacht 3 Domhan Freagrach	33
Aonad 3		37
Forbairt:	Ceacht 1 Athrú agus Forbairt: Phearsanta agus Áitiúil	39
Áitiúil agus Domhanda	Ceacht 2 Athrú agus Forbairt: Pháirtíochta	42
	Ceacht 3 Ról na hÉireann i nDomhan atá ag Forbairt	45
	Ceacht 4 Clár Tíortha Forbartha na hÉireann	50
	Ceacht 5 Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise (AFM)	52
	Ceacht 6 AFM: Trádáil Chothrom agus Páirtíocht	54
	Ceacht 7 AFM: Réidh le h-aghaidh Ghníomhaíochta	56
Aonad 4		61
Forbairt:	Ceacht 1 An Fhoraois Bhaistí a Fhorbairt:	63
	Smaointí ó Mhadagascar	
An Timpeallacht	Ceacht 2 Caring for our Environment	67
	Ceacht 3 Dán: Prayer of the Tree	70
Aonad 5		75
Forbairt:	Ceacht 1 Freagra ar Ghorta	77
Ag obair i dtreo	Ceacht 2 Gergera: Forbairt san Aetóip: An Fhadhb	82
todhchaí níos fearr	Ceacht 3 Gergera: Forbairt san Aetóip: An Réiteach	84
	Ceacht 4 Cúig cinn de Saol ar Bhóthar Pachwa: Uganda	88
	Ceacht 5 Crann na Beatha: Mósaimbíc	92
Aonad 6		95
Leanaí mar Shaoránaigh	Ceacht 1 Leanaí na Sráide	97
	Ceacht 2 Domhan Oiriúnach do Leanaí	100
	Ceacht 3 Sprioc Dáta: 2015	103
	Coinbhinsiún ar Chearta an Linbh	104

Brollach

Tá ár gcuid leanaí ag maireachtaíl le rogha agus caoi níos leithne acu ná mar a bhí riamh. Ag an am gcéanna maireann siad ar domhan deighilte go domhain ina mhaireann duine amháin as gach cúigear i mbochtaineacht leithliseach, ina bhfaigheann 30,000 leanbh bás gach lá le galair inseachanta agus go bhfuil na glúin faoi láthair agus na glúin amach anseo ag féachaint ar iarmhartaí bhriseadh síos na timpeallacha.

Siad leanaí agus ógánaigh an lae inniu a thiocfaidh ar chinneadh, ar a gconlán féin, amach anseo, mar shaoránaigh agus mar cheannairí. Nílimid in ann an todhchaí a léamh ach is féidir linn a bheith cinnte go mbeidh orthu aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ghéara i dtaobh raon fadhbanna i saol atá ag athrú ina bhfuil níos mó agus níos daoine ag braith ar a chéile.

Ins an gcomhthéacs seo tá Cúnamh Éireann tar éis an fhoinsé nua foghlama seo a chur ar fáil “*Ár ndomhan, An Saol Romhainn*”, ar an dtéama forbairt, do ranganna Tíreolaíochta 5 agus 6 na mBunscol.

Beidh na daltaí a úsáidfídh an fhoinsé seo mar aosaigh óga sa bhliain 2015, sé sin an sprioc bhliain do bhaint amach Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise. Tá sé ar leas an uile dhuine againn, agus tá sé tábhachtach do ghlúine an todhchaí, ach go h-áirithe, agus do thodhchaí ár bpláinéid, go mbainfimid amach na h-aidhmeanna seo, go bhfuil i gceist acu laghdú mór a dhéanamh ar bhochtaineacht domhanda agus forbairt inmharthana a dheimhniú do mhuintir uile an domhain.

Tá oideachas mar chuid an-thábhachtach chun caoi a thabhairt

do dhaoine a saoil féin agus saoil a leanaí a fheabhsú. Tá ról an-thábhachtach ag an oideachas in Éirinn chun tuiscint daoine a ardú ar ghnéithe faoi fhorbairt, ar bhonn áitiúil agus domhanda. Tugann oideachas forbartha an chaoi do leanaí na ceangail idir a saol féin agus saol na ndaoine i gcodanna eile den domhan a thuiscint.


Tá *Ár ndomhan An Saol Romhainn* bunaithe ar an dtuiscint go bhfuil daoine i ngach áit i dteideal tacaíochtaí áirithe bunúsacha a fháil i dtreo is gur féidir leo soláthar dóibh féin agus dá gclanna go dóthanach agus go mbeidís mar rannpháirtithe gníomhacha i bpróiseas na forbartha. Tugann sé tacaíocht, chomh maith, don dtuairim go bhfuil an domhan agus sochaí an domhain nasctha, agus dá bharr san, pé rud a tharlaíonn i gcuid amháin den domhan baineann sé linn go léir agus gur féidir torthaí uilíocha a bheith le gníomhaíochtaí áitiúla.

Ba chóir go dtuigfeadh daoine óga mar shaoránaigh an ról domhanda tábhachtach atá ag Éirinn i gcás cúnamh forbartha thar sáile. Faoi láthair, tá Éire mar an cúigiú deonaí is airde i measc tíortha an OECD, le buiséad de 745 milliún euro i 2006. Faoi mbliain 2012 tabharfaidh Éire 0.7% dá OTT do chúnamh thar sáile. Beidh sé seo mar 1.5 billiún euro ar a laghad gach bliain, agus dá bharr san tá Éire mar cheann des na deonaithe is mó ar domhan.

Tá sé tábhachtach go dtuigeann daltaí, ní h-amháin fíricí agus figiúirí an chláir chúnamh, ach na bun-chúiseanna go dtabharfaimid cúnamh, rud a léiríonn ár saíocht mar Éireannaigh agus na luachanna atá againn.

Deireann an Páipéar Bán ar Chúnamh Éireann (2006):
“Tugaimid cúnamh mar tá sé i gceart go gcabhraímid leo san leis an ganntanas is mó orthu. Ní h-é an domhandú amháin a chomhaontaíonn le céile sinn. Táimid aontaithe le céile ag ár gcomh-dhaonnacht. Ábhar buartha dúinn cinniúint daoine eile. Ón gcomh-dhaonnacht seo tagann freagracht dóibh siúd ar an ngannchuid lasmuigh de theorainn ár stáit féin... I gcás na hÉireann léiríonn soláthar an chúnamh agus ár gcomhoibriú le tíortha ag forbairt ár bhfreagracht do dhaoine eile agus ár bhfís do shochaí domhanda cothrom.”

Tugann an foinse foghlamtha seo tacaíocht do mhúinteoirí cabhrú lena ndaltaí féachaint isteach ar choincheapa na forbartha agus an chúnamh, atá mar aonaid sratha sa churaclam Tíreolaíochta. Tá sé deartha i slí a thabharfaidh ardú céime do rannpháirtíocht gníomhach agus tuiscint na ndaltaí. Tá i gceist aige réimse scileanna agus machnamh criticiúil a fhorbairt i measc daltaí chun iad a ullmhú mar shaoránaigh domhanda, i dtreo is go dtuigfidís an domhan ina gcónaíonn siad ann agus go nglacfaidís páirt i ndomhan níos fearr a chruthú.



Conor Lenihan

Aire Stáit le h-aghaidh Chomhoibriú Forbartha agus Cearta Daonna ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha, Deireadh Fómhair 2006

Réamhrá

Tá Ár nDomhan An Saol Romhainn mar fhoinsé oideachais forbartha le h-aghaidh ranganna bunscoile sinsearach, agus tá sé curtha ar fáil ag Cúnamh Éireann. Cé go bhfuil baint speisialta aige le Tíreolaíocht agus le aonad srathach Forbartha agus Cúnamh, tá sé deartha, chomh maith, chun bheith in úsáid tríd an gcuraclam agus trí na h-ábhair uile.

Molann an fhoinsé do dhaltai féachaint isteach ar mhíniú agus ar thábhacht forbairt i ndomhan an lae inniu ó thaobh dearcadh an linbh, maidir le gnéithe forbartha áitiúla agus domhanda, idirspéachas agus féin-chothú, cearta daonna, comhionannas agus ceart sóisialta. Tá béim láidir tríd is tríd ar Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise atá mar chuid lárnach do fhorbairt a thuiscint sa chomhthéacs faoi láthair.

Tá cónaí orainn i ndomhan atá tar éis dul chun cinn teicneolaíochta agus eacnamaíochta mór a bhaint amach ach go bhfuil bagairt ann dó ag éagothroime atá ag dul i méid chun teacht ar acmhainní an domhain agus ag díghrádú na timpeallachta.

Tá i gceist ag Oideachas Forbartha an tuiscint ar ár ndomhan atá ag athrú go tapa a fheabhsú, domhan ina bhfuil daoine ag braith ar a chéile agus atá éagothrom. Tá i gceist aige go nglacadh leanaí páirt i bhfiosrú, in anailís, i smaoineamh agus i ngníomh agus múineann sé dóibh gníomhú le freagracht atá in oiriúint dá bhforbairt phearsanta féin. Tá béim ar luachanna agus gríosann sé leanaí bheith gafa le gnéithe a bhaineann le cearta daonna, le cearta sóisialta agus le domhan inmharthana.

Siad Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise (AFM) ná tacar de ocht gcinn de aidhmeanna nó de spriocanna sonracha gur shínigh Éire chucu, i dteannta le 188 tír eile, sa bhliain 2000 chun bochtaineacht domhanda a laghdú agus forbairt chóir, inmharthana a

chur chun cinn. Sí 2015 an bhliain atá leagtha síos mar an sprioc-bhliain chun na h-aidhmeanna áirithe a bhaint amach maidir le gach ceann des na spriocanna seo. Níl na spriocanna insroichte ach amháin sa chás go bhfuil gach aon tír sásta lán-tacaíocht a thabhairt dóibh. Beidh an glún atá sa bhunscoil faoi láthair ar thairseach shaol na mban is na bhfear óg ag an am gcéanna is atá an scála ama AFM ag teacht chun críche agus mairfidh siad lena dtorthaí bídís olc nó maith. Tá sé den gcrúinn riachtanais go bhfuilid ullamh chun páirt a ghlacadh i gcruthú domhain atá cóir agus inmharthana.

Siad aidhmeanna sonracha na h-acmhainne seo ná *go dtuigfidh na daltaí:*

- an ceangal idir a saol féin agus saol na ndaoine in áiteanna eile ar domhan
- coincheapa agus próisis na forbartha agus an chomhionannais
- tábhacht na h-inmharthanachta agus féin-mhuiné
- na ceangail idir chearta agus dualgais

- an tábhacht a bheith mar shaoránaigh, gníomhacha domhanda, le aigne dírithe ar an domhan agus ag gníomhú go h-áitiúil
- aidhm agus feidhm Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise
- obair Chúnamh Éireann chun bochtaineacht domhanda a ísliú *forbróidh daltaí:*
- na luachanna, na scileanna agus an tuiscint ionas go mbeidís mar shaoránaigh ghníomhacha, chearta, dhomhanda

Tá súil ag Cúnamh Éireann go gcabhróidh an acmhainn seo le múinteoirí chun béim a chur ar ghnéithe cearta domhanda tríd a gcúrsa uile agus chun daltaí Éireannacha a ullmhú chun domhan níos fearr agus níos sábháilte a chruthú dóibh féin agus do dhaoine eile.

Úsáid na h-acmhainne seo

Tá struchtúr na h-acmhainne seo ceaptha chun a thaispeáint mar a thrasnaíonn nádúr an oideachais fhorbartha an churaclaim ar fad agus ag an am gcéanna é bheith dírithe ar an dTíreolaíocht.

Tá i gceist *Ár nDomhan An Saol Romhainn* d'úsáid i ranganna cúig agus sé. Tá sé cinn d'aonaid ann: go bhfuil gach ceann acu bunaithe ar choincheap faoi leith a bhaineann le forbairt:

- **Aonad 1**
Idirspiléachas
- **Aonad 2**
Cearta agus Dualgais
- **Aonad 3**
Forbairt: Áitiúil agus Domhanda
- **Aonad 4**
Forbairt: An Timpeallacht
- **Aonad 5**
Forbairt:
Ag obair do thodhchaí níos fearr
- **Aonad 6**
Leanaí mar Shaoránaigh

Tá moltaí do mhúinteoirí, eolas, gníomhaíochtaí, tagairt eangai agus bileoga oibre le fáil i ngach aonad.

B' fhéidir go mbeadh sé oiriúnach do rang tosú ar úsáid na h-acmhainne seo ag pointí difriúla ag braith ar mhéid a bhfoghlama go dtí seo.

Tá *Ár nDomhan, An Saol Romhainn* ar fáil in aonaid fhoghlama chomhtháite. Is féidir ceachtanna, gníomhaíochtaí, teilgin agus obair thionscnaimh, áfach, d'úsáid leo féin.

Moltar go láidir do mhúinteoirí go gcoimeádfaidís féin agus na daltaí comhad oibre le h-aghaidh an dul chun cinn a mheas.

Tá a lán deiseanna i ngníomhaíochtaí teilgin agus in acmhainní ar-líne atá molta do dhaltaí bheith ag foghlaim uathu faoi threoir an mhúinteora. Le h-aghaidh tuilleadh acmhainní, téigh i gcomhairle leis an *dTreoir do Oideachas Forbartha*, atá ar fáil saor ó Chúnamh Éireann nó ar líne ag www.irishaid.gov.ie Tá paca grianghraif, póstaer agus léarscáil domhanda sa phaca, chomh maith. Is féidir iad seo d'úsáid i dteannta leis an leabhar agus leo féin, chomh maith.

Úsáideann *Ár nDomhan, An Saol Romhainn* modheolaíochta molta i gcuraclam na mBunscol go bhfuil plé, díospóireacht, obair ghrúpa, drámaíocht, obair allamuigh agus cluichí cumadóireachta san áireamh ann. Tá moladh láidir ann tríd is tríd chun páirt a ghlacadh i bhfoghlaim i dteannta a chéile. Tugann sé tacaíocht do fhorbairt tuisceana coincheapúla, scileanna agus luachanna seachas bheith ag díriú in iomlán ar scaipeadh eolais.

Molann an fócas uile scoile agus an béim ar obair thionscnaimh an cur i láthair, an taispeántas agus plé agus soláthraíonn sé deiseanna le h-aghaidh múineadh a chéile agus foghlaim trí an scoil ar fad. D'fhéadfadh obair thionscnaimh deis a sholáthar, chomh maith, chun cur isteach ar *Duaiseanna Bunscoile na Meán Áir nDomhan* de chuid Cúnamh Éireann, www.irishaid.gov.ie

Paca na nGrianghraf

Tá Paca na nGrianghraf mar chuid an-thábhachtach de *Ár nDomhan, An Saol Romhainn*.

Tá grianghraif mar áis iontach múinteoireachta, ag cur tús le díospóireacht, agus gur cuma leibhéal na litearthachta agus an eolais ghinearálta.

Níl ach ceangal scaoilte idir na grianghraif agus na ceachtanna ach amháin i gcás Ceacht 16 go bhfuil Grianghraf 1 ann: *Crann na Beatha*. D'fhéadfaí na grianghraif a úsáid chun gníomhaíochtaí a léiriú agus a fhorbairt ach is féidir iad a úsáid, chomh maith, mar acmhainn gan teorainn chun rudaí a iniúchadh. Tá siad an-úsáideach go h-áirithe chun **Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise** a iniúchadh.

Tuairimí chun Paca na nGrianghraf a úsáid

Mascáil: ná taispeáin ach cuid de grianghraf agus iarr ar na daltaí an chuid eile a dhéanamh amach; taispeáin níos mó, de réir a cheile agus sa deireadh fiafraigh des na daltaí cad tá ag tarlú (Oibríonn Grianghraf 6 go maith, mar shampla, nuair atá sé curtha i láthair sa tslí seo).

Taispeáin na grianghraif go léir ós cionn airde cinn, timpeall an tseomra ranga.

Iarr ar na daltaí ceann a roghnú agus seasamh faoi agus a rogha a mhíniú. Cuir teorainn leis an méid gur féidir leo aon ghrianghraf amháin a roghnú. Ceadaiigh dos na daltaí a dtuairimí a roinnt.

Cuir ceannteidil leis na grianghraif – roghnaíonn gach grúpa ceannteideal oiriúnach chun é a thaispeáint.

Cuir an grianghraf i lár cairte in-chasta/leathanaigh mhóir chun gnéithe nó ceisteanna a iniúchadh agus ina dhiaidh sin is féidir leis na daltaí nó na múinteoirí iad a scríobh ansin timpeall an phictiúir lárnaigh.

Cur in ord na ngrianghraf in aon slí a oireann mar an t-ord is rogha, leibhéal na bá, mar is fearr a léiríonn siad aon ghné, léiriú cearta, sonais, é a bheith i bhfad uaidh, nó i ngiorracht do thaithí na ndaltaí

Ceistigh an grianghraf: cumann na daltaí liosta ceisteanna i dtaobh an ghrianghraif. Cuireann sé sin lena ghéar-iniúchadh.

Abair scéal bunaithe ar ghné éigin den íomhá.

Ceap lá i saol na gcarachtar sa ghrianghraf

Léirigh dráma na gcarachtar

Déan cinn lae ar son duine amháin des na carachtair.

Cluiche cuimhne: Taispeáin grianghraf chun fháil amach cé chomh cruinn is atá an chuimhne – cabhraíonn sé le anailís na súl.

Gníomhaíochtaí cruthaitheacha ag úsáid na ngrianghraf do ealaín, do dhráma, do scéal nó do aon obair chruthaitheach eile.

Cad tá in aigne ag na carachtair san ngrianghraf? Bain úsáid as bolgoidí cainte.

Dearcadh an ghrianghrafadóir: Cén teachtaireacht a bhí i gceist aige/aice a chur trasna?

Labhair leis na daoine san ngrianghraf nó cuir iad ag labhairt leat-sa: forbair é mar dhráma.

Tabhair liosta dúil na gcarachtar sa ngrianghraf.

Fráma ina stad: Léiríonn grúpaí radharc ó shaol na leanbh agus an phobail ins na grianghraif.

1. Crann na Beatha

AFM 1

*Grianghraf le David Rose,
le caoin-chead Christian Aid*



Tá Crann na Beatha mar dealbhóireacht déanta ina iomlán as airm i ndiaidh chogaidh chathartha fada i Mósaimbíc. Lean an cogadh cathartha i Mósaimbíc, a chríochnaigh i 1992, ar feadh 16 bliain ach tá a lán gunnaí fós sa timpeall agus cónaíonn níos mó ná leath na ndaoine i ngátar. Tá an baol ann go n-úsáidfear na gunnaí i Mósaimbíc nó ins na tíortha comharsanúla. Iarracht é Crann na Beatha chun daoine a mhealladh chun na h-airm a mhalartú le trealamh mar innill fhuála nó trealamh feirme ach úsáidtear é, chomh maith, mar chomhartha athnuachana agus athrú saoil.

Ins na 1980dí agus na 1990dí chuir turaidh leis an damáiste déanta ag an gcogadh gur lean ganntanais ghéara bia agus gorta dos na milliúin daoine. Sa bhliain 2000 buaileadh Mósaimbíc go tubaisteach ag tuillte. Faoi láthair tá sí ag teacht ar ais chuici féin agus tá an bhochtaineacht ag dul i léig de réir a chéile ó 2003.

2. Leanaí ar scoil i mBunscoil Adele Gosie Salen, An Aetóip

AFM 2

Grianghraf ag Patsy Toland, le caoin-cead Self Help Development International



Ceann des na príomh slite chun imeacht ó bhochtaineacht agus chun teacht ar shlí bheatha níos fearr ná trí oideachas. Tá cumas léitheoireachta, uimhearthachta agus taithí an tsaoil riachtanach d'fhorbairt an duine. Tá oideachas do chailíní an-tábhachtach chun sláinte agus corhú na clainne a chothabháil mar is iad san de ghnáth a thugann aire do dhaoine. Tá córas nua bailithe uisce ón ndíon curtha isteach san scoil seo chun uisce na báistí a bhailiú le linn séasúr na báistí, a sholáthraíonn uisce le n-ól dos na daltaí le linn na scoil bliana. Go dtí seo thóg na mic léinn a gcuid uisce féin ar scoil.

3. Tá spraoi ag na cailíní ag bailiú uisce in Háití

AFM 3

*Grianghraf ag Liam Bourke,
le caoin-chead Concern*



Tá tógáil na dtobar ar oileán La Gonave i Háití tar éis faoiseamh a thabhairt dos na mílte duine go raibh orthu 18km a shiúil gach lá roimhe sin chun uisce a bhailiú. Tá croíthe éadroma ag na cailíní anseo toisc gur mór idir an gnó atá ar bun acu agus an daoirse a bhain le h-aistear fada chun uisce d'fháil – rud a fhéadfadh a bheith deacair, tuirsiúil agus contúirteach.

Tá an gá atá le leanaí, cailíní ach go h-áirithe, cabhrú le inmharthanacht na clainne, trí obair laethúil mar chúis mhór go bhfuilid ag cailliúint na scolaíochta.

4. An Leanbh Haruna ó cheantar Kilosa, sa Tansáin

AFM 4

Grianghraf: Cúnamh Éireann



Cabhraíonn Cúnamh Éireann trí mhaoiniú le h-aghaidh traenála sa chúram sláinte príomha. Tá an tsláinte mar cheann des na rannóga príomha a thugann Cúnamh Éireann tacaíocht dó. Tá an dea-shláinte mar cheart daonna bunúsach. Tuigtear go gcuireann droch-shláinte le bochtaineacht agus go bhfuil sí mar chúis leis.

5. Uisce ón dtobar

AFM 5

*Grianghraf ag Patsy Toland
le caoin-chead ó Self Help*



Tá an chlann ag fáil uisce ón dtobar in Adifinia in Eritrea, atá ar theorainn na h-Aetóipe. Tá easpa uisce séasúrach ag an gceantar agus d'inis daoine áitiúla faoi mhná ag siúl chomh fada le 10km gach lá go dtí an tobar is gaire. Bhí an oiread san cruatain leis seo go raibh mná torracha ag cailliúint a gcuid leanaí.

6. Glún cailte

AFM 6

Grianghraf: Cúnamh Éireann



Toisc an díothú a lean scaipeadh VEID/SEIF tá a lán clanna, mar an chlann seo, nach bhfuil ach seanaithreacha, seanmháithreacha agus leanaí óga iontu. Ina lán cásanna bíonn ar leanaí óga cuing na h-aoise a ghlacadh chucu féin ag aois an-óg, ag tabhairt aire don gclann uile, agus a n-óige agus a gcuid scolaíochta á gcailliúint acu.

Tá VEID/SEIF tar éis a lán leanaí a fhágáil chun aire a thabhairt, ina n-aonar, do leanaí níos óige ná iad, agus dá ngaoilta atá breoite agus sean.

Tá na fíricí ar chúl na ngrianghraf faoin dteideal, *Ár nDomban Inníu*, tógtha ó Threoir Gníomhaíocht Óige Forbartha na Mílaoise, mura bhfuil a mhalairt ráite. Is tionscnamh de chuid na Náisiún Aontaithe é Feachtas na Mílaoise. Féach ar www.millennium.org

7. Bean ag sorn san Aetóip

AFM 7

Grianghraf ag Patsy Toland, le caoin-chead Self Help



Taispeánann an grianghraf bean ag cócaráil ar shorn seachas ar thine oscailte. Tugann sé seo níos mó ama saor di, spárálann sé adhmaid agus is sampla é de fhiontar comhoibritheach.

Áis sábhála oibre is ea an sorn atá a mhaoiniú ag Comhar-Chumainn Sábhála agus Creidmheasa (CCSC) áitiúla. Tá na soirín a dhá oiread níos éifeachtaí ná tine oscailte agus spárálann sé leath an ama ag bailiú broсна don dtine, rud a fhéadfadh lá iomlán sa tseachtain a thógáil suas.

8. Cothromaíocht na trádála

AFM 8

Grianghraf ag Felicia Webb/IPG le caoin-chead Christian Aid



Tá Celina Francisco Moiane, 30, ag gearradh giolcaí ar feadh dhá bhliain, ag obair don Monarcha Siúcra Illovo, Maragra, Cúige Maputo, Mósaimbíc.

Dóitear an ghiolcach sula mbaintear í chun an t-ábhar duilleach agus cuid den gcóta céarach a bhaint de. Dóinn sé go tapaigh agus ní déantar aon díobháil don ngiolcach ná dá chuid siúcra.

Obair shalach í ach tugann sí fostaíocht do a lán daoine i gceantair go bhfuil poist gann iontu.

Sé a chiallaíonn cothromaíocht na trádála ná margadh cothrom agus pá chóir ar shaothar.

9. Taispeánann clann ó réigiún Sodo na h-Aetóipe a cuid táirgí

Grianghraf ag Patsy Toland, le caoin-chead Self Help



Feirmeoir in Gogoti, An Aetóip is ea an t-Uas. Habti. Tá sé féin agus a bhean chéile araon mar bhaill des na comhair chumainn áitiúla agus das na cumainn chreidmheasa, gné a thugann an chaoi dóibh maoiniú a dhéanamh ar tháirgeadh éanlaith agus barraí. Tugann an Comhar Cumann Creidmheasa agus Sábhála (CCCS) áitiúil an chaoi do phobail a n-acmhainn a chur le céile chun féin-fhorbairt a chur chun cinn.

10. Lá imdhíonta ag Ionad Sláinte Ulaya, Ceantar Kilosa, An Tansáin: thóg Cúnamh Éireann an t-Ionad

Grianghraf: Cúnamh Éireann



Maraíonn galair inseachanta mórán daoine gach bliain go h-áirithe ins na tíortha is lú forbartha nach bhfuil imdhíonadh agus na drugaí is éifeachtaí ar fáil ró-fhlúirseach iontu. Tacaíonn Cúnamh Éireann leis an gclár imdhíonta seo sa Tansáin.

11. Máirseáil Lucht Siúil i mBaile Átha Cliath

Grianghraf le Derek Spiers, le caoin-chead ó Ionad an Lucht Siúil Pavee Point



Tá an lucht siúil mar an mionlach eitneach is mó in Éirinn. I 2002, do mháirseáil an lucht siúil agus gnáth-dhaoine, ó timpeall na tíre go léir, mar agóid i gcoinne dlite foghla nua a thug an Rialtas isteach. Do mhothaigh an lucht siúil go raibh na dlite nua dírithe orthu féin agus gur bhagair sé ar a gceart chun a slí-beatha traidisiúnta a chleachtadh.

12. Tsunami Deisceart na h-Áise (Nollaig 2004)

Grianghraif: Cúnamh Éireann



Taispeánann na radharcacha seo ó Aceh i dTuaisceart Sumatra, An Indinéis toradh an tsunami i 2004. Fuair thart ar 200,000 duine bás i tsunami Deisceart na hÁise, an chuid is mó acu san Indinéis, agus i Srí Lanca. Bhí a lán daoine díláithrithe, chomh maith. Roimh an tsunami, do liostáil na Náisiúin Aontaithe seacht déag milliún duine díláithrithe. Chuir an tsunami nach mór dhá mhilliún leis an bhfigiúr seo faid is a lorg daoine tearmann agus gur fhágadar an cósta.

Tubaistí nádúrtha is cúis leis an chuid is mó den damáiste do dhaoine a chónaíonn i mbochtaineacht.

Leathanach-Eolais na dTíortha do Dhaltaí

Clár Thíortha Cúnamh Éireann

Siad na tíortha atá i bpáirtíocht i gcúrsaí forbartha le hÉirinn ná **Uganda, An Aetóip, Mósaimbíc, An Tansáin, Leosóta, An tSaimbia** agus **An Mhaláiv** san Afraic agus **Timor Leste** agus **Vítneam** in Oir-Dheisceart na hÁise.

Tír	Príomh Chathair	Daonra (milliúin)
Vítneam	Hanoi	85
An Aetóip	Addis Ababa	73
An Tansáin	Dar es Salaam	37
Uganda	Kampala	27
Mósaimbíc	Maputo	20
An tSaimbia	Lusaka	11
Éire	Baile Átha Cliath	4
Leosóta	Maseru	2
An Mhaláiv	Lilongwe	13
Timor Leste	Dili	1

Cad é an fhaid a mhaireann daoine?	Blianta
Éire	78
Vítneam	70
Timor Leste	56
An Aetóip	48
Uganda	47
An Tansáin	46
Mósaimbíc	42
An tSaimbia	38
Leosóta	36
An Mhaláiv	41

Tomhaiseann an Innéacs Forbartha Daonna (IFD) leas tíre (féach ar Aonad 3: Ceacht 1)	
An Iorua	1 (an chéad cheann)
Éire	8
Vítneam	108
Timor Leste	140
Uganda	144
An Mhaláiv	165
Leosóta	149
An Ghaimbia	155
An Tansáin	164
An tSaimbia	166
Mósaimbíc	168
An Aetóip	170
An Nígir	177 (an ceann deiridh)
(Foinse: Na Náisiúin Aontaithe, CFNA, 2005)	

Dochtúirí per 100,000 duine	
Éire	237
Vítneam	53
An tSaimbia	7
Leosóta	5
Uganda	5
An Aetóip	3
An Tansáin	2
Mósaimbíc	2
An Mhaláiv	2
Timor Leste	gan aon eolas

Léarscáil na hAfraice do Dhaltaí



1. An Ailgéir
2. Angóla
3. Beinin
4. An Bhotsuáin
5. Burkina Faso
6. An Bharúin
7. Camarún
8. An Rinn Ghlas
9. Poblacht na hAfraice Láir
10. Sead
11. An Congó
12. Poblacht Congo Dhaonlathaigh (An tSáir)
13. Djibouti
14. An Éigipt
15. An Guine Mheán-chriosach
16. Eritrea
17. An Aetóip
18. An Ghabúin
19. An Ghaimbia
20. Gána
21. Guine Bhissau
22. An Ghuine
23. An Cósta Eabhair
24. An Chéinia
25. Leosóta
26. An Libéir
27. An Libia
28. Madagascar
29. An Mhaláiv
30. Mailí
31. An Mháratáin
32. Oileán Mhuirís

33. Maracó
34. Mósaimbíc
35. An Namaib
36. Nígir
37. An Nigéir
38. Reunion
39. Ruanda
40. São Tomé agus Príncipe
41. An tSeineagáil
42. Seychelles
43. Siarra Leon

44. Poblacht na Somáile
45. An Afraic Theas
46. An tSúdáin
47. An tSuasalainn
48. An Tansáin
49. Tóga
50. An Túinéis
51. Uganda
52. An tSaimbia
53. An tSiombáib

ÁR NDOMHAN, AN SAOL ROMHAINN
ACMHAINN DO RANGANNA SINSEARACHA TÍREOLAÍOCHTA INS NA BUN SCOLLEANNA



Aonad 1
Idirspleáchas

Ceacht 1

Ár nDomhan

Féachann an chéad aonad den acmhainn seo ar imspheáchas domhanda. Cuireann Ceacht 1 an cúlra tíreolaíochta cuí le h-aghaidh aimsiú ghnéithe forbartha ar bun. Cuireann sé tús, chomh maith, le h-idir-cheangail domhanda agus leis an tuairim faoi shaoránacht domhanda, bunaithe ar ár stádas mar dhúchasaigh ar phláinéad atá roinnte eadrainn.

Aidhmeanna na Foghlama

Sé a dhéanfaidh na daltaí na

- 1) tosú ag tuiscint na n-idir-cheangal domhanda
- 2) teacht ar thuiscint ar an Domhan mar éiceachóras
- 3) na chéad chéimeanna a thógáil ar dhearcadh ar an ndomhan ó thaobh an tsaoiréanaigh de

Curaclam Tíreolaíocht

Timpeallachta Aiceanta: An Domhan ina Phláinéad sa Spás

OSSP

Mé Féin agus an Domhan Mór: Forbairt na Saoránachta

Seo a theastóidh uait



Bileog Oibre, leathanach 17

- íomhá an Domhain nó cruinneog
- léarscáil pholaitiúil an Domhain
- atlais

Gníomhaíocht 1

Gloingo



Rang



Fiosrú gníomhach



Dáiligh an bhileog oibre agus lig dos na daltaí bogadh timpeall ar a dtóil. Mol dóibh eolas a fháil ós na h-atlais agus ó léarscáil an domhain.

Déan na nithe atá aimsithe ag na daltaí a phlé agus cuir béim ar raon na dtíortha go bhfuair eadar eolas uathu.

Gníomhaíocht 2

Pláinéad an Domhain



Rang



Tallann mhearaith, léarscáilíocht

- Le linn na gceachtanna seo a leanas, mínigh dos na daltaí go bhfuilid ar thuras ina bhfoghlaimeoidh siad a lán nithe nua faoin domhan, mar a oibríonn sé agus mar atá siad féin fite fuaite in eanga an tsaoil. Thar aon rud eile déanfaidh siad amach mar atá gach aoinne ar scáth a chéile.
- Ag an gcruinniú tallann mhearaith pléigh cad d'fhéadfadh cur as do chothromaíocht an domhain (déan deimhin de nach ar thubaistí do-chloíte amháin a bheidh a n-aire, ach go dtuigfidh siad buaine bunúsach an domhain), mar dhreigítí, téamh domhanda, athrú aeráide agus tubaistí aiceanta. Déan idirdhealú idir bhagairtí aiceanta agus iad san gur an duine faoi ndear iad. Tabharfaidh sé seo bunsraith eolais do obair ar chúrsaí timpeallachta amach anseo.

- Sainaithin Éire ar léarscáil an domhain agus déan plé ar a suíomh i leith na n-ilchríoch.
- Fiafraigh ainmneacha na n-ilchríoch des na mic léinn agus iarr orthu comparáid a dhéanamh idir a méid. Fiafraigh cad é atá ar eolas acu faoi an Afraic. I gceachtanna níos déanaí gheobhaidh siad amach go bhfuil cuid mhór de chabhair fhorbartha na h-Éireann dírithe ar Fho-Sahára na h-Afraice.

Déan deimhin de go gcláraíonn na daltaí na h-aigéin agus na h-ilchríocha mar ghnéithe Tíreolaíochta; tharlódh sé nach ndéanfadh roinnt daltaí idirdhealú idir ilchríocha agus tíortha, go h-áirithe i gcás na h-Afraice.

Gníomhaíocht 3

Domhan an lae inniu againn



Grúpa



Machnaigh, pléigh

- Caith cúpla nóiméad ag machnamh, go ciúin, ar cad é an rud is fearr i dtaobh an domhain gur maith le daltaí sa lá atá inniu ann – agus cad iad na rudaí nach maith leo. Déan na daltaí a ghríosú chun scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe níos leithne mar shaoráid an taistil agus an iompair, an teicneolaíocht, a shimplí is atá sé drugaí a fháil, leathnú galair.
- Iarr ar na daltaí iad a liostáil, trí iad a scríobh nó iad a tharraingt, ar leathanach roinnte. Ansin, ba chóir don ghrúpa a smaointí a roinnt agus na rudaí is fearr agus na rudaí is measa a thaifeadh. Tógann gach grúpa amach liosta aontaithe de 5 cinn des na rudaí is fearr agus na rudaí is measa. Déan na torthaí a thaifeadh ar pháipéar léirithe. (Formáid Molta: déan an glób a dhearadh i lár baill leis na 5 ceann is fearr liostáilte thuas agus na cúig cinn is measa liostáilte thíos.)
- Déan na torthaí a phlé leis an gcuid eile den rang agus tabhair isteach an tuairim de fhreagracht – cé tá freagrach as na rudaí maithe a chothú agus na droch-rudaí a fheabhsú.
- Críochnaigh le míniú go bhfuil na daltaí, trí bheith ag foghlaim mar gheall ar an domhan, ag tuilleamh an chirt guth a bheith acu mar shaoránaigh agus mar mhaoir de acmhainní an domhain.

Gníomhaíocht Teilgin

Ceol

Ceol timpeall an domhain

Úsáid an suíomh idirlín seo a leanas chun fiosrú mar gheall ar cheol domhanda

www.bctf.ca/social/GlobalEd/music/main.html

Ceol gan teorainn: acmhainní seomra ranga le dreas ceoil san áireamh.

Ar líne



Clog daonra an domhain

www.ibiblio.org/lunarbin/worldpop

Úsáid *Clog Daonra an Domhain* go rialta. Tógann sé an daonra suas chun dáta ar bhonn leanúnach i dteannta leis an daonra reatha a chur i gcomparáid le h-aon dáta siar go tús 1970. Is féidir monatóireacht agus cairt a dhéanamh ar fhás, le méadú daonra laethúil san áireamh.

www.diceproject.org/teachingmaterials.aspx

Acmhainní foghlamtha ar thubaistí nádúrtha agus na ranna den sochaí go cuireann siad isteach orthu is mó, ó DICE, suíomh idirlín Oideachas Forbartha agus Idir-chultúr na hÉireann.



An domhan ón spás

Déan íoslódáil ar *Google Earth* agus úsáid é leis an acmhainn seo.

Tíreolaíocht domhanda

www.geography4kids.com/

Tugann sé léir-dhearcadh ginearálta maith den domhan dírithe ar leibhéal bunscoile sinsearach, ag míniú coincheapa mar an aeráid agus an bithsféar.

Bileog Oibre: Aonad 1, Ceacht 1

Globingo



Gníomhaíocht 1

Ag ceangail leis an domhan

Ainm:

Dáta:

Faigh duine difriúil do gach ceangal domhanda
Faigh duine a:

AR NDOMHAN, AN SAOL ROMHAINN
ACMHAINN DO RANGANNA SINSEARACHA TÍREOLAÍOCHTA INS NA BUN SCOILEANNA

Ceangail domhanda	Cad é an tír?	Cad é an duine?
a ith rud éigin le déanaí le comhábhar ann ó thír eile		
go bhfuil gaol aige ó thír eile		
go bhfuil nuacht aige faoi thír eile		
gur féidir leis comhaireamh go cúig i dteanga iasachta		
a thug cuairt ar thír eile		
gur féidir leis abhainn i dtír eile a ainmniú		
gur féidir leis fásach a ainmniú i dtír eile		
a léigh leabhar faoi thír eile		
gur féidir leis ainmhí ó thír eile a ainmniú		
gur féidir leis “Hello” a rá i dteanga iasachta		
gur féidir leis príomh-chathair i dtír eile a ainmniú		
go bhfuil éadaí á chaitheamh aige a déanadh i dtír eile		

Ceacht 2

Saoil Neamhspleách

Is bun-chloch le h-aghaidh foghlama mar gheall ar ghnéithe forbartha é réimse agus doimhneacht idirspheáchais a thuiscint. Féachann an ceacht seo ar cheangail domhanda trí ghníomhaíochtaí clainne agus laethúla. Tugann na teilgin iomlána scoile ag deireadh an ranga deis le h-aghaidh fiosrú a dhéanamh ar ghnéithe áitiúla agus domhanda an idirspheáchais.

Gníomhaíocht 1

Ceangail domhanda sa saol laethúil



Rang



Tallann
Mhearraithe,
Taifead

Pléigh leis na daltaí an méid tíortha go gceapann siad go rabhadar ag braith orthu ar maidin. Iarr orthu smaoineamh ar a dteaghlach féin agus cad a bheadh déanta ag gach ball den gclann faoin am seo, á ngléasadh féin, á ní féin, ag ithe, ag taisteal, ag úsáid fearas &rl. Treisigh an ghníomhaíocht ghearr seo le obair baile ina ndéanann na daltaí na tíortha a thaifeadadh as ar tháinig na táirgí atá ina gcistin.

Is minic a mhachnaigh Martin Luther King, duine de mhór laoch na gcearta sibhialta an chéid seo caite, air mar a bhraitheann gníomhaíochtaí daonna ar an idirspheáchas. “Táimid go h-uile agus go h-iomlán ag maireachtáil ar scáth a cheile, fite fuaite i mbrat na cinniúna. Pé rud a bhaineann le duine amháin go díreach, baineann sé le gach aoinne go h-indíreach”. (Seanmóir Nollag ar shíocháin, 1967). Léigh amach an sliocht seo a leanas ón óráid céanna:

Agus sula gcríochnaíonn tú do bhricfeasta ar maidin, beidh tú tar éis bheith ag braith ar níos mó ná leath an domhain.

Aidhmeanna Foghlamtha

déanfaidh na daltaí

- 1) tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar ghréasán agus réimse ceangail domhanda ina saoil
- 2) a dtaithí ar léarscáil pholaitiúla na n-ilchríoch a mhéadú

Curaclam

Tíreolaíocht

Timpeallachta Daonna:

Daoine agus tíortha eile

OSSP

*Mé féin agus an Domhan Mór,
Leathan: Saoránacht a Fhorbairt*

Sé a bheidh uait ná



bileoga oibre A agus B,
leathanaigh 20 agus 21

- atlais

Gníomhaíocht 2

Ceangail clanna/cara domhanda



Grúpa



Pléigh, déan taifead, úsáid na léarscáileanna



- Tabhair amach bileog oibre A agus iarr ar na grúpaí liosta roinnte de cheangail chlanna agus cairde domhanda a liostáil. Ba chóir dóibh na tíortha a thaifeadadh ar an mbileog oibre.
- Sula dtéitear ar aghaidh go dtí bileog oibre B, déan torthaí an ghrúpa a phlé ag baint úsáid as mealltaí mar: Cad iad na tíortha is mó atá faoi chaibidil? Cad na thaobh? Cad iad na ceantair den domhan atá is lú faoi chaibidil? Cad na thaobh?
- Ansin déanann na grúpaí an dara cuid. Mínigh conas príomh cathracha a fháil ar atlais na ndaltaí nó ar na léarscáileanna tíortha ag www.gesource.ac.uk/worldguide/worldmap150/325.html

Gníomhaíochtaí Teilgin

Tíreolaíocht

Mar a bhraithimid ar an ndomhan

Agus úsáid á bhaint as an eolas a bailíodh i ngníomhaíocht 1, léirigh idirspéachas trí amharc-thaispeána a dhéanamh. Úsáid snáth nó tarraing línte ar léarscáil domhanda le Éirinn mar lár-phointe amharc an ghréasáin. D'fhéadfaí tuiscint na ndaltaí air mar a mhairimid ar scáth a chéile a fhorbairt trí scrúdú a dhéanamh ar onnmhairí na hÉireann ar an saol idirnáisiúnta.

Oidís Domhanda

- Iarr ar na mic léinn gné dhomhanda de aon ghníomhachtaí, atá ar bun acu go rialta, a thaifead.
- Téigh trí na meáin ar thóir gnéithe domhanda.
- Déan leabhar de oidís domhanda. Is féidir le daltaí tuairimí a fháil ag www.catholicrelief.org/kids/recipe.htm

An Scoil ina lomlán

Déan suirbhé ar Cheangail domhanda na scoile

Déan suirbhé ar ranganna eile chun ceangail a aithint le tíortha thar lear agus déan cairt as na torthaí.

Béarla

Aonach Teanga

Cad iad na teangacha a labhraíonn na daltaí agus a gclanna? Eagraigh taispeántas teanga a léiríonn cumas teanga na ndaltaí. Bíodh Gaeilge agus Béarla san áireamh ann. Tabhair spreagadh dos na daltaí le máthair-theangacha difriúla botha a chur suas ina mhúinidís abairtí agus focail mar bheannachtaí do chuairteoirí chucu, chomh maith le h-eolas a léiriú faoina dtír. Más féidir, bíodh aibítir difriúil á thaispeáint. Ba chóir go ndéanfadh na daltaí iarracht foghlaim ó lucht na mboth agus iad ag gabhail ó cheann go ceann.

Fiú má thagann na daltaí ó chúlra aon-chultúrtha piocfaidh siad suas go leor abairtí ó bhaile nó ar an idirlíon. B'fhéidir go mb'fhearr le daltaí il-theanga abairtí a léiriú i roinnt teangacha.

D'fhéadfadh Aonach Teanga a bheith mar ábhar misnigh do dhaltaí atá faoi mhíbhuntáiste ó thús ar scoil, chomh maith le bheith ag soláthar deimhinchruthú ar éagsúlacht. Is seans é, chomh maith, chun an Ghaeilge, mar theanga bheo, a chur chun cinn. Tabhair cuireadh do thuismitheoirí páirt a ghlacadh ann.

Ar Líne



Martin Luther King

www.enchantedlearning.com/history/us/MLK/

le haghaidh eolais faoi Martin Luther King.

Dáta:

Liostáil do cheangail teaghlaigh/cairde domhanda anseo

[illegible]

Dáta:

Anois úsáid do atlas chun sonraí a líonadh isteach mar gheall ar roinnt des na tíortha a dhein tú a thaifeadadh i mBileog Oibre A

[illegible]

ÁR NDOMHAN, AN SAOL ROMHAINN
ACHMAINN DO RANGAINNA SINSEARACHA TÍREOLAÍOCHTA INS NA BUN SCOILEANNA

Ceacht 3

Domhan Éagothrom

Féachann an ceacht seo isteach go gníomhach ar dheighilt an daonra agus saibhreas an domhain, ag tabhairt réamhrá dos na daltaí faoin éagothrom uafásach atá ann.

- **Is le 20% des na daoine 80% de shaibhreas an domhain**
- **Daonra an domhain: 6.5 billiún (2006)**

Aidhmeanna Foghlamtha

Sé a dhéanfaidh na leanaí ná

- 1) fiosrú gníomhach ar dheighilt an daonra de réir na n-ilchríocha
- 2) fiosrú a dhéanamh ar dheighilt domhanda an tsuibhris

Curaclam Tíreolaíocht

Timpeallacht Daonna: Daoine agus Pobail

Matamaitic

Ag cur coincheapa agus próisis i bhfeidhm i réimse comhthéacs (uimhir, cóimheas, %, graf)

Sé a bheidh uait ná

Daonra an domhain: 6.5 billiún duine, (2006)

- Léarscáil Domhanda Chúnamh Éireann
- 10 gcinn de chartaí beaga le 10% scríofa ar gach ceann
- cártaí le hainmneacha na n-ilchríocha mar atá liostáilte i ngníomhaíocht 1 thíos (is féidir leis na daltaí an dá shraith cártaí a dhéanamh go tapa)

Gníomhaíocht 1

Dáileadh an Daonra



Rang



Fiosrú gníomhach, pléig

Tá an ceacht seo eagraithe do 20 daltaí, déan ath-eagrú mar is toil leat féin! Tá an cóimheas níos cruinne do 100 duine tugtha ar chlé. Míniú go ndéanfaidh na daltaí fiosrú ar dháileadh an daonra.

Míniú dá mbeadh 100 nó 20 duine ar domhan, go mbeidís roinnte amach ins na n-ilchríocha mar seo a leanas (figiúirí le chaoin-cead Colm Regan):

	100 duine	20 duine
Áiseach	61	12
Afracach	13	2 ½
Eorpach	12	2 ½
Laidineach		
Meiriceá	7	1 ½
Meiriceánach		
Thuaidh	5	1
An Aigéine	1	go mór <1

Déanann An Aigéine tagairt don Astráil agus do oileáin na Mara Ciúine.

- Tá an ghníomhaíocht bunaithe ar 20 duine i gcóimheas an domhain.
- Ar dtús déan an 20 dalta a ghrúpáil trína rá leo go seasann siad do dhaonra iomlán an domhain, ansin roinn iad i gcoibhneas faoi chartaí na n-ilchríocha atá á dtaispeáint timpeall an tseomra ranga. Tarraing aird ar mhéid gach ilchríoch ar léarscáil an domhain. I gcás leath-dhuine, iarr ar dhalta suí síos nó dul ar a ghlúine. I gcás na h-Aigéine, d'fhéadfá bábóg a úsáid.
- Déan an áit leis an méid is mó ann a phlé. Léirigh dóibh nach gá do bhochtaineacht a bheith san Eoraip toisc go bhfuil daonra mór inti agus a méid a thógáil san áireamh.

Gníomhaíocht 2

Domhan Míchothrom – 80:20



Rang



Fiosraigh go
gníomhach, pléigh

- Tóg an grúpa de 20 ar ais le céile. Taispeáin na deich gcárta le 10% scríofa ar gach ceann agus mínigh go seasann sé seo (100%) do shuibhreas iomlán an domhain agus go bhfuil tú chun féachaint isteach ar an slí atá sé roinnte.
- Déan an 20 dalta a scaradh i n-dhá ghrúpa mhíchothroma ag seasamh do dhaonra iomlán an domhain – beidh grúpa amháin mar 20%, beidh an grúpa eile mar 80% den grúpa (sa chás seo, 4 agus 16. Tabhair dhá chárta don grúpa *mór* le 10% orthu agus ocht gcárta don grúpa *beag* le 10% orthu.
- Mínigh gurab é seo an tslí go bhfuil saibhreas an domhain roinnte; tá níos mó ná 80% de shuibhreas an domhain ag 20% des na daoine. Lorg tuairimí ós na daltaí.
- Tóg na daltaí ar ais le céile.
- Tabhair isteach an coincheap de thíortha forbartha (saibhir) agus tíortha atá ag forbairt (bocht), ag taispeáint roinnt de gach aicme ar léarscáil domhanda Chúnaimh Éireann.

- Fiafraigh des na daltaí cad a ghineann bochtaineacht? Níl tú ag lorg freagraí cruinne ach ag tabhairt seans dos na daltaí féachaint ar ghnéithe aiceanta agus difriúla daonna.
- Mínigh gur \$1 per duine sa ló an tomhas atá le **bochtaineacht leithliseach**, ina bhfuil daoine gan riachtanais bhunúsacha mar bia, uisce óil sábháilte, áiseanna sláintíochta, sláinte, dídean agus oideachas. Pléigh cad a fhéadfadh daltaí a cheannach le \$1 (€0.82).
- Iarr ar gach cúigiú dalta seasamh suas. Seasann sé seo do chóimheas na ndaoine a mhaireann faoi bhochtaineacht leithliseach ar domhan.
- As an 6.5 billiún duine ar domhan maireann 1.2 billiún ar \$1 sa ló. Fiafraigh des na daltaí an % a dhéanamh amach (timpeall 20%).
- Fiafraigh des na daltaí an bhfuil aon eolas acu faoi aon ní atá á dhéanamh chun feabhas a chur ar rudaí.

Tá leagan beoga den eolas thuas le fáil ag **www.developmenteeducation.ie**

Ag an bpointe seo, d'fhéadfá póstaer Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise a thaispeáint, ag míniú go bhfuil náisiúin an domhain tar éis spriocanna a leagadh síos do bhochtaineacht a laghdú faoin mbliain 2015. Cuirfear iad os comhair na ndaltaí ar bhonn níos léire i gceacht 9-11.

Gníomhaíocht Teilgin

Matamaitic

Sonraigh eolas faoi na tíortha

Déan anailís agus sonraigh an t-eolas faoi thíortha páirtithe forbartha na h-Éireann ag baint úsáid as Léarscáil Domhanda Chúnaimh Éireann agus bileog colais na tíre.

Ar Líne



8020

www.8020.ie

Ag múineadh agus ag gníomhú ar son dhomhain níos fearr.

ÁR NDOMHAN, AN SAOL ROMHAINN
ACMHAINN DO RANGANNA SINSEARACHA TÍREOLAÍOCHTA INS NA BUN SCOLLEANNA



Aonad 2 Cearta agus Dualgais



ÁR NDOMHAN, AN SAOL ROMHAINN
ACMHAINN DO RANGANNA SINSEARACHA TÍREOLAÍOCHTA INS NA BUN SCOLLEANNA

Ceacht 1

Riachtanais Uilíocha

Tá an ceacht seo mar an chéad ceann de thrí a fhorbraíonn an coincheap go soláthraíonn riachtanais daonna an bunús de chearta uilíocha, agus mar thoradh, tá dualgais ann do gach aoinne. Tá clár cúnamh forbartha de chuid Cúnamh Éireann bunaithe ar ghealltanas ar chearta daonna.

Athróidh an líne idir ghá agus riachtanas in úsáid na h-acmhainne seo de réir mar a dhéanann daltaí fiosrú faoi ghnéithe difriúla na forbartha agus go mbuaileann siad le dearcadh difriúil ó am go chéile. Mar shampla, d'fhéadfadh sé tarlú nach bhféachfadh na daltaí ar an oideachas mar riachtanas bunúsach go dtí go dtuigeann siad na h-iarmhairtí gan é.

Aidhmeanna Foghlamtha

Sé a dhéanfaidh na daltaí ná

- 1) idirdhealú a dhéanamh ar nithe atá á lorg agus riachtanais
- 2) féachaint isteach ar nádúr riachtanais an duine

Curaclam OSSP

Mé féin agus an Domhan
Mór Leathan: Ag forbairt na Saoránachta

Dráma

Ag féachaint ar thuairimí

Sé a bheidh uait ná



bileog-oibre leathanach 29

- páipéar léirithe

Gníomhaíocht 1

Riachtanais agus Nithe Atá á Lorg



Péirí/grúpaí beaga, rang



Drámaíocht, pléigh

Tá an ghníomhaíocht seo mar seisiún míme, le spraoi ann, chun tosú ag féachaint isteach ar réimse riachtanas an duine.

Cumann na daltaí mímeanna a sheasfadh do nithe atá á lorg agus riachtanais mar seo a leanas:

Tá mo ghobán súraic uaim
Caithfidh mé dul go dtí an ospidéal
Teastaíonn cabhair uaim
Tá deoch uaim
Teastaíonn mo chuid leighis uaim
Tá play-station uaim
Teastaíonn mo mhamáí uaim
Tá do chuid comhoibrithe uaim
Teastaíonn uaim dul go dtí an leithreas
Tá baile uaim
Teastaíonn uaim duine éigin le h-aghaidh grá
Tá dídean uaim

Scríobhann gach péire nó grúpa beag ceannnteideal le h-aghaidh é a léamh amach tar éis a chuid drámaíochta. I ngach cás caithfidh an rang a aigne a dhéanamh suas cad é riachtanas nó ní atá á lorg, is cuma cad é an focal riachtanas/ní atá á lorg a úsáideadh sa teideal.

Ina dhiaidh san, pléifidh na daltaí an bhfuil líne dheighilte shoiléir idir nithe atá á lorg agus riachtanais. Ba chóir go mbeadh toradh ann go n-athraíonn an riachtanas de réir na h-ócáide agus céimeanna fáis agus forbartha, ach go bhfuilid thar a bheith tábhachtach do mhaireachtáil, sláinte agus fás. Ta na riachtanais cheannann chéanna ag daoine mórthimpeall an domhain go léir is cuma cén aicme go mbaineann siad léi.

Gníomhaíocht 2

Ag iniúchadh riachtanas



Péirí/grúpaí beaga



Smaoinigh, cuir in ord, cuir i gcomparáid

- Tabhair amach an bhileog-oibre
- Iarr ar na daltaí cúpla nóiméad a chaitheamh ag déanamh liosta dá gcuid riachtanas agus na nithe atá á lorg acu lena bpáirtithe ar an mbileog-oibre.
- Nuair atá críochnaithe acu, ba chóir go gcuirfidís iad in ord ar líne-riachtanais na bileoige oibre.

Gníomhaíochtaí Teilgin

Béarla, Ealaíon Amharcach

Riachtanais Uilíocha-Líne na Nithe Atá Á Lorg le h-aghaidh leanaí

- Ar dtúis pléigh, mar rang, cad ba chóir bheith san áireamh i gcás na riachtanas uilíoch/líne na nithe atá á lorg le h-aghaidh leanaí. Déan roinnt díobh seo a leanas a phlé: oideachas, deis comhionannais, máthair, athair, ospidéal, leabhair, airgead, ainm, teastas breithe. Déan an áit a críochnaíonn na riachtanais a phlé, agus díriú ar ghnéithe atá idir dhá cheann na meá.
- Roghnaigh grianghraif ó phaca na ngrianghraf. Fiafraigh cad iad na riachtanais agus na nithe atá á lorg a fhéadfadh a bheith ag na daoine 'sna grianghraif. Bhfuil siad cosúil leo san a roghnaigh na daltaí? Cad é an tslí a fhéadfaidís bheith difriúil agus cad 'na thaobh?
- Bailíonn na daltaí i ngrúpaí agus dearann siad líne riachtanas-gá uilíoch le h-aghaidh é a thaispeáint ar bhileog mhór páipéir ag baint úsáid as mionléaráidí seachas, nó i dteannta focal. Ba chóir dos na daltaí féachaint ar a mbileog-oibre ó ghníomhaíocht 1.

OSSP, Ealaíon Amharcach Roinneann roinnt daoine, ní roinneann roinnt eile

Uaireanta tógann daoine rudaí a theastaíonn ó dhaoine eile. Iarr ar na grúpaí samplaí a thabhairt. Déan taifead ar bhileog A4 atá roinnte leis na ceanteidil Sa Rang agus Sa Domhan Níos Leithne Déanann na grúpaí stiallchartúin a thairfeadh ansin chun na samplaí a thaispeáint.

Béarla

Léiriú riachtanas domhanda

Bailigh agus léirigh taispeántas riachtanas domhanda ag úsáid ceanteidil ós na páipéir nuachta.

Ar Líne



Tuairimí ar an Saol

www.crosscare.ie/celebratingdifference

Ag Ceiliúradh Difríochtaí:
Suíomh idirlín Éireannach le gníomhaíochtaí ar éagsúlacht.

Bileog Oibre: Aonad 2, Ceacht 1

Riachtanais Uilíocha



Ainm:

Dáta:

Gníomhaíocht 2

Riachtanais	Nithe atá á lorg

Líne na Riachtanas

Pioc amach focail singil chun riachtanais agus gnéithe atá á lorg a thaispeáint. Cuir na cinn leis an ngá is mó leo ag an tosach agus de réir a chéile téigh i dtreo na gceann a theastódh ó dhuine (mar tú féin) ach ná fuil uait i ndáiríre. Úsáid dearg le h-aghaidh riachtanas agus glas le h-aghaidh nithe á lorg.

Cuir cinn ná fuil tú ró cinnte fúthu sa lár i ndath oráiste.

Sula dtosaíonn tú, socraigh le do pháirtí(ithe) slí chun na focail a chur in eagar i dtreo is gur féidir leat iad a chur isteach i slí go bhfuil sé éasca iad a léamh.

Riachtanais - - - - - **Nithe atá á lorg**
(teorainn)

AR NDOMHAN, AN SAOL ROMHAINN
ACMHAINN DO RANGANNA SINSEARACHA TÍREOLAÍOCHTA INS NA BUN SCOILEANNA

Ceacht 2

An Domhan Ceart

Tá téama an cheachta dheiridh, ar nithe a bhí á lorg, forbartha anseo, agus é ag ceangal riachtanas bunúsach le cearta daonna. Tá cúnamh forbartha mar gheall ar riachtanais a réiteach rud atá mar bhunús do chearta uilíocha. Tá staidéar déanta ar an gcoincheap seo i suirbhé Oxfam ar riachtanais bhunúsacha daoine i roinnt tíortha mórthimpeall an domhain.

Gníomhaíocht

Cearta uilíocha



Grúpa



Léigh, macnaigh, pléigh



Bileog oibre

Coimeád na grúpaí céanna a bhí in úsáid i nGníomhaíocht 3 sa cheacht deiridh, más féidir.

- Déan athbhreithniú gearr ar réimse riachtanas na leanaí ón gceacht deiridh agus pléigh leis na daltaí an bhfuil an ceart acu féin agus ag leanaí eile na riachtanais sin a bheith soláthraithe dóibh.
- Iarr ar na grúpaí na deich gceart is tábhachtaí do dhaoine i ngach áit a roghnú agus iad a scríobh síos.
- Nuair atá críochnaithe acu tabhair an bhileog oibre amach.
- Tabhair am dos na daltaí labhairt faoi na riachtanais atá cosúil leis, nó difriúil ó chinn Oxfam. Nuair atá siad cosúil, ba chóir go mbeidís

scríofa in aice le riachtanais bhunúsacha Oxfam ar an dtábla.

- Nuair atá an bileog oibre críochnaithe ag na daltaí, tabhair am chun torthaí na ndaltaí a phlé.

Gníomhaíochtaí Teilgin

OSSP

Cearta Comhcheangailte

- Pointeáil amach conas tá na cearta idir-cheangailte. Lorg samplaí ar conas a bheadh tionchar ag easpa oideachais ar theacht ar chúram sláinte nó conas a chuirfeadh droch-shláinte teorainn le teacht ar oideachas. Féach isteach ar conas a mhéadóidh bochtaineacht fadhbanna.
- Iarr ar gach grúpa ceart a roghnú ón mbileog oibre agus smaoineamh conas a chuirfeadh sé isteach ar a saoil féin mura mbeadh sé ann.
- Ba chóir go dtarraingeodh na daltaí iocón a sheasann don gceart a roghnaíodar i lár leathanaigh agus línte a tharraingt ag féachaint amach i dtreo chearta eile a chuirfeadh se isteach orthu mura mbeadh sé ann. Ar thaobh na línte ba chóir go dtaispeánfadh na daltaí conas go gcuirfí isteach ar na cearta san, trí é a scríobh, nó trí léaráid a dhéanamh á thaispeáint.

Aidhmeanna Foghlamtha

Sé a dhéanfaidh na daltaí ná

1. go dtuigfidís go bhfuil riachtanais bhunúsacha an duine mar bhunús na gcearta uilíocha
2. tosú ag ceangal cearta le gnéithe forbartha

Curaclam OSSP

Mé féin agus daoine eile

Béarla

Ag léamh le h-aghaidh eolais, ag forbairt dearcaí

Sé a bheidh uait ná



bileog oibre, leathanach 32

- páipéar agus ábhar ealaíne



Ealaíon Amharcach

Colláis de chearta daonna

Déan colláis de chearta daonna. Gearr amach ábhar ó pháipéir nuachta agus ó iris leabhair le pictiúir san áireamh agus cuir ceanteidil leo.

Nó úsáid paca na ngrianghraf sa t-slí céanna trí na grianghraif a chóipeáil agus cearta a chur timpeall orthu, go bhfuil fianaise fúthu sa ghrianghraf, toisc go bhfuil siad le feiceáil, nó, nach bhfuil siad le feiceáil. D'fhéadfaí fiosrú agus imlíniú a dhéanamh ar an gceart do uisce glan, oideachas, nó, do go leor bia, agus na cúiseanna nach bhfuil teacht ag clanna ar na riachtanais bhunúsacha san.

OSSP

Tabhair cuireadh do chainteoir ar chearta daonna

D'fhéadfadh an rang gné chearta daonna a roghnú go bhfuilid buartha faoi agus cuireadh a thabhairt do chainteoir ó ghrúpa cearta daonna náisiúnta, nó áitiúil, chun caint faoi agus é a phlé.

Ar Líne



Cearta Daonna

www.oxfam.org.uk/coolplanet/teachers/devrights/index.htm

Ceachtanna Cearta Daonna. Is féidir teacht ar chairt Oxfam do chearta bunúsacha anseo.

Acmhainn fhoghlamtha deartha go saineiúil do ranganna bunscoile sinsearacha,

Tá "Mise, Tusa, Gach Aoinne" le fáil ó Amnesty International. (Éire).

Bileog Oibre: Aonad 2, Ceacht 2

Ceartha Uilíocha



Ainm:

Dáta:

Cairt Domhain Oxfam le h-aghaidh Riachtanas Bunúsach

Dhein Oxfam, an ghníomhaireacht fhorbartha, suirbhéireacht ar dhaoine ina lán tíortha timpeall an domhain chun a fháil amach cad iad na riachtanais bhunúsacha ba mhó.

Mhottaigh daoine go láidir go bhfuil an ceart ag an duine aonarach na riachtanais seo a bheith soláthraithe dóibh:

• 1 Baile	• 6 Deiseanna cothroma
• 2 Uisce Glan	• 7 Ionchur ina dtodhchaí féin acu
• 3 Go leor le n-ithe	• 8 Oideachas
• 4 Timpeallacht sábháilte	• 9 Go leor airgid chun maireachtála
• 5 Cosaint ó fhoréigin	• 10 Cúram Sláinte

Déan do dheich gcinn de chearta a chur i gcomparáid le Liosta Riachtanas Oxfam. Má réitíonn siad le chéile, cuir iad, nó, liostáil iad trasna ón riachtanas comhfhreagrach mar Ceart a réitíonn le riachtanais bhunúsacha. Sa chás nach réitíonn siad le chéile nó sa chás ná fuil tú cinnte, cuir iad, nó, liostáil iad ins an áit a deireann sé **Ceartha nach réitíonn**:

Liosta Riachtanas de chuid Oxfam	Liosta ár gCeartha Ceartha a réitíonn le riachtanais bhunúsacha
• 1	
• 2	
• 3	
• 4	
• 5	
• 6	
• 7	
• 8	
• 9	
• 10	
	Ceartha nach réitíonn

Ceacht 3

Domhan Freagrach

Ceanglaíonn an ceacht seo cearta agus dualgais i dtimpeallacht an dalta féin. Tá teilgean na scoile iomláine ar *chearta agus ar dhualgais* agus *cairt an ranga* mar shlí, chomh maith, chun caoi a thabhairt do dhaltaí ar thuairim na saoránachta a bhlaiseadh don gcéad uair.

Tá leagan ghearr de *Chomhdháil ar Chearta an Linbh*, a tógadh ó “*Lift Off*” de chuid Amnesty International, clóbhuailte ar leathanach 104 chun an chaoi a thabhairt do mhúinteoirí agus do dhaltaí ábhair atá faoi chaibidil anseo agus i gceachtanna eile a chur faoi bhráid chearta an linbh.

Aidhmeanna Foghlamtha

Sé a dhéanfaidh na daltaí ná

- 1) fiosrú a dhéanamh ar dhualgais sa scoil
- 2) dualgais a chuir i gcomhréir le cearta

Curaclam OSSP

Mé Féin agus an Domhan Mór: Saoránacht a fhorbairt

Béarla

Teanga bhéil: Cumas tuisceana a fhorbairt

Sé a bheidh uait ná



bileog oibre, leathanach 35

Gníomhaíocht 1

Cearta agus dualgais sa scoil



Duine aonarach



Samhlaigh, pléigh

Tabhair an bhileog oibre amach agus mol dos na leanaí samplaí a dhéanamh amach do gach ráiteas. Tabhair am dos na daltaí é a críochnú agus déan na dualgais phearsanta a chuireadar leis na ráitis a phlé.

Gníomhaíocht 2

Ag ceangail cearta agus dualgais



Péirí/grúpaí beaga



Pléigh, dear

- Mínigh go gcaithfear teacht ar réitigh idir dhaoine i dtreo is gur féidir leo bheith sásta agus sábháilte. Níl scoil difriúil ó seo. Cuir in iúl dos na daltaí go bhfuilid ar tí scrúdú a dhéanamh ar conas a oibríonn cearta sa ngnáth-shaol.
- Scríobhann gach dalta ceart síos atá tábhachtach sa rang.
- Malartaíonn gach aoinne lena pháirtí(ithe) agus scríobhann siad dualgas atá comhfhreagrach le ceart an pháirtí. Déanann páirtithe a n-aighe suas an réitíonn an ceart agus an dualgas agus mura ndéanann siad ath-réiteach a dhéanamh. Nuair a réitíonn siad, ba chóir go ndearfaidís a gcearta agus a ndualgais chun iad a léiriú.
- Nuair atá sé críochnaithe, mínigh go bhfuil an prionsabail chéanna i gceist chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil na cearta bailí i ngach leibhéal den tsochaí, ón gclann agus ón bpobal suas chomh fada leis na Náisiúin Aontaithe.
- Léirigh cearta agus dualgais an ranga.

Gníomhaíochtaí Teilgin

OSSP

Cearta agus dualgais sa scoil nach bhfuil aon aird tugtha orthu

Tabhair amach cóipeanna den CRC (ar leathanach 104) dos na daltaí chun iad a scrúdú sula dtosaíonn siad.

Iarr ar na daltaí aontú nach n-ainmneofar nó nach bpléifear daoine aonaracha. Déan iad seo a leanas a phlé agus a thaifeadadh:

- Déan cearta na leanaí go bhfuil an faillí is mó déanta orthu ag comrádaithe scoile a liostáil
- Déan na cearta go bhfuil faillí déanta ortha ag na múinteoirí a liostáil
- Déan na cearta go bhfuil an faillí is mó déanta orthu ag tuismitheoirí agus ag coimirceoirí a liostáil.
- Déan na dualgais go bhfuil an fáilí is mó déanta orthu ag leanaí a liostáil.
- Déan na cearta a thrasnaíonn cearta eile a liostáil

Tar éis san bódh plé oscailte agaibh. Tá am imeartha agus teacht ar teilifís mar phointí tosaithe maithe le h-aghaidh cearta a thrasnaíonn cearta eile a phlé.

Ceol

Ceol le h-aghaidh Chearta Daonna

www.edchange.org/multicultural/arts/songs.html

Déan fiosrú faoi amhrán ó thaobh chearta daonna agus ó thaobh il-chultúrtha de. Soláthraíonn an suíomh idirlín innéacs de amhráin, le roinnt liricí san áireamh ann, ó ealaíontóirí gníomhacha mar Bruce Springsteen, U2, Bob Marley, Liam Clancy, Kermit the Frog, Kool G Rap agus Madonna.

Ealaíon

Cartúin

Féach isteach ar chearta agus ar ghnéithe forbartha i gcomhthéacs a mhéadaíonn ar an bhfiosrú agus ar an díospóireacht. Tá réimse leathan cartún i dteannta le moltaí le h-aghaidh iad a úsáid le fáil ag www.developmenteducation.ie/cartoons/

Scoil Iomlán

Ár gcearta ár nDualgais

- Ag baint úsáid as obair ranga mar bhunús, déan taispeántas ar Ár gCearta, Ár nDualgais ar an mbealach isteach chun na scoile.
- Iarr ar thuismitheoirí, ar mhúinteoirí agus ar leanaí ráitis agus freagraí a chur isteach i spás comharthaithe nó i mbosca poist.
- Tar éis an taispeántais, ceap grúpa chun tuairisc a dhéanamh ar an bhfreagra ar an taispeántas. (Trial taifead fótagrafach a choimeád – tugann próiseas daonlathach, mar é seo, páirt do leanaí i bhfoirmiú polasaí agus pleanáil scoile.)
- Eagraigh Cairt Chearta Scoile ar an mbonn céanna le cairt an ranga. Is féidir leis feidhmiú sa chleachtas mar dhoiciméad ag cur cearta, dualgais, meas agus impleáchas dearfach chun cinn agus ag cur le h-iompar sóisialta feabhsaithe.

Tionscnamh

OSSP, Béarla

Cairt ranga

Roinn torthaí gníomhaíocht 2 chun teacht ar Chairt Ranga aontaithe. Coimeád simplí é. Má tá sé deacair teacht ar aontú, déan coiste a cheapadh chun comhordú a dhéanamh ar na cainteanna. Éireoidh níos fearr leis an bpróiseas má bhíonn páirt ag gach aoinne ann agus má shíníonn siad dó agus mar sin b'fhéidir go gcaithfí dul ar ais chuige thar thréimhse coicíse mó mar sin. Má tá cairt déanta cheana ag an rang is anois an t-am chun fháil amach an bhfuil sé cruinn nó chun ath-fhéachaint a thabhairt air.

Ar Líne



Cearta agus Dualgais

www.savethechildren.org.uk/partners/lesson_rights.html

Ceachtanna agus Gníomhaíochtaí ar Chearta agus ar Dhualgais.

www.amnesty.ie/user/content/view/full/671

Gníomhaíochtaí agus scéalta faoi chearta daonna agus faoi éagsúlacht an chine daonna.

Bileog Oibre: Aonad 2, Ceacht 3

Mo Dhualgais



Ainm:

Dáta:

Gníomhaíocht 1

An aontaíonn tú leis na ráitis seo? Scríobh A má aontaíonn tú, N muna n-aontaíonn tú agus inis an n-aontaíonn tú AR UAIRIBH nó, i GCÓNAÍ. Inis cad a cheapann tú gurab é do dhualgas i ngach cás.

AN AONTAÍONN TÚ?	A/N	I GCÓNAÍ/ AR UAIRIBH	SÉ DO DHUALGAS NÁ
Ba chóir do gach leanbh bheith in ann dul ar scoil			
Ba chóir do gach leanbh bheith in ann cairde a bheith aige/aice			
Ba chóir do gach leanbh bheith in ann labhairt ins an rang			
Ba chóir do gach dalta bheith in ann páirt a ghlacadh ar cinneadh a dhéanamh			
Ba chóir go mbeadh gach aoinne in ann obair a dhéanamh gan cur isteach air/uirthi			
Ba chóir do dhaltaí bheith in ann ithe nuair is mian leo			
Ba chóir do dhaltaí bheith in ann gabháil timpeall sa rang go saoráideach			
Ba chóir do dhaltaí mothú sábháilte			
Ba chóir do mhúinteoirí éisteacht le leanaí			
Ba chóir go mbeadh na daltaí in ann an obair bhaile a fhágáil ar lár			
Ba chóir cead a bheith ag daltaí guma a chogaint			
Ba chóir cead a bheith ag daltaí fón pócaí a bheith acu ar scoil			
Ba chóir do gach dalta cothromaíocht a fháil			
Ba chóir go mbeadh cur isteach ag daltaí ins na h-ábhair a múintear ar scoil			

AR NDOMHAN, AN SAOL ROMHAINN
ACMHAINN DO RANGANNA SINSEARACHA TÍREOLAÍOCHTA INS NA BUN SCOILEANNA

Tá an bhileog oibre bunaithe ar acmhainn *Save the Children*.



Aonad 3
Forbairt: *Áitiúil agus Domhanda*



ÁR NDOMHAN, AN SAOL ROMHAINN
ACMHAINN DO RANGANNA SINSEARACHA TÍREOLAÍOCHTA INS NA BUN SCOLLEANNA

Ceacht 1

Athrú agus Forbairt: Pearsanta agus Áitiúil

Tógann an ceacht seo isteach an bun-smaoineamh ar fhorbairt ag tosú le dearcadh pearsanta agus áitiúil.

D'fhéadfaí iarradh ar dhaltáí roimh ré grianghraif agus gnéithe óna n-óige a thógáil isteach chun athruithe agus forbairt ina saoil a léiriú.

Aidhmeanna Foghlamtha

Sé a dhéanfaidh na daltaí ná

- 1) le forbairtí mar rud éigin a tharlaíonn ina saol féin
- 2) forbairt a scrúdú ina gceantar féin

Curaclam

Stair

Athrú agus Leanúnachas

Tíreolaíocht

*Timpeallachta Daonna:
Daoine ag maireachtáil agus ag obair ins an gceantar áitiúil*

Sé a bheidh uait ná

 bileog oibre, leathanach 41

Gníomhaíocht 1

Mo Scála ama pearsanta



Rang



Fiosraigh, déan iniúchadh ar dhearcaí

- Ullmhaigh trí iniúchadh a dhéanamh ar choincheap athruithe agus ar fhorbartha trí an rang uile a chur á bplé. Fiafraigh des na daltaí cad iad na h-athruithe gur thugadar féin faoi ndeara.
 - le linn a saoil féin
 - sa saol mór le linn a saoil
 - le linn a gcuid staidéir ar stair

Fiafraigh des na daltaí athruithe a aithint atá mar shamplaí de fhorbairt, chomh maith?

- Díriú na daltaí chuig an scála ama ar an mbileog oibre atá ag síneadh óna mbreith go dtí 2015. Iarr orthu dátaí tábhachtacha óna saol pearsanta agus ón ndomhan mórthimpeall orthu suas go dtí an am faoi

lathair a bhreacadh síos. Ba chóir dóibh leanúint ar aghaidh chomh fada le 2015, an sprioc ama don AFM ag breacadh isteach mór-ócáidí a fhéadfadh tarlú, chomh maith le nithe go bhfuilid ag súil leo tarlú chomh fada leis an ndáta sin. Níorbh fholáir dóibh dhá dhath éagsúla d'úsáid chun idirdhealú a dhéanamh idir nithe atá tarlaithe agus nithe go bhfuilid ag ceapadh go dtarlóidh.

- Críochnaigh trí scrúdú a dhéanamh ar roinnt samplaí ar fhorbairt na ndaltaí ó bhunús difriúla. Déan amach i dteannta leis na daltaí an féidir le dearcadh agus forbairt athrú ó phobal amháin go pobal eile. Fiafraigh, cuir i gcas, an mbíonn nithe sainiúla mar lá breithe, scrúdaithe agus gnása creidimh le feiceáil i scálaí ama na leanaí i ngach aon bhall?

Ar bhain daltaí úsáid as an aimsir nó gnéithe aiceanta i líne na ndaltaí – nó dea-fhómhair nó droch fhómhair? (i dtíortha go mbíonn turadh iontu d'fhéadfadh teacht na báistí bheith le fáil go minic ar línte ama na ndaltaí).

Gníomhaíocht 2

Pobal áitiúil agus forbairt



Grúpa



Obair allamuigh, mapáil

Tarlaíonn forbairt ag a lán leibhéil mar leibhéal pearsanta, leibhéal pobail agus ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Déanann an ghníomhaíocht seo fiosrú ar phobal áitiúil.

- Mínigh dos na daltaí go mbíonn a bhforbairt phearsanta ar siúl laistigh den bpobal áitiúil. Tosaigh le féachaint isteach ar a éagsúl is atá sé. Dé mhéid grúpaí difriúla a chaithfear smaoineamh orthu nuair atáthar ag soláthar seirbhísí pobail, m.sh. daoine le míchumas orthu, sean daoine, leanaí an-óg, leanaí agus déagóirí, clanna, tuismitheoirí singil, daoine fásta singil, mionlaigh eitneacha agus grúpaí creidimh.
- Iarr ar na daltaí cad iad na h-institiúidí, na h-eagraíochtaí agus na grúpaí deonacha a sholáthraíonn do riachtanais an phobail. Cad iad na seirbhísí atá soláthraithe? Cad iad na bearnaí atá ann.?
- Téigh ar aghaidh le seirbhísí áitiúla a mhapáil. Déan léarscáil den gceantar áitiúil, a thaispeánann foirgnimh agus áiteanna eile mar pháirceanna imeartha, spásanna oscailte nó gairdíní a sholáthraíonn seirbhísí don bpobal. Iarr ar na daltaí

áiteanna a mharcáil sa léarscáil a fhriothálann ar an bpobal. Is féidir saigheada a úsáid chun pointeáil amach i dtreo na seirbhísí atá in aice láimhe. D'fhéadfadh na daltaí suímh mholta a chur san áireamh le h-aghaidh seirbhísí a cheapann siad atá in easnamh ach go bhfuil géar-ghá leo. Cuirfear leis an ghníomhaíocht seo, go mór, trí obair allamuigh a dhéanamh, ag déanamh scrúdú ar áiteanna, ag tógáil grianghraif agus ag déanamh léaráidí agus pleananna. Ag braith air cá bhfuil cónaí ort, d'fhéadfadh pictiúir soiléire de do cheantar áitiúil bheith i Google Earth, inar féidir foirgnimh faoi leith a aimsiú.

(Tugann Eiseamláirí Curaclaim Tíreolaíochta 11 agus 13 moltaí le h-aghaidh mapála)

Gníomhaíochtaí Teilgin

Tíreolaíocht

Líne forbartha domhanda

Déan an líne forbartha Domhanda a leathnú ar an mbileog oibre trí dhátaí forbartha eile a chur leis (m.sh. Live Aid) nó tubaistí domhanda.

Béarla

Scríobh litir

Ba chóir go dtíallfadh na grúpaí aontú ar an bhearna san soláthar áitiúil is mó a chuireann isteach orthu féin agus litir a chur chuig pé dream a mheasann siad atá freagrach as, mar An Chomhairle Chontae nó an Chomhairle Bhaile, nó cumann spóirt nó roinn Sláinte de chuid an Rialtais.

Moltaí Tionscnaimh

Stair, OSSP

Forbairt áitiúil agus domhanda

D'fhéadfadh na daltaí

- scríobh ar stair na scoile i dtaobh eagrú a dhéanamh ar nó páirt a ghlacadh i bhforbairt áitiúil
- scríobh ar stair na scoile i dtaobh eagrú a dhéanamh ar nó páirt a ghlacadh i gcúnamh forbartha domhanda
- taighde a dhéanamh nó scríobh ar stair eagraíocht forbartha áitiúil mar an cumann creidmheasa áitiúil.



Bileog Oibre: Aonad 3, Ceacht 1

Athrú agus Forbairt: Pearsanta agus Áitiúil

Ainm:

Dáta:

Mo Líne-Ama Phearsanta

Úsáid dath amháin do ócáidí atá tar éis tarlú cheana féin agus ceann eile le h-aghaidh ócáidí an todhchaí a cheapann tú a tharlóidh, nó, go bhfuil tú ag súil go dtarlódh siad, le linn do shaoil.

Mo bhreith

2015

Líne forbartha domhanda

2015

Dátaí chun smaoincannh orthu:

1984 Gorta san Aetóip **2000** AFM aontaithe, tuilte i Mósaimbíc **2004** Tsunami Dheisceart na hÁise **2015** sprioc dáta AFM

Ceacht 2

Athrú agus Forbairt: Páirtíocht

Ceacht 1

→ **Ceacht 2**

Ceacht 3

Ceacht 4

Ceacht 5

Ceacht 6

Ceacht 7

Féachann an ceacht seo ar pháirtíocht i bpáirtíocht fhorbartha dhomhanda agus taispeánann sé slí amháin inar féidir le heagraíochtaí in Éirinn bheith gafa le forbairt domhanda inmharthana trí shaineolas a roinnt. Tá cumainn creidmheasa mar shampla de fhéin-chabhair agus mar fhoinsé cumhachtaithe i dtíortha fhorbartha agus i dtíortha atá ag forbairt.

AR NDOMHAN, AN SAOL ROMHAINN
ACMHAINN DO RANGANNA SINSEARACHA TÍREOLAÍOCHTA INS NA BUN SCOLLEANN

AR NDOMHAN, AN SAOL ROMHAINN
AONAD 3: FORBAIRT: ÁITIÚIL AGUS DOMHANDA

Aidhmeanna Foghlamtha

Sé a dhéanfaidh na daltaí ná

- 1) fiosrú a dhéanamh ar shampla de fhorbairt phobail
- 2) tosú ag féachaint isteach i bpáirtíocht sa bhforbairt

Curaclam Tíreolaíocht

*Timpeallacht Daonna:
Daoine agus tailte eile*

Dráma

Drámaíocht: Ag fiosrú tuairimí

Sé a bheidh uait ná

 bileog oibre leathanach 44

Gníomhaíocht 1

Sé féin-chabhair an rud is fearr



Rang



Léigh, drámaíocht, pléigh



Bileog Oibre

- Aimsigh an Ghaimbia ar léarscáil-balla na hAfraice agus iarr ar na daltaí é a dhathú ina léarscáil féin den Afraic. Tá an Ghaimbia mar thír beag ag forbairt atá tar éis páirtíocht a fhorbairt le gluaiseacht Chumann Creidmheasa na hÉireann.
- Mínigh go bhfuil éifeachtaí áitiúla agus domhanda i gceist le forbairt mar atá á thaispeáint i gcás na gcumann creidmheasa.
- Díriú na daltaí chuig an bhileog oibre. Léigh trí Gníomhaíocht 1 leis na daltaí agus déan mion-phlé air, ag díriú ar fhorbairt mar pháirtíocht, ina chabhraíonn daoine lena chéile.

Gníomhaíocht 2

Iasachtaí Táirgeachta



Rang



Drámaíocht

- Iarr ar na daltaí *Gníomhaíocht 2* ar an mbileog oibre a léamh agus a ullmhú le h-aghaidh drámaíochta.

- Inis do ghrúpa dalta, scartha amach ós na daoine eile, agus lasmuigh den raon éisteachta, bheith, mar dhea, mar oifigigh iasachta de chuid na gCumann Creidmheasa go bhfuil an cumhacht acu iasachtaí a thabhairt. D'fhéadfaidís é a thabhairt má chloítear le dhá chritéir:

1. *caithfidh na h-iasachtaí bheith le h-aghaidh cuspóirí táirgeachta, m.sh. bó a cheannach, rothar nó talamh, deisiú tí, gnó a thosú, díol as leabhair scoile, díol as ceachtanna rince nó ceoil nó aire a thabhairt do ghaol atá breoite;*
2. *caithfidh na h-iarrthóirí bheith in ann an iasacht a dhíol ar ais.*



- Ba chóir go mbeadh eolas ag na h-oifigigh iasachta faoi na ceisteanna atá i nGníomhaíocht 2 den mbileog oibre i dtreo is gur féidir leo iad a úsáid chun iarrthóirí iasachta a cheistiú.
- Bunaigh roinnt stáisiún le oifigeach stáisiúin ag gach stáisiún.
- Cumann na daltaí atá fágtha stáisiún, agus roghnaíonn siad ainm “phearsa mór le rá” fása ó Éirinn nó ón Ghaimbia, agus bíonn siad, mar dheia, go bhfuil iasacht bheag uathu. Mol roinnt cuspóirí iasachta, mar iad san atá liostáilte i gcoimre an oifigigh iasachta, ach ná tabhair an chritéir le h-aghaidh glacadh na h-iasachta. D’fhéadfadh na daltaí ainmneacha ón Ghaimbia a phiocadh mar (buachaillí) Amadou, Babakour, Sherif nó (cailíní) Fanta, Mariama, Satou. Tá liosta le fáil ag www.africanculture.dk/gambia/names.htm
- Ansin cuireann na daltaí isteach ar iasacht a ghlacfar leis sa chás go sásaíonn siad critéir 1 agus 2 thuas.
- Tabhair am dos na h-iarrthóirí, tar éis na drámaíochta, an chúis go gceapann siad gur glacadh nó gur diúltaíodh a n-iarratas a phlé.
- Tabhair deis dos na hoifigigh iasachta an chritéir a mhíniú agus mol tuilleadh cainte ar an rud.

- Críochnaigh le béim a chur ar ghné pobail na gcumann creidmheasa, mar go bhfuil tacaíocht ag gach ball ann ach, chomh maith, go gcuireann gach ball le táirgiúlacht an phobail i gcoitinne.
- Roghnach: cuir le céile taispeántas de léaráidí leis na cúiseanna ann le h-aghaidh an iasacht a lorg. Coimeádfaidh sé seo iarrthóirí luatha don iasacht gnóthach i dteannta le spreagtaí infheicthe a sholáthar chun féachaint ar an dtuairim faoi iasachtaí táirgeachta.

Gníomhaíochtaí Teilgin

Tíreolaíocht Éire mar pháirtí domhanda

Fiafraigh de na daltaí an bhféadfaidís smaoineamh ar shamplaí eile páirtíochta a fhéadfadh bheith tairbheach do thíortha ag forbairt. Iarr orthu díriú ar mhialartú scileanna, mar a bheadh i gcás sláinte, oideachais, gnó agus teicneolaíochta. Déan liosta le pictiúir.

An Ghaimbia

Cuir le céile eolas ar an Ghaimbia, ag baint úsáid as an suíomh idirlín globaleye atá liostáilte thíos.

Scoil Iomlán Matamaitic

Bunaigh scéim choigiltis

Bunaigh scéim choigiltis le h-aghaidh daltaí leis an gcumann creidmheasa áitiúil. Bheadh na cumainn chreidmheasa lán t-sásta cabhrú, soláthróidh siad cainteoir agus traenálfaidh siad foireann deonach.

Ar Líne



Cumainn Chreidmheasa

www.ilcu.ie/

Le h-aghaidh eolais ar ghluaiseacht Chumann Creidmheasa na hÉireann.

www.woccu.org/

Le h-aghaidh eolais ar ghluaiseacht Chumann Creidmheasa idirnáisiúnta.

An Ghaimbia

www.globaleye.org.uk/primary_spring01/eyeon/index.html

Eolas ar an Ghaimbia atá in oiriúint do dhaltai bunscoile. Féachann an suíomh idirlín seo ar a lán gnéithe forbartha ag leibhéal cuí.

Bileog Oibre: Aonad 3, Ceacht 2

Athrú agus Forbairt: Páirtíocht



Gníomhaíocht 1

Cumainn chreidmheasa sa bhaile agus thar sáile

Sé atá i gcumann creidmheasa ná grúpa daoine a shábhálann le céile agus a thugann iasacht dá chéile ag ráta úis cothrom. Ó bunaíodh an chéad chumann creidmheasa in Éirinn i 1958, d'úsáid muintir na hÉireann iad chun cabhrú lena chéile airgead a fháil le h-aghaidh rudaí atá uatha. I gcás a lán daoine, go h-áirithe in am an ghatair ins na 1960í agus na 1970í, bhí cumainn chreidmheasa mar an t-aon slí in-acmhainn a bhí ann le h-aghaidh airgead a fháil le h-aghaidh gach rud ó earraí feirme nó gluaisteán a cheannach go bronntanais Nollag, gan titim isteach i lámha lucht iasacht-airgid a thabhairt. Ins an lá atá ann inniu úsáideann daoine cumainn chreidmheasa le h-aghaidh sábhála agus iasachtaí rialta.

Le déanaí, chabhraigh cumainn chreidmheasa Éireannacha le tíortha ag forbairt cosúil leis an Ghaimbia san Afraic chun a gcumann chreidmheasa féin a bhunú. Tá a lán den dtacaíocht tar éis bheith i bhfoirm eolais, oilteacht agus teicneolaíocht a sholáthar.

Dúirt Pierre Mendy, Bainisteoir Ginearálta Chomh-chaidreamh Chumann Creidmheasa na Gaimbia: *“Chruthaigh cumainn chreidmheasa mar an áis airgeadais is fearr dúinn sa Ghaimbia. Tá siad tar éis cabhair a thabhairt do a lán daoine. Mar shampla, tá siad tar éis cabhrú lena lán ban píosa talún a fháil dóibh féin. Tá na ceangail idir a lán Cumainn Chreidmheasa as Éirinn leis an Ghaimbia thar a bheith dearfach. Dhá shampla an-mhaith ná an tacaíocht a thug Cumann Creidmheasa Ros Mhic Thriúin do Chumann Creidmheasa Foni Kansala sa Ghaimbia agus an tacaíocht a thug cumann creidmheasa múinteoirí na mbunscol in Éirinn, Comhar Linn, do chumann creidmheasa na múinteoirí anseo linn. Seo Sráidbhaile Domhanda mar is cóir dó bheith. Tá ár ngaol bunaithe ar ionannas páirtíochta, ar dhínit agus ar mheas.”*



Gníomhaíocht 2

Ag cur isteach ar iasacht bheag

Tá tú ar tí cur isteach ar iasacht bheag ó cheann des na h-oifigigh iasachta a roghnaigh do mhúinteoir. Chugat-sa atá bheith mar Éireannach nó mar Ghaimbiach. Tá tú fásta suas agus ag tuilleamh. Ullmhaigh i dtreo is go mbeidh tú in ann míniú cé hé tú féin agus an chúis go bhfuil iasacht uait. Nuair a cheistíonn na h-oifigigh iasachta tú, ba chóir go mbeifeá in ann na ceistanna seo a leanas a fhreagairt:

- Cad is ainm duit?
- Conas a thuileann tú do chuid?
- Bhfuil airgead sábháilte agat?
- Cad na thaobh go bhfuil an iasacht uait?
- Cad é an t-ioncam atá agat?
- Cad é an fhaid a theastaíonn an iasacht uait?
- Conas a dhíolfaidh tú an iasacht ar ais?
- Murar féidir leat díol ar ais, cé dhíolfaidh é?

Sé breith an oifigigh iasachta an bhreith dheiridh.

Ceacht 3

Ról na hÉireann i nDomhan atá ag forbairt

Ceacht 1

Ceacht 2

→ **Ceacht 3**

Ceacht 4

Ceacht 5

Ceacht 6

Ceacht 7

Féachann an ceacht seo agus an ceann ina dhiaidh ar ról na hÉireann i dtaobh cúnamh forbartha thar sáile a sholáthar agus tugann sé an chéad bhlaiseadh dos na daltaí de Chúnamh Éireann agus des na tíortha ar a clár. Féach ar an suíomh idirlín ag www.irishaid.gov.ie

Tugann Bileog Eolais na Múinteoirí ar leathanach 47 an t-eolas cúlra cuí le h-agaidh é seo agus an chéad cheacht eile.

Aidhmeanna Foghlamtha

- Sé a dhéanfaidh na daltaí ná
- 1) dul i dtaithí ar ról na hÉireann i gcúnamh forbartha thar sáile
 - 2) an difríocht idir chabhair éigeandála agus cúnamh forbartha fad-théarmach a thuiscint

Curaclam Tíreolaíocht

Timpeallachta Daonna: Daoine agus tailte eile

Matamaitic

Sonra: Ionadaíocht agus For-léiriú

Sé a bheidh uait ná

- bileog eolais an mhúinteora, leathanach 47
- Léarscáil Domhanda Chúnamh Éireann



Bileoga Oibre A agus B, leathanach 48 agus 49

Gníomhaíocht

Ag tabhairt isteach ról na hÉireann



Grúpa



Féach isteach ar na coincheapa, déan anailís ar na sonraí



- Míniú go dtugann muintir na hÉireann freagra ar éigeandáil timpeall an domhain trí eagraíochtaí forbartha mar Concern, Christian Aid, Trócaire, Goal agus Féin Chabhair Forbartha Idirnáisiúnta, grúpaí misinéirí agus ag leibhéal rialtais oifigiúil trí Irish Aid, ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha.

- Tabhair isteach coincheapa chabhair éigeandála agus forbairt inmharthana agus lorg samplaí ar gach rannóg. (Féach ar Bhileog Eolais na Múinteoirí).
- Tabhair roinnt eolais ar ranníocaíocht forbartha na hÉireann, ag baint úsáid as an eolas ar Léarscáil Domhanda Chúnamh Éireann.
- Tabhair amach bileoga oibre A agus B agus iarr ar na daltaí iad a chríochnú i ngrúpaí.
- Nuair atá sé críochnaithe, déan torthaí na ndaltaí a phlé i leith na n-aicmí cúnamh.
- Tá sé tábhachtach béim a chur air go bhfuil gníomhaíochtaí chúnamh forbartha fad théarmach déanta i bpáirtíocht le rialtais na dtíortha san.



Ar Líne



Leanaí timpeall an domhain

Ag baint úsáid as na suímh idirlín ar an leathanach seo, mol do ghrúpaí féachaint isteach air agus tuairisc a thabhairt ar shaoil na leanaí sa domhan ag forbairt. Tá sé an-thábhachtach go dtuigfeadh na daltaí go bhfuilid ag féachaint ar thíortha go bhfuil na daoine féin-mhuiníneach go minic agus go bhfuil na h-ard-mhianta céanna acu san is atá acu féin. Ba chóir go gcuirfeadh in iúl dos na daltaí nach bhfuil gach aoinne go bhfuil cónaí orthu i dtír atá ag forbairt ocrach nó i ndeireadh na feide.

www.oxfam.org.uk/coolplanet/kidsweb/wakeup/index.htm
Dúisigh, a dhomhain – Lá i Saol
Leanaí timpeall an domhain.

<http://pbskids.org/africa/myworld/index.html>
Leanaí scoile san Afraic a rá mar gheall ar a dtaithí sa scoil – an gnáth rud, cosúlacht agus éagsúlacht.

www.oxfam.org.uk/coolplanet/online/explore/videos/vidhome.htm
Guthanna na leanaí ó Ghána.

www.oxfam.org.uk/coolplanet/kidsweb/world/
Stair agus comhad an tsaoil i dteannta le pictiúir ó Mósaimbíc, ón Aetóip agus ó thíortha eile.

Scrúdú léarscáileanna na dtíortha sa chlár
www.multimap.com

Ceacht 3

Bileog Eolais an Mhúinteora

Cúnamh Éireann

Déanann Cúnamh Éireann bainistíocht ar chlár cúnaimh oifigiúil Rialtas na hÉireann do thíortha atá ag forbairt. Tá Éire mar cheann de phríomh-thíortha cúnamh a thabhairt ar domhan agus tá sé sa chúigiú áit i measc thíortha an AE.

I 2006, bhí buiséad de €734 milliún ag Cúnamh Éireann. Tá 0.5% de OTN na hÉireann caite ar chúnamh forbartha. Tá an chuid is mó de obair Chúnamh Éireann déanta i bpáirtíocht le rialtais agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Sé a aidhm leithliseach phríomha ná bochtaineacht, neamhionannas agus eisiámh a laghdú i dtíortha atá ag forbairt.

Tá díriú láidir ar Fho-Sahára na Afraice agus go h-áirithe ar naoi gcinn de thíortha an chláir mar an Aetóip, Mósaimbíc, Uganda, Leosóta, an Tansáin agus an Mhaláiv i dteannta le Timor Leste agus Vítneam san Áis.

Tá Éire mar cheann des na príomh-thíortha cúnaimh agus tá sí sa chúigiú áit i measc tíortha OECD.

Cúnamh Forbartha

Tá an chuid is mó den gcúnamh airgeadais a thugann Cúnamh Éireann dírithe ar chomhoibriú forbartha. Tá sé fad-théarmach agus tá sé i bpáirtíocht le rialtais tíortha atá ag forbairt agus le h-eagraíochtaí idirnáisiúnta mar na Náisiúin Aontaithe.

Tugann Cúnamh Éireann freagra, chomh maith, ar ghéarchéimeanna daonna trína chlár faoisimh agus athghabhála éigeandála. Tá idirdhealú soiléir idir:

1. **Cúnamh éigeandála**, atá mar fhreagra ar ghéarchéim agus cabhraíonn sé le daoine maireachtáil agus go dtiocfadh biseach orthu. Agus
2. **Cúnamh forbartha inmharthana**, go bhfuil mar aidhm aige feabhas a chur ar shaoil daoine go leanúnach, thar tréimhse ama níos faide, ag cabhrú le dul i dtreo a bhféin-chothaithe, a mbuaine agus a neamhspleáchas.

Innéacs Forbartha Daonna

I mBileog Eolais Tíre, tabharfaidh daltaí aghaidh ar an Innéacs Forbartha Daonna (IFD) le h-aghaidh fhorbairt tír a thomhas. Tá sé mar threoir forbartha, a thógann ioncam agus gnéithe eile mar oideachas agus sláinte san áireamh. Tá an IFD i bhformáid tábla sraithe trína bhfuil sé simplí do dhaltaí comparáid tapaigh a dhéanamh idir thíortha.

Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise

Thug tosú na mílaoise reatha i 2000 dóchas do thodhchaí níos fearr agus níos cothroma don duine. Bhuailead ceannairí an 189 ball thíortha de chuid na Náisiúin Aontaithe sa Nua Eabhrach i Meán Fhómhair 2000 agus leagadar síos spriocanna, Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise, atá le bheith críochnaithe faoi 2015.

Tá na h-Aidhmeanna mar mhargadh idir an domhan forbartha, agus Éire san áireamh, agus tíortha bochta nó tíortha atá ag forbairt. Gheall na tíortha forbartha airgead chun feabhas a chur ar aicmí mar chúram-sláinte agus oideachas, faid is gur aontaigh na tíortha atá ag forbairt go mbeadh an t-airgead caite i gceart.

Bileog Oibre A: Aonad 3, Ceacht 3

Ról na hÉireann i nDomhan atá ag Forbairt



Ainm:

Dáta:

Gníomhaíocht 1

Tá roinnt slite liostáilte thíos inar féidir cabhair a sholáthar do dhaoine i dtíortha eile. Déan do aigne suas cad iad na gníomhaíochtaí a thagann faoi chabhair éigeandála, a chiallaíonn freagra a thabhairt ar ghéarcheim ina bhfuil daoine i gcontúirt láithreach, agus cad iad na cinn a thagann faoi chúnamh forbartha, a chiallaíonn cabhrú le saol níos fearr sa bhfad-théarma. Ansin líon isteach tábla an Domhain atá ag Forbairt i mBileog Oibre B.

Bia a chur	Ag bunú cumann creidmheasa	Ag cur amach oibrithe cúnaimh le linn tubaiste	Ag soláthar pobail
Ag obair le rialtais tíortha atá ag forbairt	Ag tógáil clinicí	Ag cur fiacha ar cheal	Ag tógáil droichid
Ag glacadh le dídeanaithe	Ag bunú scéim feirmeoireachta le daoine áitiúla	Ag tabhairt airgid	Ag soláthar ríomhairí
Ag tabhairt airgead agus an oilteacht chun droichead a thógáil	Ag múineadh mar gheall ar ghalair	Blaincíd a sholáthar	Leigheas a chur
Ag tógáil bád go h-áitiúil tar éis tubaiste	Múinteoirí a thraenáil	Ag cur leoraithe amach	Ag cabhrú le cailíní a chur isteach sa scoil
Ag traenáil oifigeach rialtais	Cur amach coimeádaithe síochána	Ag tochailt poill le h-aghaidh uisce	Ag cabhrú le VEID/SEIF a sheachaint

Bileog Oibre B: Aonad 3, Ceacht 3

Ról na hÉireann i nDomhan atá ag Forbairt



Ainm:

Dáta:

An Domhan atá ag Forbairt

Faoiseamh Éigeandála

Cúnamh Forbartha

AR NDOMHAN, AN SAOL ROMHAINN
ACMHAINN DO RANGANNA SINSEARACHA TÍREOLAÍOCHTA INS NA BUN SCOILEANNA

Ceacht 4

Tíortha Chlár na hÉireann

Leanann an ceacht seo leis an bhfiosrú ar ról domhanda na hÉireann trí fhéachaint ar shonraí dá chlár cúnaimh forbartha. Tugann sé réamhrá, chomh maith, ar shonraí a léiríonn an neamhionannas uafásach idir tíortha forbartha agus tíortha atá ag forbairt.

Aidhmeanna Foghlamtha

Sé a dhéanfaidh na daltaí ná

- 1) iad féin a chur ar a n-eolas faoi tíortha ag forbairt atá i bpáirtíocht le h-Éirinn.
- 2) tosú ag tuiscint na bhfadhbanna atá ós comhair tíortha atá ag forbairt, trí scrúdú a dhéanamh ar shonraí

Curacclam Tíreolaíocht

*Timpeallachta Daonna:
Daoine agus Pobail*

Matamaitic

Ag cur coincheapa agus próiseanna bhfeidhm (uimhir, graf)

Sé a bheidh uait ná

- léarscáil Domhanda de chuid Chúnamh Éireann
- léarscáileanna daltaí den Afraic
- Bileog Eolais Tíre, leathanach 10

Gníomhaíocht 1

Ag tabhairt isteach Chlár Thíortha na hÉireann



Grúpa



Úsáid léarscáileanna

- Agus ag baint úsáid as Léarscáil Domhanda Chúnamh Éireann, taispeáin clár tíortha na hÉireann. Ag tógáil na samplaí de Timor Leste agus Vítneam, deimhnigh go dtuigeann na daltaí go bhfuil bochtaineacht in áiteanna seachas an Afraic. D'fhéadfadh samplaí de bhochtaineacht in Éirinn bheith luaite, chomh maith.
- Iarr ar na daltaí na tíortha a mharcáil (seachas Timor Leste agus Vítneam) ar a léarscáil féin den Afraic.
- Mínigh go bhfuil Éire rangaithe mar thír saibhir le déanaí. Tabhair amach cóipeanna de bhileog eolais na tíre agus déan na staitisticí le h-aghaidh

pháirtithe forbartha na hÉireann a chur i gcomparáid.

- Déan na cúiseanna go mbeadh tír bocht a phlé, m.sh. *rialacha trádála míchothroma, fiacha, droch- aeráid nó éifeacht athrú aeráide, tugtha do thubaistí nádúrtha, cogadh, idirghabháil ag tíortha cumhachtacha, droch- rialtas, coimhlint eitneach.*
- Taispeáin gur annamh gur cúis amháin a bhíonn i gceist.



Gníomhaíocht 2

**Ag fiosrú thíortha ar
chlár Chúnamh Éireann**



Péirí/grúpa beag



**Tíreolaíocht agus
Matamaitic**

- Tabhair tír ar an gclár do gach grúpa agus iarr orthu comparáid scríofa a dhéanamh le h-Éirinn, ag baint úsáid as bileog na bhfíricí tíre agus Léarscáil Domhanda Chúnamh Éireann.
- Mol dos na daltaí cairteacha agus graif a úsáid. Soláthraíonn an próiseas bailithe sonraí le h-aghaidh léirithe grafacha tacaíocht láidir amharcach chun tábhacht Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise a thuiscint.
- Iarr ar na grúpaí a gcuid oibre a léiriú agus mínigh don rang conas a thaispeánann na staitisticí fadhbanna na forbartha.

Ar Líne



Fíricí na Forbartha

www.cia.gov/cia/publications/factbook/geos/su.html

Sonraí Tíre ón Leabhar Fíricí Domhanda.

www.irishaid.gov.ie

Clár cúnaimh forbartha de chuid Rialtas na hÉireann.



www.factmonster.com/countries.html

Fíricí tíre, léarscáileanna agus eolas do leanaí.

Ceacht 5

Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise (AFM)

Ceacht 1

Ceacht 2

Ceacht 3

Ceacht 4

→ **Ceacht 5**

Ceacht 6

Ceacht 7

Tá Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise mar an creatlach domhanda le h-aghaidh na forbartha le linn an tréimhse 2000 go 2015 (féach ar Bileog Eolais an Mhúinteora, I.47).

Aidhmeanna Foghlamtha

Sé a dhéanfaidh na daltaí ná

- 1) a fháil amach mar gheall ar aidhmeanna agus ar phróiseanna tábhachtacha den forbairt inmharthana, trí scrúdú a dhéanamh ar AFM
- 2) AFM a cheangail le heachtraí saoil trí úsáid a bhaint as paca na ngrianghraf

Curaclam Tíreolaíocht

Timpeallachta Daonna:

Trádáil agus Forbairt

OSSP

*Me féin agus an Domhan Mór:
Forbairt na Saoránachta*

Sé a bheidh uait ná

- paca na ngrianghraf
- fótachóipeanna de AFM, mar atá liostáilte ins an póstaer A2

Gníomhaíocht 1

Ag cur AFM i láthair



Rang



Cur i láthair ag an múinteoir

Cuir AFM os comhair an ranga agus téigh tríd an eolas ar AFM go garr, ag úsáid an phóstaer bhalla nó AFM fótachóipeáilte. Ná díriú ach ar na focail tábhachtacha amháin, ag an am seo.

Gníomhaíocht 2

Ag fiosrú AFM



Grúpa



Scrúdaigh ag úsáid sonraí amhairc

- Roghnaigh grianghraf ó phaca na ngrianghraf le h-aghaidh gach grúpa.
- Iarr ar na grúpaí scrúdú a dhéanamh air agus, ag úsáid a gcóip de AFM, roghnaigh an AFM a mheasann siad san a réitíonn is fearr leis. D'fhéadfadh an múinteoir siúl timpeall ag tabhairt treorach ag an bpointe seo.
- Ba chóir dos na grúpaí ceannnteideal a ullmhú leis an téacs den AFM roghnaithe chun é a thaispeáint ós cionn an ghrianghraif.
- Ba chóir dóibh an dara ceannnteideal gearr a ullmhú le h-aghaidh é a thaispeáint faoin grianghraf, ag míniú cad na thaobh gur roghnaíodar an AFM san mar an ceann is fearr a oiriúnaíonn.



- Ansin taispeánann na grúpaí grianghraif agus ceannteidil ag stáisiúin timpeall an tseomra ranga agus ceapann siad duine labhartha chun insint faoin AFM agus conas mar go bhfuil sé taispeánta ar an ngrianghraf.
- Ar deireadh ba chóir dos na daltaí labhairt faoi conas a fhéadfadh an AFM a roghnaíodar bheith bainteach le grianghraif na ngrúpaí eile.

Ar Líne



AFM

Tá eolas cúlrach cuimsitheach le fáil ag

www.developmenteducation.ie/issues/mdg.php

Agus

<http://cyberschoolbus.un.org/mdgs/index.html>

Gníomhaíocht Teilgin

Matamaitic/OSSP

An Mhílaois

Aidhmeanna Forbartha agus Tíortha Chlár na hÉireann

Úsáid cairteacha agus graif na ndaltaí ón gceacht deiridh chun AFM a cheangal le tíortha Chlár na hÉireann.



Is féidir leabhrán Unicef ar AFM le h-aghaidh leanaí a íoslódáil ó

www.unicef.org/publications/files/pub_mdg_en.pdf

Ceacht 6

AFM: Trádáil Chothrom agus Páirtíocht

Ceacht 1

Ceacht 2

Ceacht 3

Ceacht 4

Ceacht 5

→ **Ceacht 6**

Ceacht 7

Baineann AFM 8 le páirtíocht idir thíortha forbartha agus tíortha atá ag forbairt agus baineann sé le gnéithe faoisimh fiacha, le trádáil chothrom agus le bacainní eile ar fhéin-fhorbairt.

D'fhéadfadh daltaí ghnéithe mar trádáil chothrom a thuiscint go ginearálta ach chun tuiscint a bheith acu ar an dtionchar atá ag neamhchothroime na cumhachta, atá mar bhun-chloch na mí-chothromaíochta idirnáisiúnta, beidh orthu fiosrú gníomhach a dhéanamh trí chluichí, trí shamhail agus trí shamplaí. Tá roinnt chur chuige molta thíos. Tá sé riachtanach bheith in ann teacht ar an idirlíon. Tá cluichí atá simplí iad a íoslódáil san áireamh. Is féidir fótachóipeáil a dhéanamh orthu agus iad a úsáid mar bhileoga oibre rialta.

Aidhmeanna Foghlamtha

Sé a dhéanfaidh na daltaí ná

- 1) fiosrú faoi ghnéithe a chuireann teorainn ar forbairt
- 2) eolas a fháil ar thábhacht lárnach na páirtíochta i bhforbairt domhanda
- 3) féachaint isteach ar shlite chun tacaíocht a thabhairt do pháirtíocht ag leibhéal áitiúil

Curaclam

Tíreolaíocht

Timpeallachta Daonna:

Trádáil agus Forbairt

Béarla

Teanga Bhéil: An cumas chun smaoineamh a fhorbairt

Sé a bheidh uait ná

teacht ar an idirlíon chun cluichí priontáilte a íoslódáil agus le h-aghaidh éascú a dhéanamh ar fhiosruithe na ndaltaí

Gníomhaíochtaí Fiosraithe

Páirtíocht trí thrádáil agus trí fhiacha a fhiosrú



Grúpa



Fiosraigh, drámaíocht, pléigh

- Léigh amach AFM 8 agus déan cad a fhéadfadh bheith san áireamh i bpáirtíocht a phlé.
- Mínigh go bhfuil deireadh le fiacha míchothroma agus le rialacha trádála míchothroma thar a bheith tábhachtach do dhul chun cinn tíortha atá ag forbairt.
- Déan fiosrú trí na suímh idirlín ar an leathanach seo a leanas a úsáid.

Cluichí Trádála

Is féidir cluichí agus gníomhaíochtaí a íoslódáil, a phriontáil agus is féidir leis na daltaí iad a úsáid chun féachaint isteach ar choincheap na trádála cothroime agus na bhfiacha ag leibhéal cuí.

www.jusbiz.org/resources/TheBananaGame.pdf

Gníomhaíocht trádála banana go bhfuil drámaíocht agus díospóireacht san áireamh ann.

www.dep.org.uk/activities/ge-activities/13/ge13activities.htm

Cluiche trádála caife go bhfuil drámaíocht agus díospóireacht san áireamh ann.

www.papapaa.org/ks3/trade_3c.htm

Trádáil chothrom agus cócó – cluiche simplí ó comic relief.

Trádáil Éagothrom

Is féidir leis na daltaí fiosrú a dhéanamh ar shamplaí de thrádáil éagothrom agus faoi thuairimí le h-aghaidh gníomhaíochta ag na suímh idirlín seo a leanas:

www.jusbiz.org/showpage.php?pagename=resourcesindex

Cé bhfaigheann seo agus siúd – acmhainní ar dhéantús fón soghluaiste agus traenálaíthe.

www.oxfam.org.uk/coolplanet/kidsweb/food.htm

Eolas ar Thrádáil Chothrom. Scéalta ar conas go bhfuil feirmeoirí timpeall an domhain ag fáil cabhrach chun margadh níos fearr a fháil.

Fiacha

www.jusbiz.org/resources/debtgame.shtml

Gníomhaíocht fiacha idirnáisiúnta atá oiriúnach, le réamh-ullmhú, le h-aghaidh leanaí bunscoile sinsearacha.

Nithe le féachaint orthu **www.developmenteducation.ie/home/**

Déan cartúin mar gheall ar fhorbairt, ar fhiacha agus ar thrádáil éagothrom a íoslódáil

Eolas le h-aghaidh leanaí **www.oxfam.org.uk/coolplanet/kidsweb/food.htm**

Nasc tíreolaíocht agus OSSP go h-éasca tríd an suíomh idirlín seo a dhéanann fiosrú ar ghnéithe trádála cothroime.

Eolas le h-aghaidh mhúinteoirí **www.makepovertyhistory.org/**
Eolas cúlrach ar fhiacha a chur ar cheal.

www.fairtrade.ie/

Eolas cúlrach ó Fairtrade Mark na hÉireann.

Déan leabhar de oidis domhanda. Is féidir le daltaí tuairimí a fháil ag www.fairtradecookbook.org.uk/ agus www.crs.org/kids/recipe.htm

Tionscnamh Ranga agus na h-Uile Scoile Trádáil Chothrom

Obair allamuigh, fiosrú, léiriú agus taispeáint

Féach an bhfuil aon táirgí de chuid trádála cothroime ar fáil go h-áitiúil. Liostáil na táirgí agus na tíortha a sholáthraíonn iad. Eagraigh agallaimh do na daltaí le bainisteoirí siopaí chun a fháil amach cad na thaobh go dtugann siad tacaíocht (nó ná tugann siad tacaíocht) do thrádáil chothrom, conas a fhreagraíonn an pobal agus cad iad na táirgí go bhfuil díriú orthu.

Déan taispeántas Trádála Cothroime a eagrú. Tabhair sonraí ar thrádáil chothrom agus ar thrádáil éagothrom, ar fostaíocht chothrom agus ar fhostaíocht éagothrom. Taispeáin táirgí trádála cothroime, lipéid agus oidis.

Ceacht 7

AFM:

Réidh le h-Aghaidh Ghníomhaíochta

Aidhmeanna Foghlamtha

Sé a dhéanfaidh na daltaí ná

- 1) fiosrú a dhéanamh ar conas a chuireann gnéithe forbartha isteach ar shaoil aonaracha, ag baint úsáide as acmhainn amhairc
- 2) a dtuiscint ar idirspéachas fadhbanna forbartha agus ar AFM a mhéadú

Curaclam

Ealaíon Amhairc

Ag féachaint agus ag tabhairt freagra

Béarla

Teanga Bhéil: ag forbairt cumas tuisceana

Sé a bheidh uait ná

- bileog oibre A agus B, leathanach 58 agus 59
- paca na ngrianghraf

Gníomhaíocht 1

Idirspéachas AFM



Grúpa



Fiosrú gníomhach

- Déan fótachóipeáil ar leathanach 1 den mbileog oibre 1.
- Gearr amach príomh frásaí AFM ó bharr bileog oibre B agus greamaigh iad ag eatraimh ar líne le h-ais an bhalla.
- Gearr amach na fadhbanna ar an leath ar bun. Coimeád iad réidh le h-aghaidh a mbailiú ag na grúpaí (íosmhéid de dhá fhadhb per grúpa), leis an gcúl á thaispeáint.
- Iarr ar thrí dhalta toiliú bheith mar bhreithimh i dteannta leis an múinteoir.
- Roinn an chuid eile den rang ina grúpaí.
- Tógann gach grúpa cárta faidhbe go randamach, pléann siad ar feadh tréimhse ghearr (m.sh. óna trí go dtí cúig nóiméad) conas go bhfuil an fhadhb ceangailte le AFM amháin, nó le níos mó ná ceann amháin, agus piocann siad amach sampla chun gach ceangal a léiriú.
- Mínigh gur de bharr a mhéid AFM gur féidir leo a cheangail leo is ea is mó pointí

a bhfaighidh siad. Faigheann na grúpaí pointe, suas go thuas-mhéid de ocht – ceann amháin per AFM – le h-aghaidh gach ceangal a mheasann na breithimh a bheith bailí.

- Deimhnigh go bhfuil fhios ag na breithimh cad tá á lorg uathu, i.e. go gcaithfidh an ceangal idir an fhadhb agus AFM a bheith soiléir agus nithiúil.
- Tar éis am ullmhúchán, téann ball den gcéad grúpa trasna le hais an líne AFM agus stopann siad os comhair gach AFM go bhfuil a g(h)rúpa tar éis ceangal a dhéanamh leis. Míníonn sé/sí an ceangal agus tugann sé/sí sampla. (Tá de chead ag bail eile an ghrúpa chéanna noda a thabhairt).
- Tar éis turas gach grúpa, tabhair seans dos na grúpaí eile a gceangail a thabhairt do AFM ná fuil úsáidte fós agus pointí a fháil.
- Nuair atá gach grúpa tar eis a thuras a thógáil, bailíonn siad an dara cárta agus téann siad trí an bpróiseas arís.
- Cuir na scóir i gcomparáid.
- Macnaigh ar mhéid na gceangal a fuarthas le h-aghaidh gach faidhbe. Cuir béim air go bhfuil AFM idirspéach.
- Labhair faoi conas a fhéadfadh AFM8, eadhon páirtíocht idir thíortha forbartha agus tíortha atá ag forbairt, fadhbanna a bhogadh.

Gníomhaíocht 2

Saol Daoine agus AFM



Grúpa



Tallann mhearaithe

- Tabhair amach grianghraf, ó phaca na ngrianghraf, le daoine orthu do gach grúpa agus iarr orthu AFM gaolmhar a phiocadh amach agus déan tallann mhearaithe faoi ghnéithe atá ceangailte leis.
- Tar éis tamaill ghearr, iarr ar na grúpaí duine amháin des na daoine sa ghrianghraf a phiocadh amach agus, ar bhileog oibre A, liostáil inti an méid slí agus is féidir go gcuirfí isteach ar shaol an duine sin. Ba chóir dóibh smaoineamh, chomh maith, ar conas a chuirtear isteach ar chlann an té san.

Gníomhaíochtaí Teilgin

Béarla

Ag tabhairt isteach AFM don scoil

Iarr ar na daltaí AFM a thabhairt isteach agus cluiche a eagrú le h-aghaidh ranga sinsearaí eile. D'fhéadfaidís fadhb dá gcuid féin a chur leis.

Tionscnamh

Béarla/OSSP

Ag cur amach an focal ar AFM

Ba chóir go dtuigfeadh na daltaí go bhfuil cur chun cinn AFM mar chuid tábhachtach den dtroid i gcoinne bhochtaineachta agus ocras domhanda. An chéad chéim is ea na fíricí a fháil.

Abair leis na daltaí féachaint ar an dtéacs a chúl na ngrianghraf i bpaca na ngrianghraf, Léarscáil Domhanda Chúnamh Éireann agus Bileog na bhFíricí, le h-aghaidh ábhar don dtionscnamh.

Ansin ba chóir do gach grúpa liosta gníomhaíochtaí a cheapadh chun go mbeadh tuiscint níos fearr ag daoine agus go mbeadh níos mó teagmhála acu le AFM. Má théann na daltaí ar aghaidh thar chéim na pleanála, d'fhéadfaidís eolas a thaispeáint agus a láithriú sa scoil faoi gach AFM ar bhonn chéimithe, ag eatraimh coicíse mar a déarfá.

Féach isteach ar fhéidearthachtaí taispeántas a chur suas in áit phoiblí mar leabharlann poiblí, séipéal nó oifigí comhairle.

Cúnamh Éireann Ár nDomhan

Duaiseanna na Meán

D'fhéadfadh obair na ndaltaí láthair seolta a sholáthar chun cur isteach ar Dhuaisianna Bunscoile Chúnamh Éireann. Chun eolas suas chun dáta a fháil féach ar **www.irishaid.gov.ie**

Ba chóir do ranganna a chuireann isteach ar na Duaiseanna smaoineamh ar shlite an cur i láthair a thaifeadh.

Ar Líne



Suímh Idirlín AFM

www.trocaire.org/educationandcampaigns/education/Resources/trocaireatwork.pdf

Leabhrán gníomhaíochta le h-aghaidh mhúinteoirí ó Thrócaire faoin AFM.



www.developmenteducation.ie/home/Flyer.pdf

Smaointí le h-aghaidh gníomhaíocht daltaí – tá treoir múinteora nó piara ag teastáil do dhaoine ná fuil an léamh chomh maith san acu.

Bileog Oibre A: Aonad 3, Ceacht 7

AFM: Réidh le haghaidh

Ghníomhaíochta



Uimhir an Ghrianghraif:

AFM:

Liostáil gnéithe difriúla den t-saol a fhéadfaí cur isteach orthu

An Duine Aonarach

A C(h)lann

Leathanach 2 **Bileog Oibre:** Aonad 3, Ceacht 7 AFM: Réidh le h-aghaidh Ghníomhaíochta

Aidhm Fhorbartha na Mílaoise

1

Bochtaineacht a Laghdú

Aidhm Fhorbartha na Mílaoise

2

Oideachas a Fheabhsú

Aidhm Fhorbartha na Mílaoise

3

Comhionannas do Mhná & do Chailíní

Aidhm Fhorbartha na Mílaoise

4

Fad-saoil na Leanaí a Dheimhniú

Aidhm Fhorbartha na Mílaoise

5

Sláinte na Máithreacha a Fheabhsú

Aidhm Fhorbartha na Mílaoise

6

Troid i gcoinne Galair

Aidhm Fhorbartha na Mílaoise

7

An Timpeallacht a Chosaint

Aidhm Fhorbartha na Mílaoise

8

Obair i b-Páirtíocht

Droch- Shláintíochta

Cailíní Óga ag Tabhairt Aire do Chlanna

Aineolas faoi Bhaoil Sláinte

Athrú Aeráide

Siúl 6km le h-aghaidh Uisce Óil

Droch- Bhóithre

Rialtas Éililitheach

Gan aon dochtúir áitiúil

Leanaí ag Obair

Fiacha Míchothroma

Easpa Bia

Triomach

Droch- Thalamh

Cogadh

Neamhlitearthacht

Foinse Uisce Truailithe

Scaipeadh VEID/SELF

Aonad 4
Forbairt: *An Timpeallacht*



ÁR NDOMHAN, AN SAOL ROMHAINN
ACMHAINN DO RANGANNA SINSEARACHA TÍREOLAÍOCHTA INS NA BUN SCOLLEANNA

Ceacht 1

An Fhoraois Bháistí a Fhorbairt: Smaointí ó Mhadagascar

AFM 7. Inmharthanacht timpeallachta a dheimhniú

Nascann an ceacht seo forbairt inmharthana agus an timpeallacht, le díriú ar leith ar fhoraoisí báistí. Déanann na daltaí fiosrú ar shampla de conas a fhéadfadh tionchar bheith ag forbairt eacnamaíochta ar an dtimpeallacht. Tógann an obair seo uair a chloig chun é a críochnú ach tá sé tras-churaclaim (Béarla, Tíreolaíocht, Eolaíocht, OSSP) agus gabhann sé daltaí le scileanna smaoinimh ar leibhéal níos airde a úsáid.

Aidhmeanna Foghlamtha

Sé a dhéanfaidh na daltaí ná

- 1) Léargas a fháil ar an teannas a bhíonn i ngnéithe timpeallachta
- 2) anailís a dhéanamh ar an dtéacs chun argóintí a cheapadh faoi inmharthanacht timpeallachta

Curaclam Tíreolaíocht

Eolas faoin d-Timpeallacht

Béarla

Teanga bhéil, léamh, scríobh: ag forbairt an chumais chun smaoineamh trí fhiosrú ar an dtéacs, ag tógáil amach pointí tábhachtacha agus argóintí maithe a cheapadh.

Sé a bheidh uait ná



bileog oibre A agus B, leathanach 65 agus 66

- léarscáileanna dalta na hAfraice
- atlais

Forbairt Inmharthana

Forbairt inmharthana is ea forbairt a shásaíonn riachtanais na linne seo gan cur isteach ar ghlúin na todhchaí a riachtanais féin a shásamh. (Tuairisc Brundtland, 1987).

Tá na trí shraith de fhorbairt inmharthana: bainteach leis an dtimpeallacht, sóisialta agus eacnamaíoch.

Roinnt Fíricí i dtaobh na Foraoise Báistí

- Measann saineolaithe, de réir an ráta bainte reatha, go bhféadfadh na foraoisí báistí deiridh a bheith úsáidte roimh 2050.
- Cailltear timpeall 50,000 speiceas plandaí, ainmhithe agus feithidí gach bliain de bharr díothú na bhforaoisí báistí.
- Ainmnítear Foraoisí Báistí na Amasóine mar Scamhóga ár b-Pláinéid de bharr go bhfuil thart ar 20 fán gcéad de ocsaigin an domhain athchúrsáilte ag an fhoraois. Táimid go léir ag braith ar fhoraoisí.
- Níl ach aon chineál froig in oileán na hÉireann, faid is atá timpeall 300 ag Madagascar, lena foraoisí báistí.

Gníomhaíocht 1

Féachaint ghairid ar fhoraoisí báistí



Rang



Tallann mhearaithe, obair léarscáile

- Lorg eolas ós na daltaí faoi foraoisí báistí. Trial gnéithe mar éagsúlacht speiceas, gnáthóga nádúrtha, aeráid agus téamh domhanda a bheith san áireamh. Cuir le h-eolas na ndaltaí le fíricí ar an leathanach seo. Níos déanaí is féidir leis na daltaí dul ar thóir ábhar ar líne ag an suíomh idirlín liostáilte ar leathanach 64. Iarr ar na daltaí Madagascar a fháil ar an léarscáil bhalla nó ina n-atlais féin agus é a mharcáil ar léarscáil na hAfraice.

Gníomhaíocht 2

Ag baint na bhforaois báistí: an díospóireacht



Grúpa



Pioc amach pointí tábhachtacha, pléigh

- Roinn an rang i gcúig grúpa agus mínigh go n-ullmhóidh siad díospóireacht ar ghnéithe timpeallachta a bhaineann leis an fhoraois bháistí i Madagascar.
- Tabhair amach bileog oibre A agus léigh tríd leis na daltaí. Tabhair cuireadh do thuairimí.
- Tabhair amach bileog oibre B.
- Inis dos na grúpaí go bhfaighidh siad seans ag an deireadh seasamh a chosaint. Chun é seo a dhéanamh, beidh orthu na h-argóintí go léir a léamh go cúramach. Ba chóir dos na grúpaí léitheoir a cheapadh agus léamh trí na tuairimí éagsúla le chéile.
- Cion-roinn ról do gach grúpa. Tabhair comhairle dos na daltaí go bhféadfadh sé tarlú nach dtabharfaidís tacaíocht don ról cion-roinnte ach gur slí mhaith é chun fiosrú a dhéanamh ar na h-argóintí. Tabharfar deis dóibh ag an deireadh a dtuairimí féin a thabhairt.
- Iarr ar na grúpaí pointí tábhachtacha a liostáil agus argóint a chur le céile chun tacaíocht a thabhairt don seasamh a thógann siad.
- Sa deireadh ba chóir dos na grúpaí fear cainte a cheapadh agus é a ar a chur ar a eolas.
- Má tá go leor ama fágtha d'fhéadfaidís meirgí, póstaer nó gairm-shlua a ullmhú chun a seasamh a chur chun cinn le linn na díospóireachta.

- Sochraigh ar am cinnte don lucht cainte a gcás a léiriú.
- Tar éis na díospóireachta, déan athbhreithniú ar thorthaí na ndaltaí ón pháirt a ghlacadar sa díospóireacht agus mol dóibh a dtuairimí a thabhairt.

Gníomhaíochtaí Teilgin Béarla

Suíochán Te

Tar éis tuilleadh taighde a dhéanamh ar na foraoisí báistí ullmhaigh “suíochán te” agus bí mar chathaoirleach dheonach nó mar oifigeach rialtais chun ceisteanna agus argóintí ó lucht cosanta na timpeallacht a fhreagairt. Déan deimhin go gcuireann tú an ról sin i leath-taoibh ina dhiaidh sin mar bíonn plé dá leithéid sin teasaí go minic!

Tíreolaíocht

Na daoine ó Malagasy

Téigh i dtaithí ar na daoine ó Madagascar, éist leis an gceol agus déan fiosrú ar ainmhithe áitiúil. Is féidir leis na daltaí turas fíorúil de Madagascar a thógáil ag www.conservation.org/imagecache/madagascar/flash/tour.html

Ealaíon

Cartúin Madagascar

Déan cartúin a dhearadh de speiceas dúchasacha Madagascar. Téigh ar shuíomh idirlín na scannán le h-aghaidh tuairimí. www.madagascar-themovie.com/main.php

Eolaíocht

Breathnú an chórais aimsire

Déan do chórais aimsire féin a dhearadh trí shíolta a chur mar phónairí i gcoimeádán tréscailteach

dúnta. Breathnaigh ar na h-athruithe thar am ag déanamh taifeadadh ar na coinníollacha chomh-shaoil difriúla, mar comhdhlúthú maidir le athrú teasa. Coimeád coimeádán smachta gan aon fhásra, ach leis an méid céanna cré agus uisce agus déan comparáid. Ba chóir go soiléireofaí an éifeacht atá ag fásra chun aeráid a choimeád measartha.

Ar Líne



Caomhnú

www.eduweb.com/ecotourism/eco1.html

Tabhair cabhair do fheirmeoir i bhforaois báistí na h-Amasóine todhchaí inmharthana a phleanáil. Déan fiosrú ar éicea-thurasóireacht agus ar phleanáil inmharthana.

www.eduweb.com/agriculture/comag.html

Déan fiosrú ar tháirge caife agus ar chaomhnú ins an fhoraois bháistí.

www.enchantedlearning.com/subjects/rainforest/

Tá eolas ar na foraoisí báistí agus ar a hainmhithe ann go bhfuil teacht air ag léitheoirí den uile short cumais.



www.teachers.ash.org.au/jmresources/rainforest/links.html#Animals

Liosta de shuímh idirlín ar na fhoraoisí báistí, a plandaí agus a h-ainmhithe agus a daoine.

Bileog Oibre A: Aonad 4, Ceacht 1

Foraois uathúil Madagascar i mbaol



Is é 18 milliún daonra Madagascar.
Maireann 70% des na daoine ar níos lú ná
\$1 sa ló.

Ainm:

Dáta:

Gníomhaíocht 2

Bhí an t-alt seo a leanas, a scríobh Jo Revill, ar a bhfuil an bhileog oibre bunaithe, ar an Observer ar an 7ú Lúnasa, 2005.

Tá cead tugtha do cheann des na comhlachtaí mianadóireachta is mó ar domhan mianach an-mhór a oscailt ar oileán Mhadagascar ar An Aigéan Indiach ina mbeidh tochailt ar cheann des na foraoisí is sainsiúla ar domhan mar chuid de.

Tá cáil ar Madagascar dá fhián-bheatha. Níl a lán dá speiceas ainmhithe le fáil in aon áit eile ar domhan. Tá cáil a áilleachta agus a líne cósta ag mealladh turasóirí agus tá an scannán Madagascar tar éis cur leis an gcáil san. Sé atá ann ná scannán beoite faoi ainmhithe atá tar éis briseadh amach ó zú i Nua Eabhrach agus a chríochnaigh ar an oileán.

Deireann an comhlacht ollmhór mianadóireachta Rio Tint go gcoimeádtar aon damáiste don dtimpeallachta chomh h-íseal agus is féidir. Deireann siad go dtógfaidh sé saibhreas do réigiún bocht.

Beidh foraois baistí cósta atá ar imeall An Aigéin Indígh tochailte i dtionscnamh de luach €635 milliún chun ilminít a fháil. D'fhéadfadh an obair a bheith ar siúl ar feadh 40 bliain.

Tá éileamh an-mhór ar an lí bhán, a úsáidtear i bpáipéar, i bpéint agus i bplaisteach.

Tá níos mó grúpaí ainmhithe uathúla i Madagascar ná mar atá in aon áit eile ar domhan.

Sé an t-ainmhí is cáiliúla i Madagascar ná an léamar, ainmhí cosúil le moncaí le súile móra agus tá 32 speiceas difriúla díobh ann. I measc ainmhithe eile atá i mbaol ná an toirtís céachta, an toirtís is neamh-ghnáthaí ar domhan agus níl ach cúpla céad díobh sa lá atá ann inniu, ceann eile atá i mbaol ná an turtar (muineál taobhach).

Dhein Rio Tinto measúnú ar an damáiste dóchúil. Mar thoradh air sin, do shocraigh an comhlacht ceantar caomhnaithe ar an dtalamh a chur i leath taoibh go rabhadar chun mianadóireacht a dhéanamh air, i dtreo is go gcosnófaí roinnt des na speiceas ainmhithe agus plandaí. D'oibríodar, chomh maith, le saineolaithe ó Kew Gardens, na gairdíní luibheolaíocha cáiliúla i Londain, chun síolta plandaí i mbaol a chaomhnú. Fuair Kew Gardens airgead urraíochta ó Rio Tinto mar chuid den socrú.

Foclóirín:

ilminít – ábhar a úsáidtear chun páipéar, plaisteach agus péint a bhánú

lí – substaint a úsáidtear chun rudaí a dhathú

Rio Tinto – comhlacht mianadóireachta mór

Gairdíní luibheolaíocha – gairdíní ina bhfuil staidéar agus caomhnú déanta ar phlandaí

Déan athbhreithniú ar cad tá léite agat agus deimhnigh go leanann tú an scéal. Cuir ceist ar do pháirtithe mura bhfuil tú cinnte. Ansin léigh na dearcaí go léir ar an dara leathanach go cúramach.

Bileog Oibre B: Aonad 4, Ceacht 1

Foraois uathúil Madagascar i mbaol Dearcaí



Foclóirín

Comhshaolaí – duine a oibríonn chun an timpeallacht a chosaint, le daoine, le h-ainmhithe agus le plandaí san áireamh.



Ról 1

An Chéad Chomhshaolaí (In aghaidh an Tionscnaimh)

Seo lá an-díomách le an-droch scéal dos na daoine ó Madagascar. Tá Rio Tinto ag déanamh saothrú ar acmhainní aiceanta i dtíortha bochta, agus arís eile, is iad na daoine áitiúla a dhíolfaidh an praghas. Tá fíor-dhroch-bhochtaineacht i Madagascar, ach ní hé seo an tslí is fearr chun cabhrú leis. Tiocfaidh na mílte eachtrannach isteach chun na poist a thógáil, agus tá buairt faoi scaipeadh ghalair mar VEID/SEIF. Tá buairt orm go loitfidh sé ceann des na réigiúin is deise ar domhan.



Ról 2

Saineolaí ó Ghairdíní Luibheolaíoch Kew (Taobhach leis an Tionscnamh)

Ní chóir dúinn an milleán a chur ar an gcomhlacht. Theastaigh uainn an damáiste timpeallachta is lú agus is féidir a fheiceáil ón dtionscnamh. Táid ag tabhairt airgid dúinn-ne atá inár saineolaithe chun na speiceas plandaí a chaomhnú. Féach ar cad a dhearnamar-na dár dtír féin. Má leanaimid na rialacha céanna, nár cóir dúinn bheith ag clúdach ár dtír le foraois daraí agus le toirc allta? Is ait an tuairim atá againn faoi cad tá i gceart agus mícheart.



Ról 3

Fear labhartha an chomhlachta (Taobhach leis)

Creidimid go bhfuilimid tar éis gach rud a dhéanamh gur féidir linn chun an tionchar ar an dtimpeallacht a choimeád chomh h-iseal agus is féidir. Bhí ilminít chun bheith mianaithe ar shlí amháin nó ar shlí eile. Mura ndéanaimid-ne é, déanfaidh comhlacht eile é. Tá a lán den fhoraois sa taobh ó dheas imithe cheana féin de bharr gur ghearr daoine áitiúla a lán des na crainn le h-aghaidh ábhar tine. Beimid ag cur an fhoraois ar ais trí shíolta agus trí chrainn a chur in áiteanna go bhfuil réabadh déanta iontu.



Ról 4

An Dara Comhshaolaí (In aghaidh)

B'fhéidir go bhfuil a lán pleananna agat le h-aghaidh chosaint timpeallachta, agus tacaíocht ón a lán saineolaithe, ach táimid ag féachaint ar mhianach a bheidh ag feidhmiú ar feadh 40 bliain. Cad a dhéanfaimid má tharlaíonn sé sa deireadh, go mbeidh deireadh leis na speiceas, foraois atá réabtha agus daoine atá fós bocht? Cé bheidh freagrach as san? Aoinne! Is é an seana scéal go deo deo é le chomhlachtaí ag fáil pé rud ata uatha, is cuma cad é an costas don dtimpeallacht.



Ról 5

Fear labhartha an rialtais ó Madagascar (Taobhach leis)

Níl aon cheart agat tabhairt amach faoi an gcomhlacht nó faoi an rialtas. Féach ar an saghas páipéir agus an phéint atá uait. Trí éileamh a dhéanamh ar na h-earraí san, tá tú ag éileamh orainn nó ar dhuine eile ilminít a sholáthar. Táimid ag soláthar an rud a theastaíonn uait sa domhan forbartha. Tá an tír seo i measc na dtíortha is boichte ar Domhan agus teastaíonn uait go dtabharfaimis cosaint dár bhforaoisí ag ár gcostas féin agus ár ndrom a chasadh le h-airgead a fhéadfadh sláinte agus oideachas a sholáthar dár leanaí.

Nuair atá críochnaithe agat leis an léamh, fiafraigh de do mhúinteoir cad é an ról atá tugtha duit agus ullmhaigh chun do thuairimí a chosaint i ndíospóireacht leis na grúpaí eile sa rang. Chun é seo a dhéanamh, déan na príomh-phointí a thabharfaidh tacaíocht dod' thuairim ón scéal a liostáil. Déan scrúdú, chomh maith, ar ról eile agus liostáil príomh-phointí a fhéadfaí úsáid i do choinne.

Ceacht 2

Ag tabhairt aire dár dtimpeallacht

AFM 7 Deimhnigh inmharthanacht timpeallachta

Tá an ceacht seo dírithe ar inmharthanacht timpeallachta ag leibhéal áitiúil agus pearsanta. Tá béim curtha ar chaomhnú, ar athchóiriú a dhéanamh, sa mhéid agus is féidir, ar a thógaimid ón ndomhan. Moltar do dhaltáí scrúdú a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí féin mar shaoránaigh agus mar thomhaltóirí.

Ciallaíonn smaoineamh domhanda gníomhú go h-áitiúil.

Aidhmeanna Foghlamtha

Sé a dhéanfaidh na daltaí ná:

- 1) an tionchar atá againn ar an dtimpeallacht níos leithne a thuiscint
- 2) slite a aithint gur féidir leo cabhrú leis an dtimpeallacht a chosaint

Curaclam

Tíreolaíocht

Eolas faoin Timpeallacht agus Cúram

OSSP

Mé Féin agus an Domhan Mór: Saoránacht a Fhorbairt

Sé a bheidh uait ná



bileog oibre, leathanach 69

Gníomhaíocht

Na trí ALA: Athúsáid, Laghdaigh, Athchúrsáil



Grúpa



Fiosraigh, pléigh

- Mínigh dos na daltaí gur féidir ról gníomhach bheith acu i gcaomhnú. Mol dóibh scrúdú a dhéanamh ar shlite gur féidir le rudaí a tógar ón dtimpeallacht a chur ar ais, i dtreo is gur féidir le talamh agus acmhainní mar uisce, cré agus aer a bheith athnuaite agus go mbeidís ar fáil do ghlúin na dtodhchaí.
- Iarr samplaí ar na daltaí do acmhainní athnuaite agus do acmhainní neamh-athnuaite.
- Tabhair isteach coincheapa Athúsáid, Laghdaigh agus Athchúrsáil agus lorg samplaí ar conas a thagann siad isteach ina saoil.
- Iarr ar na grúpaí athbhreithniú ar a saoil laethúla le seachtain anuas, ag úsáid na bileoige oibre. Bíodh úsáid páipéir, úsáid

uisce, taisteal, cur de láimh fuíll, ábhar lóin scoile agus pacáil & araile san aireamh ina bhféadfadh Athúsáid, Laghdú, Athchúrsáil bheith i gceist.

- Ar deireadh socraigh ar ghníomhaíocht indéanta amháin a fhéadfadh an rang a dhéanamh chun cabhrú leis an dtimpeallacht.

Gníomhaíochtaí Teilgin

Tíreolaíocht

Lorg Coise Éiceolaíochta Domhanda

Mínigh go n-úsáidimid a lán de acmhainní an domhain ina lán gníomhaíochtaí ó ló go ló. Gach am a chuirimid an teas ar siúl, a scríobhaimid litir nó burgair a ithe bíonn tionchar againn. Caithfidh ola, adhmaid agus mairt fheoil teacht ó áit éigin. Caithfidh ola bheith tógtha amach, próiseáilte agus iompartha. Caithfear crainn a fhás, a ghearradh suas, a bheith iompartha agus próiseáilte ina lán slite difriúla. Caithfidh eallaigh bia agus uisce a fháil; tá leasachán ag teastáil ó fhéar, tá fuinneamh ag teastáil ó leasachán, caithfidh mairt fheoil a bheith próiseáilte agus iompartha.

Tabhair an chaoi dos na daltaí fiosrú a dhéanamh ar an tionchar atá Page 68 againn ar an dtimpeallacht. Cabhraigh leis na grúpaí táirge a phiocadh mar burgair, foinse mar adhmaid, nó tráchtearra mar ola agus taispeáin an lorg coise a dhéanann sé. Iarr ar na daltaí smaoineamh tríd an próiseas ó thosach (mar leasú a chur ar an dtalamh le h-aghaidh plandála nó tógáil innealra a úsáidtear sa phróiseáil) go dtí an t-am a shroicheann an tráchtearra an t-úsáidí deiridh.

D'fhéadfá an ghníomhaíocht a leathnú ina Thionscnamh, más toil leat. Lig dos na grúpaí cuimhneamh ar shlíte chun taighde, luacháil agus tomhas a dhéanamh ar ghnéithe lorg na coise mar sheachtain fuill páipéar a mheá. Is féidir leo teacht ar eolas ag www.myfootprint.org/ agus tráth na gceist lorg coise domhanda a dhéanamh.

Tíreolaíocht

Rianaigh aistear an táirge

Aimsigh foinsí táirgí agus comhábhar agus rianaigh a n-aistear ón bhfoinse chuig siopa áitiúil. Mar shampla, cé chomh fada ar thaisteal úlla allmhairithe ón Nua Shéalainn nó ó SAM? Úsáid scála chun an fhaid a ríomhadh. Cár gháibh an long leis?. Cad iad na tíortha gur chuaigh an lastlong tríothu agus cad iad na tíortha gur chuaigh an leoraí tríothu? Ba chóir go dtriallfadh na daltaí taifead a dhéanamh den aistear atá chomh réadach is a fhéadfadh a bheith.

Tionscnamh Uile Scoile 1

Scoileanna Glasa

Bí ina scoil ghlas. Tá níos mó ná 2000 in Éirinn faoi láthair (2006).

www.antaisce.org/projects/gssteps.html

Tionscnamh Uile Scoile 2

Loirg Coise Éiceolaíochta

Déan fiosrú ar lorg coise adhmaid na scoile. Déan úsáid táirgí adhmaid mórthimpeall na scoile a thaifead. Is féidir é a choimeád simplí trí dhíriú ar ghné shingil mar páipéar le h-aghaidh priontála. Toradh amháin a fhéadfadh a bheith leis ná moltaí a tharraingt aníos le h-aghaidh an 3 ALA a chur i bhfeidhm mórthimpeall na scoile.

www.10steps.ie/

Treoir léitheoireachta simplí ENFO do bhaile báuil don dtimpeallacht. Tá réimse leathan eolas timpeallachta ag ENFO (le bileoga ar ghnéithe leathana caomhnaithe san áireamh).

www.ecounesco.ie/programmes.cfm

Tá roinnt clár oideachais ar fhorbairt agus ar an dtimpeallacht ag ECO UNESCO.



www.recyclezone.org.uk/

Crios Athchúrsála: cluichí chun na 3 ALA a threisiú. Béim ar acmhainní a chaomhnú.

Ar Líne



Athchúrsáil

www.irish-energy.ie/index

Fuinneamh Inmharthana na hÉireann: San áireamh ins na gníomhaíochtaí tá treoracha agus asphriontaí le h-aghaidh déantús meaisíní inmharthana fuinnimh mar roth uisce, muileann gaoithe, luamh talún nó bugaí balúin; tá siopaí oibre eagraithe, chomh maith, le h-aghaidh daltaí.

www.blackrockec.ie/environment/makedo.htm

Tá sraith de acmhainní i suíomh idirlín Ionad Mhúinteora na Carraige Duibhe le h-aghaidh ábhar athchúrsáilte a úsáid mar chuid de thionscnaimh eolaíochta.

Bileog Oibre: Aonad 4, Ceacht 2

Ag tabhairt aire don Timpeallacht



Ainm:

Dáta:

Déan athbhreithniú ar an éifeacht a bhí agat ar an dtimpeallacht le seachtain anuas. Liostáil cad a fhéadfá-sa, do chlann nó do scoil a **Athúsáid**, a **Laghdaigh** nó a **Athchúrsáil** chun cabhrú le pláinéad níos inmhathana.

Athúsáid	Laghdaigh	Athchúrsáil

AR NDOMHAN, AN SAOL ROMHAINN
ACMHAINN DO RANGANNA SINSEARACHA TÍREOLAÍOCHTA INS NA BUN SCOILEANNA

Ceacht 3

Dán an Chrainn

AFM 7 *inmharthanacht timpeallachta a dheimhniú*

Seo ceacht machnamhach chun foghlaim faoi inmharthanacht timpeallachta a neartú.

Gníomhaíocht 1

Tabhartas na Coille



Rang, Grúpa



Mothaigh an fhilíocht trí phlé

Déan athbhreithniú ar bhuntáistí agus ar úsáid foraoisí, crann agus adhmaid

Léigh agus déan an dán a phlé *Dán an Chrainn* ar bhileog oibre A. Tar éis san tabhair am dos na daltaí a dtuairimí agus a mothúcháin a phlé. Tabhair aird ar an líne deiridh a leagann béim ar a chongaraí is atáimid don nádúr ag an mbreith agus ag an mbás. Ansin ba chóir go gcríochnódh na daltaí an ceacht ar bhileog oibre B.

Gníomhaíocht 2

Colláis na gcrann



Grúpa



Mothaigh an fhilíocht go samplaíoch

Cum colláis scoile iomlán de amhairc ag éirí ón ndán, ag baint úsáid as cipíní, duilleoga, síolta, sean-coirt & araile.

Iarr ar na daltaí líne ón ndán a roghnú agus tírdhreach, aimsir agus teocht, daoine, plandaí agus ainmhithe a shamhlú chun scéal amhairc a chruthú timpeall ar mhíniú na líne.

Aidhmeanna Foghlamtha

Machnóidh na daltaí go samplaíoch ar cad a fhoghlaimíodar faoi fhorbairt inmharthana

Curaclam Béarla

Teanga bhéil: ag forbairt saol na mothúchán agus na samplaíochta trí fhreagairt don bhfilíocht

Ealaíon Amhairc

Tógáil

Sé a bheidh uait ná



bileog oibre A agus B, leathanaigh 72 agus 73

Tá 'Dán an Chrainn' tógtha ó *Pachamama: Our Earth, Our Future* foilsithe ag Evans Brothers.



Gníomhaíocht Teilgin

Ealaíon Amhairc/Scéal/ Ceol

Tabhair an t-am agus na h-ábhair dos na daltaí chun freagairt do aon ghné den dán trí cheol, filíocht, scéal, dráma nó ealaíon. D'fhéadfaidís an léaráid sa bhileog oibre a fhorbairt, b'fhéidir, ina phóstaer taispeántais.

Ar Líne



<http://theaterwords.com/youngactors.html>

Drámaí gearra réamhdhéanta bunaithe ar scéalta béaloidis na h-Afraice, ina bhfuil an griot/griotte (cosúil le seanchaí na hÉireann) mar an scéalaí.

www.coillte.ie/learn_about_trees/5th_6th_class.htm

Gníomhaíochtaí ar fhoraoisí.



www.justforests.org/

Tá taispeántais Adhmad na Beatha, teagmhálach, siúlach ag Just Forests atá oiriúnach do leanaí. Tá cuireadh tugtha do scoileanna ins na ceantair go dtugann siad cuaird orthu teacht chuig an taispeántais. CD-ROM ar fáil.

Bileog Oibre A: Aonad 4, Ceacht 3

Dán




Ainm:

Dáta:

Dán an Chrainn

Ar oícheanta seaca is teas do thine mé
Is scáth geanúil ón ngréin sa lá mé
Torthaí is bláthanna mo thabhartais do dhaoine,
Agus tart ort, is iad a shlánaíonn tú.
Is rachta do thí-se mé,
Clár do bhoird is na leaba ar a luíonn tú,
An t-adhmad id' bhád Agus foinse do throscaín.
Is mé sáfach do ghrafáin,
Agus doras do thí',
Adhmad do chliabháin
Is clúdach an chónra
Ina mbeidh tú ag luí.

Sríofa ag Samuel Alodina, fillleadh ó Ghána




Bileog Oibre B: Aonad 4, Ceacht 3

Dán an Chrainn



Bronntanais an Chrainn

Nuair atá tú tar éis *Dán an Chrainn* a léamh go cúramach, léirigh bronntanais an chrainn ar bharr gach spóca ar an léaráid.



AR NDOMHAN, AN SAOL ROMHAINN
ACMHAINN DO RANGANNA SINSEARACHA TÍREOLAÍOCHTA INS NA BUN SCOILEANNA

Aonad 5
Forbairt: *Ag obair i dtreo todhchaí níos fearr*

ÁR NDOMHAN, AN SAOL ROMHAINN
ACMHAINN DO RANGANNA SINSEARACHA TÍREOLAÍOCHTA INS NA BUN SCOLLEANNA

Ceacht 1

Freagra ar Ghorta

→ Ceacht 1

Ceacht 2

Ceacht 3

Ceacht 4

Ceacht 5

AFM 1 *Cuir deireadh le fíor-dhroch- bhochtaineacht agus ocras*

Déanann an ceacht seo scrúdú ar an fhreagra ar ghorta, teorainn fhaoiseamh éigeandála agus na hiarmhairtí le h-aghaidh athshlánaithe fhaid-théarmaigh. Scrúdóidh na daltaí dhá phíosá léitheoireachta, maidir leis na gortaí in Éirinn sa 19ú aois agus san Aetóip sa 20ú aois.

Aidhmeanna Foghlamtha

Sé a dhéanfaidh na daltaí ná

- 1) Sé a dhéanfaidh na daltaí ná fiosrú a dhéanamh ar chúiseanna agus ar iarmhairtí an ocras san am atá caite agus le déanaí
- 2) conclúid a tharraingt faoi an difríocht idir fhaoiseamh éigeandála agus cúnamh forbartha inmharthana

Curaclam

Stair

Tréimhsí athruithe agus cogaidh

Béarla

Léamh, teanga bhéil: scileanna aisghabhála eolais, scileanna smaoinimh

Sé a bheidh uait ná



bileoga oibre A agus B,
leathanaigh 80 agus 81

- léarscáil bhalla na hAfraice
- léarscáil dalta na hAfraice

Cabhróidh na noda seo a leanas leis na sleachta ar leathanaigh 80 agus 81 a phlé:

Éire

Cad ba chúis leis an ngorta in Éirinn?

Cad a dhein níos measa é?

De ghnáth ní theastaíonn ó Rialtais go bhfaigheadh daoine bás. Cad na thaobh go ndéanfaidís cinneadh gan bia saor a thabhairt amach? (m.sh. ag cur isteach ar thrádáil, easpa suime, nár theastaigh go mbeadh daoine ag braith ar an stát, daoine deighilte ar bhonn aicme/cine/creidimh.)

Cad é an méid a thit an daonra in Éirinn?

Cé chomh fada ar lean an daonra ag titim?

An féidir leat roinnt cúiseanna a thabhairt?

Cad a fhéadfadh titim daonra chomh fada san a sheachaint?

An Aetóip

Cad ba chúis leis an ngorta san Aetóip?

Cad a dhein níos measa é?

An chúis go bhfuil sé níos deacra glacadh leis go bhfuil gorta ann sa lá atá inniu ann (m.sh. saibhreas, cumarsáid, teicneolaíocht)?

Cad iad na fadhbanna a éiríonn as cúnamh éigeandála leanúnach?

An gciallaíonn fadhbanna dá leithéid gur chóir dúinn stopadh ag tabhairt cúnamh éigeandála?

Gníomhaíocht 1

Freagra ar ghorta: Éire



Rang



Léigh, pléigh



- Tabhair amach bileog oibre A.
- Léigh é leis na daltaí. Caith cúpla nóiméad ar chaint ginearálta agus iarr ar na daltaí a dtuairimí agus a smointí a thabhairt.
- Úsáid na príomh noda ar leathanach 77 chun tuileadh plé a mholadh.
- Iarr ar na daltaí faoi na *cosúlachtaí* agus na *difríochtaí* atá idir ghorta an lae inniu agus an ghorta ins na 1840dí.
- Déan liosta ar an gclár faoi dhá cheannteideal, ag fágáil spás le h-aghaidh tuileadh níos déanaí. (Tá na príomh difríochtaí ceangailte le eolas/meáin, teicneolaíocht agus geilleagar domhanda an lae inniu.)

Gníomhaíocht 2

Freagra ar Ghorta: An Aetóip



Rang



Léigh, pléigh



- Tabhair amach bileog oibre B.
- Faigh an Aetóip agus iarr ar na daltaí é a mharcáil ar a léarscáil den Afraic.
- Léigh an píosa ar an Aetóip leis an rang. Ba chóir go leor ama a thabhairt dos na daltaí an téacs a ionsú agus tuairimí a mhalartú.
- Iarr ar na daltaí ráitis a thabhairt ar ghnéithe daonna na tubaiste.
- Úsáid na príomh noda ar leathanach 77 chun tuileadh cainte a mhealladh.
- Iarr ar na daltaí an féidir leo smaoineamh ar tuileadh cosúlachtaí/difríochtaí chun cur leis an liosta ar an gclár.
- Pléigh cad a fhéadfadh bheith ag teastáil le h-aghaidh athshlánú fad-théarmach i réigiúin atá i mbaol ó ocras athfhillteach.

Gníomhaíochtaí Teilgin

Ealaíon Amhairc/ Tíreolaíocht

Forbairt Inmharthana

Cuireann sé seo leis an bpointe deiridh cainte ó leathanach 75. Roinn an rang amach ina ghrúpaí. Tá faoiseamh éigeandála, mar bhia agus blaincíd, tábhachtach ach cad tá ag teastáil le h-aghaidh tionscnamh forbartha fad-théarmach? – iarr ar na grúpaí teacht suas le tuairim le h-aghaidh tionscnamh forbartha fad-théarmach (m.sh. scoil, tobar nó clinic a thógáil) – ba chóir dóibh teideal a thabhairt don dtionscnamh agus trí úsáid a bhaint as léaráid le sceitse mionsamhail agus focail chun a thaispeáint mar a oibreoidh sé. Ba chóir dóibh liosta a dhéanamh de fhadhbanna, chomh maith, don dtionscnamh céanna – cad a choisceadh an toradh is fearr a fháil? Cuir i gcuimhne dos na daltaí go n-oibríonn timpeall 80% de dhaonra na h-Aetóipe sa bhfeirmeoireacht (ach, chomh maith, nach bhfuil gach duine san Aetóip bocht – is cathair shaibhir í Addis Ababa). Coimeád na leathanaigh le h-aghaidh comparáide nuair atá na daltaí tar éis an chéad dá cheacht eile a chríochnú ina bhfuil sampla de fhorbairt inmharthana scrúdaithe go mion.

Stair/Dráma

An Gorta Mór agus

Eisimirce

Déan scrúdú ar an ngorta trí dhráma. Bain úsáid as Treoirlínte Mhúinteora Churaclam Staire, eiseamláir 17, leathanach 112. Treoirlínte Múinteora Staire: tá tuairimí chun staidéar a dhéanamh ar imirce in eiseamláir 16, leathanach 110.

Ealaíon Amhairc Ceannteidil Gorta

Pioc Éire nó an Aetóip agus déan ceannlínte ollmhóra le h-aghaidh na bpríomh pointí sa mbileog oibre.

Tionscnamh An Gorta Mór, imirce agus cogai talún

- Scrúdaigh stair áitiúil an Ghorta, imirce agus cogai talún. Ba chóir go ndéanfaidh na daltaí agallamh le staraithe áitiúla agus dul i gcomhairle le Treoirínte Múinteora Staire: eiseamláir 15, leathanach 100. Cuir leabhrán le céile.
- Déan Conair Staire má tá do réigiún aitheanta agat mar cheann le cuimhneacháin de aimsir an ghorta ann.

Ar Líne



Ocras Domhanda

www.trocaire.org/educationandcampaigns/education/Resources/lent2005/SeniorPrimary05.pdf

Acmhainn oideachais fhorbartha bunscoile sinsearaí ar an Aetóip ó Trócaire.

www.feedingminds.org/info/worldmap.htm

léarscáil ar líne ar ocras domhanda.

http://en.wikipedia.org/wiki/Live_Aid

Eolas ar Live Aid agus ar Bob Geldof.

Bileog Oibre A: Aonad 5, Ceacht 1

Freagra ar Ghorta



Ainm:

Dáta:

An Gorta Mór in Éirinn

Ins na 1840dí, bhí daonra na hÉireann dhá oiread an lae inniu. Mhair na daoine is boichte ar phrátaí ina iomlán, nach mór. Bhuaile galar ar a ghlaetar an dubh na prátaí in Éirinn agus scrios sé an fómhar in 1845, 1846 agus arís in 1848. Bhí daoine fágtha gan aon rud le nithe agus gan aon slí iad acu iad féin a chothú. Lean galar é. Ar dtús, ní raibh aon fhaoiseamh, ach i ngeimhreadh na bliana 1845 chuir rialtas Shasana, a bhí i gceannas ar Éirinn ag an am, arbhar saor ar fáil ar feadh tréimhse ghearr ach dhiúltaíodar é a chur ar fáil saor an aisce. Ní raibh de acmhainn ag na daoine is boichte é a cheannach. Tharla an patrún céanna i dtíortha eile mar an Nígir san Afraic i 2005, nuair a dhein an rialtas an breith céanna ag an dtús. Cé gur thriail roinnt tiarnaí talún cabhair a thabhairt, lean roinnt eile ag easpórtáil barraí gráinne. Le linn an ghorta, déanadh bia a easpórtáil a fhéadfadh cabhrú le daoine a choimeád beo. Dúirt John Mitchell, eagarthóir an United Irishman, do gach long a bhí ag teacht go hÉirinn le bia bhí sé chinn eile ag seoladh bia amach.

Fuair nach mór milliún duine bás ón ocraas nó ó ghalar le linn an ghorta. D'eisimircigh milliún eile, go Meiriceá den gcuid is mó. Fuair a lán bás ar na báid phlódaíthe, ar a ghlaetar longa cónra orthu.

Bhí daonra Poblacht na hÉireann, mar a ghlaetar air anois, mar 6.5 milliún in 1841 roimh an gorta. Faoi 1851, thit sé go 5.1 milliún agus lean sé ag titim don gcéad bliain eile ina dhiaidh sin. Faoi 1961 thit an daonra go dtí níos lú ná 3 milliún agus níor thosaigh sé ag dul suas go dtí an am sin. I 2005 d'ardaigh sé go 4 milliún don gcéad uair riamh ó dheireadh na 19ú aoise.

Bileog Oibre B: Aonad 5, Ceacht 1

Freagra ar Ghorta



Ainm:

Dáta:

An Gorta Mór sa Aetóip

Tá an Aetóip mar an tír is boichte de thíortha chlár Chúnamh Éireann, le 31% den daonra ag maireachtáil faoi láthair ar níos lú ná \$1 sa ló agus 76% ag maireachtáil ar níos lú ná \$2 sa ló. Tá timpeall 80% den daonra ag obair sa bhfeirmeoireacht.

Bhí an gorta i 1984 san Aetóip, go raibh triomach mar chúis leis, mar ceann des na cinn is measa i stair na linne seo. Bhí sé difriúil ó ghorta na hÉireann ins na 1840dí sa chaoi is go raibh sé ar siúl in am nuair a scaip eolas agus earraí timpeall an domhain níos fusa ná mar a bhí sé riamh de bharr na teicneolaíochta. Bhí anbhá mór ar dhaoine timpeall an domhain go bhféadfadh milliún duine bás a fháil ó ocras ins an lá atá inniu ann. Níor chabhraigh sé le cúrsaí nuair a bhí leisce ar rialtas na hAetóipe, ag an am sin, cabhrú le roinnt dá mhuintir féin i gceantair reibiliúnacha. Bhailigh Live Aid, le iarracht airgead a dhéanamh i 1985, go raibh Bob Geldof i gceannas air, na milliúin agus d'oscail sé súile a lán daoine faoin mbochtaineacht i bhFo-Sahára na hAfraice.

Chaill Beyench Ali ó Thuaisceart na hAetóipe ceathrar dá cúigear leanbh, beirt acu le linn an gorta. Smaoiníonn an bhean atá 63 anois ar dhaoine ocracha ag teacht anuas ós na cnoic. “Bhí a lán acu ag lámhacán, d’úsáid roinnt acu stiallaí rubar ar a rítheacha chun iad féin a tharraingt ar aghaidh. Fuair a lán acu bás. Bhí ionad bia acu anseo, go raibh i gceist é a bheith do leanaí amháin. Ní raibh go leor bia ar fáil.”

Ins na 1980dí, bhí fonn ar an ndomhan cabhair a thabhairt agus chabhraíodar go flaithiúil ach inniu fanann an Aetóip mar cheann des na náisiúin is boichte ar domhan. Faigheann sé níos mó ná mar a bhfaigheann a lán tíortha eile ó thaobh chúnamh éigeandála de, ach níl go leor á dhéanamh chun cabhrú leis na daoine bheith neamhspleách trí an deis a bheith acu a gcuid féin a thuilleamh. Cé go bhfuil daoine á gcoimeád beo, níl aon slí ag a lán acu imeacht ón mbochtaineacht.

Ceapann roinnt oibrithe cúnamh gur in ionad bheith ag cabhrú le daoine, go bhféadfadh gníomhaireachta cúnamh agus rialtais eachtracha bheith ag cruthú faidhbe níos mó le daoine a fhágáil ag braith orthu. Measann siad go bhfuil sé níos tábhachtaí do dhaoine an cumas a thabhairt dóibh cabhrú leo féin a fhorbairt.

Tá fhios ag cúnamh Éireann faoi seo agus tugann siad tacaíocht do chlár fhorbairt fhad-théarmach san Aetóip i dtaobh sláinte, talmhaíochta agus oideachais. Féachfaimid sa chéad cheacht eile ar shampla de thionscnamh.

Tá an Gorta Mór san Aetóip eagraithe ó alt páipéar nuachta ar a glaoth *How we failed to lift Ethiopia's curse* ag Tracy McVeigh (An Observer, 12-6-2005).

AR NDOMHAN, AN SAOL ROMHAINN
ACMHAINN DO RANGANNA SINSEARACHA TÍREOLAÍOCHTA INS NA BUN SCOILEANNA

Ceacht 2

Gergera: Forbairt san Aetóip An Fhadhb

AFM 1 Cuir deireadh le droch- bochtaineacht agus ocras agus
AFM 7 Deimhnigh inmharthanacht timpeallachta

Tá an ceacht seo mar an chéad cheann de dhá cheacht a bhaineann lena chéile agus a scrúdaíonn sampla de chúnamh forbartha fad-théarmach. Ba chóir na grúpaí daltaí sa cheacht seo a choimeád don gcéad cheacht eile, chomh maith. Iarrfar ar na daltaí a scileanna anailíseacha agus pleanála a úsáid. Tá fairsingiú fásaigh ag tarlú ins an chuid de Tigray, i dTuaisceart na hAetóipe, ina bhfuil Gergera suite.

Aidhmeanna Foghlamtha

Sé a dhéanfaidh na daltaí ná

- 1) mion-scrúdú ar thionscnamh forbartha inmharthana
- 2) tosú ag tuiscint go bhfuil a lán eilimintí idirspiléach i gceist le forbairt bhuaic

Curaclam

Tíreolaíocht

Timpeallachta Daonna: Daoine agus talamh eile

Béarla

Léamh: Ag forbairt an chumais chun smaoineamh: scileanna anailíseacha

Sé a bheidh uait ná



bileog oibre, leathanach 83

Gníomhaíocht

Tionscnamh forbartha le Cúnamh Éireann



Grúpa



Smaoinigh, pléigh, cad a tharlóidh?

- Mínigh go bhfuil Éire, trí Chúnamh Éireann, ag triail, i bpáirtíocht leis na daoine ó Gergera, na coinníollacha le haghaidh féin-fhorbairt a chruthú.
- Tabhair an bhileog oibre amach do gach grúpa. Iarr ar na daltaí an téacs a léamh agus na fadhbanna atá ós comhair na ndaoine a phlé.
- Ba chóir go ndéanfaidh na grúpaí réamh-mheas ar ghníomhaíochtaí ansin gur dócha a úsáidfear chun na fadhbanna a réiteach. Fág go leor ama don bplé agus don dtaifeadta le h-aghaidh réiteach a moladh.
- Iarr ar na grúpaí ais-eolas a thabhairt don rang.
- Sa deireadh, pléigh leis na daltaí cad é an AFM atá ins an sampla. D'fhéadfaidís teacht ar an dtuairim go bhfuilid go léir ann ar shlí amháin nó ar shlí eile).

Gníomhaíocht Teilgin

Ealaíon Amhairc

Gnáth-bhia an Domhain

Déan pictiúr éiceolaíoch a dhearadh ag baint úsáid as dathanna nádúrtha de

- síolta mar ros lín, puimcín, mealbhacán, lus na gréine
- piseánaigh mar lintilí glasa agus dearga, piseanna scoilte glas agus buí
- gránbharr mar rís, cruithneacht, muiléad agus eorna.

Táid go léir ar fáil in ollmhargaí nó í stóir bia-sláinte, de ghnáth. Úsáid canbhás láidir (m.sh. clár adhmaid nó barr bhoird sean) agus greamaitheach tíle in ionad ghliú pháipéir. Tugann an ghníomhaíocht seo deis chun féachaint isteach ar ghnáth-bhia an domhain.

Ar Líne



www.worldbank.org/depweb/
Eolas le haghaidh mhúinteoirí: uisce agus forbairt inmharthana.

Bileog Oibre: Aonad 5, Ceacht 2

Gergera: Forbairt san Aetóip

An Fhadhb



Ainm:

Dáta:

Tá Cúnamh Éireann gafa le cúnamh forbartha ar feadh na mblianta san Aetóip, ag obair i bpáirtíocht le rialtas náisiúnta agus áitiúil agus le daoine. Seo sampla amháin de fhadhb a chaithfidís réiteach. Léigh an t-eolas cúlrach agus trial cuimhneamh ar cad a dhéanfa chun an rud a fheabhsú. Níos déanaí, déanfaidh tú comparáid idir do phleananna agus na gníomhaíochtaí a dhein Cúnamh Éireann chun an rud a fheabhsú.

Tá Gergera i Tigray, an Aetóip agus is é an áit is measa a bhuail gorta 1984. Tá daonra an-dlúth ann agus is feirmeoireacht an tslí beatha do na daoine ann. Táid ag cailliúint talamh feirme don bhfásach. I 1994, thart ar deich mbliana tar éis ghorta na hAetóipe, ní raibh feirmeoirí in ann go leor bia a tháirgeadh chun bia a thabhairt dá gclanna. Bhí teacht ar uisce do dhaoine agus do ainmhithe mar fhadhb mhór. Bhí daoine ag braith níos mó agus níos mó ar chúnamh bia.

Cad na thaobh?

Bhí an iomad callaigh ag innilt agus ag nochtadh an fhásra agus mar sin bhí an t-uisce ag galú. Bhí an iomad barraí á chur agus ní raibh an talamh in ann iad a chothú.

Bhí crainn á n-úsáid mar bhreosla agus le haghaidh uirlisí agus ní raibh go leor airgid ag daoine chun uirlisí miotal a cheannach.

Scuabadh an chré nocht a bhí fágtha le sruth agus bhí an t-uisce ag rith le fána in ionad fanacht sa talamh.

D'úsáideadh cré le haghaidh díonta mar ní raibh go leor airgid ag daoine chun cláir iarrann rocach a cheannach. Anois, bhí níos lú cré ann le haghaidh phlandála.

Ní raibh na coirceoga bheach ag táirgeadh mórán meala mar ní raibh go leor fásra ann agus bhí an saol dian ar na beacha, chomh maith.

Cad iad na fadhbanna eile a bhí ann?

Bhí bailiú uisce mar thasc an-mhór agus thóg sé suas an chuid is mó den lá dos na mná agus dos na leanaí.

Chaitheadh feirmeoirí farae a bhailiú 14km ón áit le haghaidh a gcuid eallach.

Ní fhéadfadh leanaí freastal ar scoil mar bhí orthu uisce a bhailiú agus obair a dhéanamh.

Bhí gach aoinne ró thuirseach chun a thuilleadh a dhéanamh. Ní raibh aon slí acu a saoil a fheabhsú.

Theastaigh ó Chúnamh Éireann bheith gafa le cabhair a thabhairt don rialtas áitiúil cabhrú leis na daoine. Bhí fhios acu go léir gur uisce an eochair ach ... cad a fhéadfaidís a déanamh?

Cad a cheapann tusa?

Cad iad na céimeanna a mholfá go bhféadfadh Cúnamh Éireann agus na daoine ó Gergera a thógáil?

Cad iad do mholtaí le haghaidh gníomhaíochta?

Déan duine de do ghrúpa a cheapadh chun moltaí a thaifeadadh.

Déan liosta des na fachtóirí atá ag cur brú ar an dtimpeallacht agus ag cur isteach ar shaoil na ndaoine. Bíodh feirmeoireacht, uisce ag rith chun srutha, plandáil, beacha, féar, crainn agus teacht ar uisce ghlan san áireamh. Caithfidh na moltaí bheith praiticiúil: ní haon mhaitheas bheith a rá le daoine stopadh ag dó adhmaid (a bpríomh fhoinsé breosla) má tá siad fuar!

Ceacht 3

Gergera: Forbairt san Aetóip An Réiteach

AFM 1 *Cuir deireadh le fíor-dhroch ochtaineacht agus ocras*

AFM 2 *Bain amach oideachas bunscoile uilíoch*

Leanann an ceacht seo leis an bhfiosrú a tosaíodh in Aonad 5: Ceacht 2 de thionscnamh cúnaimh forbartha na hÉireann san Aetóip. Cuireann sé críoch le brollach an choincheap ar fhorbairt inmharthana.

Aidhmeanna Foghlamtha

Sé a dhéanfaidh na daltaí ná

- 1) comparáid a dhéanamh idir a meastacháin féin le haghaidh an tionscnaimh chúnaimh, a fiosróidh sa cheacht deiridh, leis an dtoradh ceart
- 2) scrúdú a dhéanamh ar phróiseas forbartha tionscnamh gur éirigh leis

Curaclam Stair

Athrú agus Leanúnachas

Tíreolaíocht

*Timpeallachta Daonna:
Daoine agus tailte eile*

Sé a bheidh uait ná



bileog oibre A agus B,
leathanach 86 agus 87

Gníomhaíocht

Réiteach ar na fadhbanna i Gergera



Rang/Grúpa



Déan anailís ar an dtéacs, pléigh

- Ba chóir go dtabharfadh na grúpaí a moltaí le haghaidh ghníomhaíochta i Gergera ón gceacht deiridh.
- Tabhair amach bileog oibre A a sholáthraíonn réiteach na bhfadhbanna a bhí sa cheacht deiridh.
- Ba chóir dos na grúpaí léitheoir a cheapadh agus léamh tríd an réiteach.
- Ba chóir go mbeadh am tugtha dóibh chun an réiteach a chur i gcomparáid lena moltaí féin.
- Tabhair amach bileog oibre B.
- Mol dos na grúpaí léamh tríd agus é a líonadh.

- Fiafraigh díobh ar smaoiníodar ar tuileadh feabhsúcháin saoil dos na daoine, seachas iad san a luadh ar an mbileog oibre.
- Fiosraigh leis na daltaí teachtaireachtaí ginearálta gur féidir foghlaim ón dtionscnamh.
- Déan scrúdú ar an dtionchar ar am sábháilte ar oideachas, ar thabhairt suas leanaí, ar shaol pobail agus nasc é le AFM.
- Críochnaigh trína rá leis na daltaí faoi shíneadh buaic an tionscnaimh fhorbartha:

Scéal maith ó Chúnamh Éireann

Dob é Gergera an chéad tionscnamh dá shórt le haghaidh chlár na hAetóipe. Mar thoradh ar fheabhas an tionscnaimh, cuireadh a cheachtanna i bhfeidhm in áiteanna eile. Ceann de ghnéithe is spreagúla faoi an dtionscnamh ná go raibh an-shuim ag pobail i gceantair chomharsanúla, tar éis na torthaí dearfacha a fheiceáil, foghlaim faoi, planáil agus tionscnaimh chomhchosúla a chur i bhfeidhm gan mórán cabhrach ón dtaobh amuigh. Tá a lán ceantair eile i Tigray (An Aetóip) le scéalta buacha, cosúla.

Gníomhaíochtaí Teilgin

Ealaíon Amhairc Ag Sábháil Ama agus Fuinnimh

Déan scrúdú ar Ghrianghraf uimh. 7 maidir le inmharthanacht timpeallachta agus saol feabhsaithe. Dóinn an sorn nach mór gach breosla agus tá sé i bhfad níos éifeachtúla ná tine oscailte. Tá buntáistí i gceist le acmhainní nádúrtha a chaomhnú mar chrainn agus an t-am a spáráiltear ó bhailiú bhrosna. Cuir cóipeanna an ghrianghraif ar chúlra mór agus iarr ar na daltaí na buntáistí a thaifeadadh trí fhocail, nó trí fhrásaí tábhachtacha, a scríobh timpeall an ghrianghraif.

Stair

Ag cur AFM i bhfeidhm do Éire, 1848

I dtaobh an duibh ar na prátaí in Éirinn, iarr ar na daltaí plean cúnaimh forbartha a dhearadh dá gceantar áitiúil féin nó do cheantar eile in Éirinn in 1848. Ar dtúis ba chóir dóibh liosta a dhéanamh des na fadhbanna a bhí ós comhair an daonra, ag baint úsáid as AFM mar threoir dos na deacrachtaí a chaithfidh lámh in uachtar a fháil orthu agus ansin déan fiosrú faoi fhreagraí.

Ar Líne



An Gréasán Compáis

Tugann tionscnamh oideachais forbartha Compás, de chuid comhlámh, eolas agus traenáil le haghaidh mhúinteoirí bunscoile.

www.comhlamh.org



Díriú ar Uisce

www.wateraid.org.uk/external/game/g_framegame_00.html

Tionscnamh idirghníomhach i Ghana: an tslí gur chóir do chúnaimh forbartha oibriú.

www.unicef.org/voy/explore/wes/1883_2001.html

Fócas UNICEF ar uisce – níl an téacs simplí ach tá grianghraif ag dul leis. Mol do léitheoirí ag tosú féachaint amach do fhocail phríomha.

<http://oxfam.org.uk/coolplanet/kidsweb/world/ethiopia/index.htm>

Comhad-fhíric, pictiúir, stair agus tíreolaíocht na hAetóipe.

Bileog Oibre A: Aonad 5, Ceacht 3

Gergera: Forbairt san Aetóip

An Réiteach



Ainm:

Dáta:

Réiteach ar fhadhbanna na ndaoine ó Gergera

Seo ar shocraigh Cúnamh Éireann agus a pháirtithe áitiúla a dhéanamh...

- Dul i gcomhairle leis na daoine agus ceist a chur orthu faoi cad a bhí ar eolas acu mar gheall ar an gceantar agus cad a fhéadfaí déanamh.
- Na feirmeoirí a thraenáil i gcaomhnú ithreach agus uisce.
- Talamh ard an ghleanna a dhéanamh ina léibheann (céimeanna a thógáil isteach i dtreo is ná caillfear an ithir).
- Crainn, féar agus plandaí a fhás.
- Coirceoga beach níos fearr a thabhairt isteach.
- Níos mó tobair lámh-thochailte a thochailt chun teacht ar uisce atá i bhfad thíos.
- Sruth an uisce a mhoilliú trí leath-chora a dhéanamh air.
- Leasachán a sholáthar le haghaidh fheirmeoireachta agus thalamh fhéaraigh, táirgeadh aoiligh a mhéadú.
- Slite níos fearr a thabhairt isteach chun aire a thabhairt dos na heallaigh i dtreo is ná beidís ag ithe na bplandaí nua.

Do fheabhsaigh na gníomhaíochtaí seo go léir an clúdach fásra agus anois cabhraíonn sé seo leis an uisce a chaomhnú.

Conas ar éirigh le do ghrúpa? Tabhair marc as 10 duit féin.

Bileog Oibre B: Aonad 5, Ceacht 3

Gergera: Forbairt san Aetóip

An Réiteach



Ainm:

Dáta:

Ach an rud nárbh fhéidir fhios a bheith agat faoi ná conas go raibh níos mó buntáistí fós ag baint leis na feabhsúcháin.....Líon isteach na spásanna thíos mar a léann tú – b'fhéidir go mbeadh ort tagairt a dhéanamh don mbileog oibre a líon tú sa cheacht deiridh.

Tá na daoine níos fearr as.

Agus toisc go bhfuil siad níos fearr as, táid ag cur díon ar a dtithe le cláir iarann rocach agus mar sin tá níos mó _____

Tá féar ar fáil go háitiúil ag na feirmeoirí anois le haghaidh a gcuid eallaigh agus dá bhrí sin ní chaithfidh siad _____ agus is féidir leo oibriú níos mó agus níos mó a thuilleamh. De bharr go bhfuil níos mó bia ag na hainmhithe táirgeann siad _____ níos fearr.

Tá sé de acmhainn anois dos na daoine uirlisí baile de chaighdeán níos fearr a cheannach, in ionad bheith ag úsáid adhmaid áitiúil chun iad a dhéanamh agus dá bhrí sin tá níos mó _____. De bharr ná fuil adhmaid uatha tá níos mó fothana agus coimeádann na fréamhacha an ithir le céile á stopadh ó _____ nuair a bhíonn sé ag cur báistí.

De bharr go bhfuil níos lú ama taistil le haghaidh bailiúchán uisce is féidir leis na leanaí, a bhíodh orthu aire a thabhairt dos na hainmhithe nó aistir fhada a shiúil chun uisce a bhailiú cheana, _____. De bharr tabhairt isteach coirceoga beach nua aimsire ciallaíonn sé go dtáirgeann siad 15 uaire níos mó meala ná coirceoga beach traidisiúnta agus is féidir le feirmeoirí níos mó _____ a thuilleamh agus déanann na beacha na bláthanna a phailniú ag cabhrú le níos mó _____ a scaipeadh agus mar thoradh ar san fásann siad agus tacaíonn sé le níos mó beacha.

Mar is féidir leat a fheiceáil, tá torthaí móra mar thoradh ar fheabhsúcháin bheaga i gcoinníollacha maireachtála. Táid níos fearr as toisc go bhfuil níos mó fásra ann. De bharr go bhfuilid níos fearr as, tá níos mó fásra fós ann. An féidir leat níos mó feabhsúchán saoil a ainmniú a tharla de bharr na forbartha.

Ceacht 4

Cúig cinn de Shaoil ar an Pachwa

Bóthar: Uganda

AFM 2 *Oideachas bunscoile uilíoch a bhaint amach*
AFM 5 *Sláinte mháthartha a fheabhsú*

Beidh gluaiseacht agus faid an cheachta seo éagsúil ag braith ar an méid ama a theastaíonn uait a chaitheamh ag plé nó ag machnamh ar na scéalta aonarach.

Féachann Bóthar Pachwa ar thionscnamh a thug Cúnamh Éireann faoi chun tacaíocht a thabhairt don rialtas réigiúnach i Réigiún Kibaale in Iarthar Uganda. Bhí cúig cinn de réimse príomha i gceist leis an dtionscnamh: sláinte, oideachas, uisce, sláintíocht agus traenáil. Gné thábhachtach den dtionscnamh ab ea oscailt bhóthar Kibaale-Pachwa, go maireann na daoine go bhfuil a scéalta inste anseo, in aice leis.

Soláthraíonn Lá i Saol Ruth deis do dhaltai fiosrú faoi éagsúlacht agus cosúlacht, cultúr agus cúrsaí trasna na h-ilchríche trí chomparáidí a dhéanamh lena saoil féin.

Aidhmeanna Foghlamtha

Sé a dhéanfaidh na daltaí ná

- 1) smaoineamh ar scéalta ón saol ceart ó thír atá ag forbairt.
- 2) a ngnáthamh laethúil a chur i gcomparáid le ceann ag leanbh i gceantar atá níos lú forbartha i dtír atá ag forbairt.

Curaclam

Tíreolaíocht

Timpeallacht Daonna: Trádáil agus Forbairt

Béarla

Ag léamh teanga bhéil, ag scríobh: ag forbairt saol na mothúchán agus na samhlaíochta

Sé a bheidh uait ná



bileoga oibre A agus B, leathanach 90 agus 91

- léarscáil pholaitiúil na hAfraice
- léarscáil dalta na hAfraice
- leathanach mór le haghaidh gach grúpa

Gníomhaíocht 1

Scéalta ó Uganda



Grúpa



Léigh, smaoinigh agus pléigh



Aimsigh Uganda ar léarscáil bhalla na hAfraice agus iarr ar na daltaí é a mharcáil ar a léarscáil féin den Afraic. Ba chóir dóibh a shuíomh intíre a thabhairt faoi ndeara (i dteannta le himpleachtaí spleáchais) agus tíortha ar a teorainn.

Mínigh faoin bpáirtíocht le Cúnamh Éireann ina raibh tógáil Bóthar Pachwa mar thoradh air agus an dá leathanach den mbileog oibre. Iarr ar na grúpaí roinnt des na scéalta, nó na scéalta go léir, a léamh agus iad a phlé ina seal.

Críochnaigh le plé ranga, ag tabhairt seans dos na daltaí a dtuairimí a mhalartú. Mol dos na grúpaí fiosrú a dhéanamh ar na h-ócáidí dearfacha agus an líon gnéithe dearfacha de fhorbairt atá léirithe ag na guthanna ó Uganda.

Gníomhaíocht 2

Lá d'ár Saol



Grúpa



Smaoinigh, pléigh, déan comparáid



Iarr ar na grúpaí filleadh ar ais go bileog oibre A agus Lá i Saol Ruth a ath-léamh. Ba chóir dóibh comparáid a dhéanamh lena ngnáthamh laethúil agus leo san ag Ruth agus cosúlachtaí agus difríochtaí a aithint.

Nuair atá críochnaithe acu, iarr ar na daltaí lá-seachtaine a roinnt ina mbloic ama ar leathanach mór agus líon isteach gníomhaíochtaí agus tascanna laethúla dóibh féin ar thaobh amháin den leathanach, agus na cinn le haghaidh Ruth ar an dtaobh eile. Faoi sin ba chóir dóibh trí ghné dhearfacha a liostáil dá gcuid féin agus de chuid saol Ruth.



Gníomhaíocht Teilgin

Ealaíon Amhairc

Deiseanna ar Bhóthar Pachwa

Déan léaráid nó pictiúr de Bhóthar Pachwa in aon mheán ag léiriú, le hais an fhaid, na deiseanna a osclaíodh do mhuintir na háite.

Bileog Oibre A: Aonad 5, Ceacht 4

Cúig cinn de Shaoil ar an Pachwa

Bóthar: Uganda



Chabhraigh Éire, trí Chúnamh Éireann, le tógáil bhóthair nua i Kibaale faoin dtuath in Uganda. Ins na scéalta seo, labhraíonn daoine áitiúla faoina saoil.

Lá i Saol Ruth

Táim dhá bhliain déag d'aois agus tá cónaí orm le mo mháthair, mo dheirfiúr agus mo dheartháir. Tá cónaí ar mo athair i Mpeefu lena bhean céile eile, ach tagann sé ar chuairt anois is arís. Cé gur thosaigh scoil an tseachtain seo caite, níor thosaigh mé fós de bharr nach bhfuil mó éide réidh.

Maidin inné, dhúisigh mé agus nigh mé mé féin, scuab mé an tigh agus nigh mé na gréithe. Fuaireas canadh uisce mór ó mo aintín atá breoite. Ag a timpeall ocht a chlog, chuas go dtí ceapach na nglasraí. Chaith mé an mhaidin ag obair ar an fheirm le mo mháthair. Is obair cruai é. Thógamar briseadh i lár na maidine agus d'itheamar pé rud a bhí fágtha ón mbéile aréir. San iarnóin, d'fhill mé ar ais ar an dtigh agus d'ullmhaigh mé an lón trí bananaí a lomadh agus iad a chur le pónairí a d'fhágamar ag cócaráil níos luaithe. Tar éis an lón chuas chun canadh mór uisce a bhailiú. Ansin do bhailigh mé broсна don tine agus thosaigh mé ag ullmhú an dinnéir trí phónairí a chur ar an dtine agus prátaí Éireannacha a lomadh.

Ithimid gach lá timpeall 7i.n. Tar éis an dinnéir bíonn roinnt ama agam chun imirt le mo chairde. Is fearr liom omupiira (líonpheil) ná aon chluiche eile. Tar éis san téim uisce le haghaidh níocháin agus téim a chodladh.

Scéal Angela

Thaisteal mé 50 ciliméadar ar rothar chun mó chéad leanbh a shaolú i Sunga, atá mar an clinic máithreachais is cóngaraí do shráid bhaile Kiduma. Bhí sé sin timpeall 1953. Ní raibh orainn díol as an tseirbhís leighis agus do thug an t-ospidéal béilí dos na máithreacha. D'fhan mé san ospidéal ar feadh seachtaine sula scaoileadh amach mé. Saolaíodh mo sheisear leanbh ag an ospidéal.

Má bhí leanbh ag mothú breoite, thógfainn é nó í 12 ciliméadar go dtí ospidéal Katindo. Chun dul go dtí Katingo, le linn an tséasúir báistí, nuair atá tuile ins an abhainn, gearrann snámhaithe maithe airgead ar daoine chun iad a iompar trasna na habhann. Tharla sé go minic gur bádh cuairteoirí chuig an áit, gan aon taithí acu bheith ag trasnú. Roimh bóthar Pachwa, ní raibh aon mhodh iompair ann, ní raibh sé indéanta dul ar na bóithre agus ní raibh mórán clinicí ann. Anois tá iompar níos fusa agus tá a lán clinicí tar éis oscailt. Tá ceann i Kiryanga fiú nach bhfuil ach trí ciliméadar ón áit.

Scéal Resty

Dhéanadh Resty a slí beatha trí bheith ag obair ar fheirmeacha daoine eile. Nuair a thosaigh na hoibrithe ag déanamh an bhóthair, d'oscail sí bialann chun bia a thabhairt dóibh. Déanann sí obair feirme fós go luath ar maidin ach tosaíonn sí ag cócaireacht ar a 9 r.n. don mbéile i lár an lae. Anois tugann sí bia do taistealaithe agus do chustaiméirí rialta. Leis an airgead a thuill sí dúirt sí 'Thóg mé mo thigh féin agus cheannaigh mé rothar, seinnteoir radio/caiséid, muc agus cúpla rud eile. Táim i mo aonar agus tá orm aire a thabhairt dom féin agus do mo mhac. Thosaigh mé an gnó seo i mo aonar agus trí mó iarrachtaí féin.'

Ba mhaith le Resty a gnó a leathnú, an bialann a fheabhsú agus deochanna boga a dhíol.

Bileog Oibre B: Aonad 5, Ceacht 4

Five Lives on the Pachwa

Road: Uganda



Scéal Mary

Táilliúir is ea Mary

Sular oscail an bóthar, bhailimis le céile i ngrúpa ó seisear go deichniúr ban agus théimis ar a h-aon nó dó a chlog ar maidin chun imdhíonadh a dhéanamh ar ár leanaí. Bhí orainn abhainn Mbaya a thrasnú dhá uair. Bhí an t-uisce suas chomh fada le mo ucht. Bhíomar ag iompar ár leanaí agus bhí roinnt des na mná ag súil le leanbh. Thriallfaimis an cnoc a shroichint roimh 10 a chlog, mar bheadh sé ró-the dul suas ann ina dhiaidh san. Shroichfimis an clinic ag a timpeall 11. Bhí sé deacair ach chabhraíomar lena chéile.

Roimh theacht an bhóthair, ní raibh leanaí bunscoile in ann an abhainn a thrasnú agus bhí orthu an bhliain a dhéanamh arís. Ní raibh an chuid is mó des na leanaí in ann dul go dtí an mheán scoil mar ní raibh sé de acmhainn ag na tuismitheoirí na táillí scoile a dhíol. Bhíomar gearrtha amach ós na margaí ina bhféadfaimis ár gcuid bharraí a dhíol agus roinnt airgid a dhéanamh.

Le roinnt de mo bhrabús ó bheith ag déanamh éadaí, cheannaigh mé caife tirim, stóráil mé é go dtí gur chuaigh na praghsanna suas agus dhíol mé é. Thóg mé foirgneamh buan le haghaidh an ghnó leis an airgead san. Fuaireas iasacht ó Chomhar Chumainn Iontaobhach agus Airgeadais na mBan i Kibaale.

Leis an mbóthar nua is féidir leis na mná teacht le céile níos éasca. Chabhraigh mé le mo chairde ban grúpaí a dhéanamh. Anois eagraímid seimineáir ar rudaí cosúil le saol clanna agus aire a thabhairt do leanaí. Tá leas na clainne ag braith ag an mbean – tá fhios aice cad tá ó leanbh. Pleanálann sí bia don gclann iomlán. Rithfimid ár scéim creidmheasa féin anois.

Scéal Ben

Tá Ben gafa le Grúpaí Sláinte agus Uisce áitiúla

Tháinig mé go dtí an áit seo i 1972 sula raibh sráidbhaile ann. D'oibrigh é mar shaor ar dtúis chun ospidéal Kagadi a thógáil. Nuair a tháinig mé anseo ar dtúis ní raibh aon scoileanna, bóithre ná uisce sábháilte ann. Bhíos páirteach leis an bpobal mar theastaigh uaim cabhair a thabhairt. Teastaíonn uaim athrú chun feabhais a dhéanamh ins an áit go bhfuil cónaí orm anois ann. Bhí rudaí níos forbartha ins an áit as ar tháinig mé sa mhéid is go raibh scoileanna agus uisce ann. Nuair a tháinig me anseo theastaigh uaim an áit a bheith mar an gcéanna. Sin an chúis gur ghlac mé páirt sa rud. Anois tá ionad trádála ann agus tá an saol níos fearr.

Leanann Cúnamh Éireann ag cabhrú i Kibaale

AR NDOMHAN, AN SAOL ROMHAINN
ACMHAINN DO RANGANNA SINSEARACHA TÍREOLAÍOCHTA INS NA BUN SCOILEANNA

Ceacht 5

Crann na Beatha: Mósaimbí

Cuireann fachtóirí daonna, mar cogadh, isteach ar bhochtaineacht agus ocras domhanda agus baineann sé an bonn den mbóthar chuig an AFM. Tá an ceacht seo bunaithe timpeall ar Chrann na Beatha, Saothar Ealaíne, atá léirithe i ngrianghraf 1*, atá mar chuid, chomh maith, de iarracht praiticiúil seasmhacht a chur ar ais i Mósaimbí.

D'fhéadfaí cosúlacht a fheiceáil idir an staid i Mósaimbí san iar-chogadh agus dí-armáil na ngunnaí i dTuaisceart na hÉireann deich mbliana ina dhiaidh san.

Aidhmeanna Foghlamtha

Sé a dhéanfaidh na daltaí ná

- 1) an tionchar atá ag éagobhsaíocht polaitiúil ar bhochtaineacht domhanda a phlé
- 2) fiosrú samhlaíoch, mar fhreagra ar ealaíon amhairc, ar iarmhartáí cogaidh agus na féidearthachtaí de athghiniúint
- 3) déantán a thógáil mar fhreagra ar an bhfiosrú sin

Curaclam

Béarla

Teanga Bhéil: forbairt mhothúcháinach agus samhlaíoch

Ealaíon Amhairc

Ag féachaint agus ag freagairt

Sé a bheidh uait ná

- léarscáil dalta na hAfraice, Grianghraf 1
- Crann na Beatha ó phaca na ngrianghraf

Gníomhaíocht 1

Fachtóirí daonna sa bhochtaineacht



Rang



Pléigh, déan fiosrú ar fhadhbanna

- Déan na sóirt gníomhaíocht daonna a phlé a bheidh mar chúis bochtaineachta, nithe mar éillitheach, iomaíocht ciníoch agus cogadh. Ba chóir dos na daltaí samplaí a thabhairt ó eachtraí reatha.
- Iarr ar na daltaí Mósaimbí a fháil ar Léarscáil Domhanda Chúnamh Éireann agus iarr ar na daltaí é a mharcáil ar a léarscáil den Afraic. Ba chóir tagairt a dhéanamh do staitisticí Mósaimbí ón mBileog Fíricí Tíre nó Léarscáil Domhanda Chúnamh Éireann.
- Cuir na fíricí seo a leanas os comhair na ndaltaí:

Chuir triomach agus tuillte isteach go mór ar Mósaimbí ag deireadh an 20ú chéad ach bhí cúrsaí níos measa de bharr chogadh cathartha fada agus uafásach, a lean 16 bliana agus a críochnaigh i 1992. Tá cóngarach do leath an daonra ina chónaí i mbochtaineacht agus tá infhaighteacht gunnaí mar fhadhb mhór trí an réigiún ar fad. Tá Mósaimbí ag athshlánú anois.

- Pléigh conas a théann cogadh i bhfeidhm ar shaoil daoine. Féach isteach ar conas a chuireann sé isteach ar AFM, mar shampla, mar a chuireann scriosadh an bonneagair teorainn le teacht ar riachtanais bhunúsacha mar uisce nó ar áiseanna sláinte agus oideachais.
- Treoraigh an plé chuig athshlánú ón gcogadh. Cad iad na fadhbanna a bhíonn ann tar éis an chogaidh? Mar shampla, tá an freagra ar an epidéim VEID/SEIF níos deacra de bharr an damáiste do bhonneagar na sláinte agus an oideachais.

Is le dea-mhéin Christian Aid, a thug tacaíocht don dtionscnamh, a fuaireamar an grianghraf.

Gníomhaíocht 2

Crann na Beatha



Déan rangú agus ansin déan grúpaí

Tabhair freagra trí an ealaíon

- Taispeáin Grianghraf 1 *Crann na Beatha* ó phaca na ngrianghraf.
- Iarr ar na daltaí scrúdú a dhéanamh air. Tabharfaidh siad faoi ndeara nach grianghraf de chrann ceart é agus labhróidh siad faoi. Lig dóibh a phlé cad na thaobh go bhfuil an crann neamhghnách.
- Ag fágáil an grianghraf ar crochadh, abair leis na daltaí:

tar éis cogadh cathartha fada Mósaimbíc, lean marú agus coir agus díoladh agus d'úsáideadh airm, chomh maith, ins na tíortha comharsana.

Tosaíodh tionscnamh, Ag Aistriú ó Airm go h-Uirlisí, chun an tsíocháin nua a neartú trí dheireadh chur leis na gunnaí seo. Bé an aidhm a bhí leis ná an méid arm agus ab fhéidir a bhailiú agus a scriosadh, agus ag an am gcéanna iad a stopadh ag dul isteach i dtíortha comharsana ar phraghsanna ísle. Tá an tionscnamh tar éis thart ar 600,000 arm a bhailiú i naoi mbliana. Tugann daoine seana gunnaí isteach agus faigheann siad earraí mar innill fhuála, ábhar tógála agus uirlisí ina n-ionad. Gearrtar suas na h-airm ansin agus úsáidtear iad chun obair ealaíne a dhéanamh.

Tá Crann na Beatha mar shaothar-ealaíne ar scála mór agus meánn sé leath tonna agus é déanta ina iomlán as airm a úsáideadh sa chogadh.

- Déan an tionchar a fhéadfadh bheith ag saothar ealaíne dá leithéid a phlé.
- Cuir i gcuimhne dos na daltaí go raibh fadhbanna den sort céanna ag Éirinn (mar i ndiaidh an chogaidh chathartha go luath sa 20ú céad agus, níos déanaí fós, dí-choimisiúnú na n-arm i dTuaisceart na hÉireann.)
- Iarr ar na daltaí meabhrú a dhéanamh air, agus slite difriúla a phlé chun an Crann na Beatha a thógáil a réitíonn gné fhorbartha daonna trí ealaíon nó trí theanga shamhlaíoch. (Ní chaithfidh sé cogadh a léiriú).
- Roinn amach ina ngrúpaí.
- Ba chóir dos na grúpaí socrú ar mheán agus ar ábhair agus crann a thógáil ansin.

Ar Líne



Crann na Beatha

www.pressureworks.org/play/art/treeoflife.html

Le haghaidh tuileadh íomhánna de Chrann na Beatha mar aon le breis eolais a fháil.



Mósaimbíc

www.oxfam.org.uk/coolplanet/kidsweb/world/mozambique/index.htm

Mósaimbíc – taispeánann an stair agus an cúlra an méid a bhí ar an dtír seo cur suas leis le tamall beag anuas.



Aonad 6
Leanaí: Saoránaigh an Domhain



Ceacht 1

Leanaí na Sráide

AFM 1 *Oideachas bunscoile uilíoch a bhaint amach*

Déanann na daltaí anseo fiosrú ar nithe a chuireann isteach ar ghrúpa amháin leanaí díothacha. Bíonn bochtaineacht leithliseach, de ghnáth, ag leanaí sráide in aon tír. Seo fadhb a roinneann Éire le tíortha atá ag forbairt, sa chás go bhfuil na huimhreacha méadaithe trí bhochtaineacht níos measa agus díláithriú de bharr tubaiste agus chogaidh. Ceanglaíonn Teilgean 1 na saincheistanna sin díreach le cearta leanaí.

I 2006 bhí thart ar 2000 duine gan dídean i mBaile Átha Cliath (An Gníomhaireacht do Dhaoine Gan Dídean).

Aidhmeanna Foghlamtha

- Sé a dhéanfaidh na daltaí ná
- 1) fiosrú ar an gcoincheap de baile
 - 2) scrúdú ar ghné fhorbartha, easpa dídine, ó thaobh an linbh de

Curaclam OSSP

Mé féin: ag déanamh breitheanna (ag tuisceint mó chearta féin agus cearta daoine eile)

Béarla

Léamh, Teanga Bhéil: Forbairt mhothúcháinach agus shamhlaoch

Sé a bheidh uait ná

 bileog oibre, leathanach 99

- pictiúir de bhailte cónaithe ar fáil i dtéacs leabhair nó sa leabharlann (tá gníomhaireachta eastáit mar fhoinsé mhaith, chomh maith)

Gníomhaíocht 1

Mo bhaile



Grúpa



Pléigh, liostáil, luacháil

Nuair atáthar ag déanamh na gníomhaíochta seo, ba chóir do mhúinteoirí coinníollacha clainne na ndaltaí aonaracha a choimeád ina n-aighe.

- Taispeáin pictiúir de bhailte difriúla dos na daltaí agus iarr orthu bailte de short eile, seachas gnáth-thithe, a lua.
- Pléigh, ag pointeáil amach nach ionann tigh agus baile. Fiafraigh des na daltaí cad iad na rudaí atá coitianta idir thithe cónaithe.
- Iarr ar na daltaí liosta a dhéanamh amach des na rudaí go léir go mbaineann siad taitneamh astu toisc baile a bheith acu. Ba chóir dóibh smaoineamh, chomh maith, ar cad a chaillfeadh siad mura mbeadh baile acu.
- Sa deireadh bíodh comhrá ranga faoi dhaoine atá ina gcónaí go garbh. Nuair atáthar ag déanamh é seo, smaoinigh ar cé h-é an duine, cad na thaobh agus cá h-áit.

Gníomhaíocht 2

Leanaí sráide ó Dhaka



Grúpa



Déan tallann mhearaithe, léirigh ionbhá leo, pléigh

- Aimsigh an Bhanglaidéis ar léarscáil pholaitiúil. Pointeáil amach Dhaka. Mínigh go bhfuil a lán den naoi milliún duine go bhfuil cónaí orthu i Dhaka an-bhocht. Roinnt des na daoine is boichte is na leanaí sráide iad. Cónaíonn agus oibríonn suas le h-aon mhilliún leanbh sráide i Dhaka ar na sráideanna.
- Iarr ar na daltaí cónaí ar na sráideanna a shamhlú. Cad a dhéanfaidís gach lá, gach oíche? Cé h-é go mbeadh teagmháil acu leo? Conas a bhfaighidís bia? Cad a bheidís ag súil leis? Cad é go mbeadh eagla orthu roimis?
- Roinn na daltaí ina ngrúpaí.



- Iarr orthu tallann mhearaithé a dhéanamh ar na fadhbanna a bheadh rompu agus roghnaigh agus liostáil na deich gcinn is tábhachtaí.
- Tabhair amach an bhileog oibre agus iarr orthu í a léamh agus í a líonadh.
- Sa deireadh, iarr ar na daltaí a ráiteas deiridh ón mbileog oibre a léamh amach. Pléigh cad a fuair na daltaí amach ó bheith ag cur i gcomparáid liosta a bhfadhbanna samhlaíocha féin leo san ag na leanaí sráide féin. Tabhair faoi ndeara nach mbaineann a lán des na fadhbanna is dáiríre a ainmnigh na leanaí sráide le bia agus le dídean agus go mbaineann siad níos mó le cearta leanaí, mar go bhfuil tagairt dóibh i g-Coinbhinsiún ar Chearta an Linbh.

Gníomhaíochtaí Teilgin

OSSP

Coinbhinsiún ar Chearta an Linbh

Tabhair amach cóipeanna de Choinbhinsiún ar Chearta an Linbh ar leathanach 104 agus iarr ar na daltaí (i ngrúpaí) gach fadhb a chur i gcomhréir le ceart linbh. Fág fuilleach ama le haghaidh chainte agus forbartha agus lig dos na daltaí formáid amhairc mealltach a roghnú le haghaidh a smaointí a chur trasna.

Dráma

Leanaí Sráide

Iarr ar na daltaí ceann des na deacrachtaí atá ag na Leanaí Sráide a roghnú agus é a léiriú trí fhráma stadta, mím ghearr nó trí dhráma.

Ar Líne



Easpa Dídine

www.homelessagency.ie

Tugann sé eolas faoi an nGníomhaireacht do Dhaoine Gan Dídean.



Leanaí Sráide

www.globalfootprints.org/world/bangladesh/streetquiz.htm

Déan tráth na gceist ar leanaí sráide Dhaka.

www.oxfam.org.uk/coolplanet/ontheline/french/street/indexenglish.htm

Scéalta leanaí sráide ó Mailí san Afraic.

Ta an bhileog oibre ar an gcéad leathanach eile tógtha ó www.globalfootprints.org agus tá sé mar thoradh ar shuirbhé ag Cinnamul-Shishu Kishore Sangtha (CSKS), Clár Leanaí Sráide i Dhaka, an Bhanglaidéis, chun na fadhbanna is measa atá ós comhair leanaí sráide a fháil amach. Tá CSKS ag obair le leanaí sráide i Dhaka ó 1987.

Bileog Oibre: Aonad 6, Ceacht 1

Leanaí Sráide




Ainm:

Dáta:

Gníomhaíocht 2

An deich bhfadhb is airde in ord a dtábhacht mar a bhí aitheanta ag na Leanaí Sráide i Dhaka, príomh chathair na Banglaidéise i nDeisceart na hÁise.



1. Bheith céasta ag na póilíní
2. Daoine fásta ag déanamh mí-úsáid ortha agus ag sciobadh a gcuid airgid
3. Daoine fásta ag déanamh maslú orthu agus á ngortú go fisiceach
4. Gan aon taitneamh á bhaint as an obair a dhéanann siad ar na sráideanna
5. Gan bheith in ann post a fháil
6. Cailíní gan bheith in ann pósadh nó deacracht acu pósadh
7. Eaglach agus éadóchasach faoin dtodhchaí
8. Gan mórán airgid acu agus ag tuilleamh an-bheagán óna gcuid oibre
9. Gan an cumhacht acu agóid a dhéanamh i gcoinne na drochíde ó dhaoine fásta
10. Gan bheith in ann léamh, scríobh agus matamaitic a fhoghlaim

Cuir liosta na bhfadhbanna a aimsigh tú sular léigh tú an bhileog oibre i gcomparáid leo san atá ag na leanaí sráide.

Breac isteach anseo deich gcinn de fhadhbanna na leanaí sráide nár smaoinigh tú orthu. (Marcáil na cinn a chuireann an t-ionadh is mó ort):

Breac isteach anseo fadhbanna a aithin tú ach ná raibh san áireamh i ndeich gcinn de fhadhbanna ag na Leanaí Sráide:

Scríobh ráiteas amháin faoi cad a fuair tú amach:

Ceacht 2

Domhan Oiriúnach do Leanaí

AFM 8 *Páirtíocht uilíoch a fhorbairt le haghaidh forbairt*

Molann an ceacht seo do leanaí machnamh a dhéanamh ar na fadhbanna atá ós comhair leanaí timpeall an domhain. Treisíonn sé an teachtaireacht, chomh maith, go bhfuil leanaí mar shaoránaigh. Tá tús áite tugtha do chearta leanaí le cúpla bliain anuas, go háirithe trí Choinbhinsiún ar Chearta an Linbh.

Aidhmeanna Foghlamtha

- Sé a dhéanfaidh na daltaí ná
- 1) a dtuiscint a fhorbairt ar an leithcheal gcoinne leanaí
 - 2) freagra a thabhairt mar shaoránaigh

Curaclam OSSP

Mé féin: Ag déanamh breitheanna (ag tuiscint mo chearta féin agus cearta daoine eile)

Béarla

Léitheoireacht, Teanga Bhéil Cumais tuisceana a fhorbairt

Sé a bheidh uait ná



bileog oibre, leathanach 102

- bileoga páipéir A4 le h-aghaidh gach péire/grúpa beag

Gníomhaíocht 1

Leanaí faoi ghátar



Rang



Déan fiosrú gníomhach

- Iarr ar gach tríú dalta seasamh suas. Mínigh don rang, dá mbeadh gach leanbh ar domhan bailithe le céile, gurab é sin an codán go raibh ocras rialta orthu roimh aois a cúig. Mínigh nach bhfuil in ocras ach fadhb amháin atá ós comhair leanaí an domhain.
- Lean an gnáthamh céanna le haghaidh gach ceathrú dalta. Mínigh nach bhfuil ach leanbh amháin as gach ceathrar imdhíonta i gcoinne galar tromchúiseach.
- Lean an gnáthamh céanna do gach cúigiú dalta. Seo an méid leanaí nach bhfuil ag freastal ar scoil.
- Tabhair an t-eolas seo a leanas dos na leanaí:

Bhí ócáid an-thábhachtach do leanaí an domhain ar siúl i 2002 nuair a bhí seisiún ar siúl ag na

Náisiúin Aontaithe go speisialta do leanaí don gcéad uair riamh. D'éisteadh le guthanna na leanaí don gcéad uair riamh. Bunaíodh na Náisiúin Aontaithe i 1945 tar eis an dara Cogadh Domhanda chun síocháin domhanda a choimeád agus chun déileáil le fadhbanna uilíocha agus tá sí mar an eagraíocht is tábhachtaí ar domhan le h-aghaidh náisiún an domhain, le h-Éirinn san áireamh. Déileáladh le leanaí timpeall an domhain ins an gcéad seisiún i Nua Eabhrach, nuair a éist gach Ceannaire Rialtais leo.

- Léigh amach focail tosaigh Rúnaí Ghinearálta na Náisiún Aontaithe, Kofi Annan leis na leanaí:

Táimid, na daoine fásta, tar éis teip oraibh go náireach. Tá duine amháin as gach triúr agaibh tar éis a bheith ocrach sular shroich sibh cúig bliana d'aois. Níl duine amháin as gach ceathrar agaibh tar éis imdhíonadh i gcoinne aon ghalair a fháil. Níl nach mór duine as gach cúigear agaibh ag freastal ar scoil... Caithfidh, na daoine fásta, liosta na dteipeanna seo a chasadh timpeall.

- Téigh siar go dtí an ceacht tosaigh agus tabhair am chun plé a dhéanamh ar cé tá freagrach as.



Gníomhaíocht 2

Cumhacht na Leanaí



Phéirí/Grúpa Beag



Leigh, pléigh, aimsigh na gnéithe is mó i gceist

- Déan an rang a roinnt ina phéirí/grúpaí beaga.
- Tabhair amach an bhileog oibre agus tabhair am dos na daltaí an cheist a léamh, a phlé agus a fhreagairt.
- Tabhair seans dos na daltaí an cheart a aontaíodar air i gceacht 3 den mbileog oibre a thaispeáint agus a mhíniú cad na thaobh gur roghnaíodar é.

Gníomhaíochtaí Teilgin

Ealaíon Amhairc Guthanna na leanaí

- Iarr ar na daltaí, agus iad ag obair i ngrúpaí, montáiste le léaráidí a dhéanamh de ráitis na leanaí.

Tionscnamh

Béarla

Déan leabhar de Fhadhbanna na leanaí

Cuir le céile leabhar de fhadhbanna na leanaí thar thréimhsí ama ó fhoinsí na meán cumarsáide.

Ar Líne



Cearta na leanaí

www.childrensrights.ie/didyouknow.php

Suíomh idirlín Comhghuaillíochta Cearta Leanaí na hÉireann.

www.dailnanog.ie/

Tá de cheart ag gach duine óg in Éirinn ionadaíocht a bheith ann dó ag Comhairle na nÓg Chontae, nó Cathrach, agus ar bhonn náisiúnta i nDáil na nÓg.

Bileog Oibre: Aonad 6, Ceacht 2


Domhan sásúil do Leanaí



Ainm:

Dáta:

Dhein leanaí ráiteas darbh ainm “Domhan atá sásúil Dúinn” do Sheisiún Speisialta na Náisiún Aontaithe ar Leanaí i 2002, ócáid tábhachtach ag aithint saoránacht na leanaí. “Seo roinnt des na rudaí a dúradar:



Nuair atá tú sásta gur léigh tú ráitis na leanaí go cúramach déan na ceachtanna seo le do pháirtí/pháirtithe:

1. Cad na thaobh gur glaoigh na leanaí Domhan atá in Oiriúint Dúinn ar a ráiteas?
2. Dúirt Kofi Annan, Ceannaire na Náisiún Aontaithe, go bhfuil daoine fásta tar eis leanaí a ligeadh síos. Tabhair ceithre cinn de shamplaí ina bhféadfadh sin a bheith amhlaidh:

A.

B.

C.

D.

3. Dúirt na leanaí:

Tabharfaimid gealltanais, nuair is daoine fásta sinn, go gcosnóimid cearta leanaí leis an bpaisean céanna atá againn anois mar leanaí.

- Roghnaigh ceart leanbh atá tábhachtach.
- Scríobh ar bhileog páipéar an teideal “Domhan atá in Oiriúint do Leanaí” agus faoi sin an ceart a roghnaigh tú.
- Déan an chuid eile den leathanach a roinnt agus scríobh dhá cheannteideal: “Anois” agus “Nuair atáim fásta suas”.
- Déan Liosta de shlite go bhféadfá an ceart sin a chosaint faoin dá cheannteideal.
- Déan an bhileog tarraingteach le haghaidh chúiseanna taispeántais.

Ceacht 3

Dáta Deiridh: 2015

Cabhraíonn an ghníomhaíocht deiridh seo le daltaí díriú ar an smaoineamh go bhfuilid mar mhaoir an domhain a bheidh ag dul in aois nuair atá AFM le bheith bainte amach sa bhliain 2015.

Aidhmeanna Foghlamtha

Sé a dhéanfaidh na leanaí ná

- 1) athbhreithniú a dhéanamh ar cad a fhoghlaimíodar faoi fhorbairt
- 2) ag baint úsáid as an tsamhlaíocht, teilgeann siad a n-ard-mhian do dhomhan níos fearr

Curaclam

Béarla

- a) *Teanga Bhéil: Ag forbairt chumais tuisceana*
- b) *Writing: Emotional and imaginative development*

Sé a bheidh uait ná

- póstaer AFM
- earraí ealaíne

Gníomhaíocht 1

Déan athbhreithniú ar AFM



Rang



Pléigh

Déan athbhreithniú tapaigh ar cad tá foghlamtha ag na daltaí faoi AFM agus cad é an rud é go bhfuil siad ag súil leis.

Gníomhaíocht 2

2015 agus AFM



Duine aonarach nó grúpa beag



Smaoinigh go samhlaíoch

Cuir i gcuimhne dos na daltaí gur 2015 an sprioc dáta do AFM. Ba chóir iarradh ar na daltaí suaimehneas a ghlacadh agus a shamhlú bheith ag dúiseacht sa bhliain 2015. Fiafraigh dóibh cad é an aois a bheidh siad. Tóg iad go mall trí na céimeanna dul i dtaithí

ar an domhan, ag baint úsáid as na noda seo a leanas:

Ag mothú an Domhain

Conas mar a mhothaíonn sé ag dúiseacht? Ca bhfuil tú? Bhfuil sé grianmhar nó scamallach, te nó fuar? Cad a cloiseann tú, cad a fheiceann tú, cad a bholaíonn tú? Conas mar a mhothaíonn tú? Cad é an rud é go bhfuil tú ag súil leis?

Cad é an rud é atá difriúil?

Tá tú níos airde. Tá do chosa agus do lámha níos mó. Cad eile atá difriúil? Cad a tharlóidh nuair a dhúisíonn tú – smaoinigh ar theicneolaíochtaí, éadaí nua? Cad tá difriúil i do sheomra, i do thigh, ar an dteilifís, amuigh ar an tsráid? Cad tá ar an nuacht? Conas a thaistealóidh tú go dtí an scoil nó go dtí an obair? Conas a chaithfidh tú an lá? Cad a bheidh tú sásta mar gheall air. Cad a chuirfidh buairt ort?

Nuair atá na daltaí tar éis iad féin a shamhlú sa todhchaí, is féidir leo a gcinneadh a mhíniú faoi conas a bheidh a ndóchais den lá inniu dóibh féin, dá gclanna, dá pobail agus don domhan forbartha ann. D'fhéadfadh na daltaí a roghnú é scríobh, ceol a chumadh nó íomhá amhairc dá bhfís don dtodhchaí a dhéanamh. B'fhéidir go mbeadh roinnt daltaí níos sásta bheith ag obair i ngrúpaí beaga ag an gcéim seo.

Coinbhinsiún ar Chearta an Linbh

Leagan simplí tógtha ó 'Lift Off', foinse le haghaidh bunscoileanna, Amnesty International, Éire, 2004

Táid seo a leanas ag gach leanbh:

- ceart na beatha;
- ceart do ainm agus do náisiúntacht;
- ceart a bheith lena dtuismitheoirí nó leo san a thabharfaidh an t-aire is fearr dóibh;
- ceart guth a bheith acu faoi rudaí a bhaineann leo;
- ceart tuairimí a bheith acu agus a rá cad a cheapann siad;
- ceart a gcreideamh a chleachtadh;
- ceart bualadh le leanaí eile;
- ceart eolas atá uatha a fháil;
- ceart do chúram speisialta, oideachas agus traenáil, más gá leis;
- ceart do chúram sláinte;
- ceart do go leor bia agus do uisce glan;
- ceart do shaor-oideachais;
- ceart súgradh;
- ceart a dteanga féin a labhairt;
- ceart foghlaim faoi agus taitneamh a bhaint as a gcultúr féin;
- ceart gan bheith úsáidte mar shaor-shaothair;
- ceart gan bheith gortaithe nó gan faillí bheith déanta orthu;
- ceart gan bheith úsáidte mar shaighdiúir i gcogadh;
- ceart a bheith cosanta ó chontúirt;
- ceart fios a bheith acu faoina gchearta agus faoina ndualgais.

www.irishaid.gov.ie

design: www.reddog.ie



Irish Aid

Department of Foreign Affairs
An Roinn Gnóthaí Eachtracha

Bishop's Square
Redmond's Hill
Dublin 2

Cearnóg an Easpaig
Cnoc Réamoinn
Átha Cliath 2

t +353 (1) 408 2000 r irishaid@dfa.ie g www.irishaid.gov.ie